



---

*Suí iomlánach*

---

**A9-0317/2021**

08.11.2021

## TUARASCÁIL

ar straitéis chógaisíochta don Eoraip  
(2021/2013(INI))

An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Rapóirtéir: Dolors Montserrat

Rapóirtéir don tuairim (\*):

Marc Botenga, an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

(\*) Coistí comhlachaithe – Rial 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## ÁBHAR

### Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....	3
MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN .....	35
TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH.....	39
TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ DLÍTHIÚLA.....	54
FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....	64
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH SA CHOISTE FREAGRACH .....	65

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

### ar straitéis chógaisíochta don Eoraip (2021/2013(INI))

*Tá Parlaimint na hEorpa*

- ag féachaint d’Airteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),
- ag féachaint d’Airteagail 101 agus 102 de CFAE lena leagtar síos rialacha iomaíochta,
- ag féachaint d’Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus d’Airteagal 35 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh maidir leis an gceart chun cúraim sláinte choiscthig atá ag saoránaigh uile na hEorpa,
- ag féachaint do rún ó Parlaimint na hEorpa an 2 Márta 2017 maidir leis na roghanna atá ag AE ó thaobh rochtain ar tháirgí íocshláinte a fheabhsú<sup>1</sup>,
- ag féachaint do rún uaithi an 13 Meán Fómhair 2018 maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Eorpach ‘Aon Sláinte Amháin’ i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha<sup>2</sup>,
- ag féachaint do rún uaithi an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip<sup>3</sup>,
- ag féachaint do rún uaithi an 10 Iúil 2020 maidir le straitéis sláinte poiblí an Aontais don ré i ndiaidh COVID-19<sup>4</sup>, ina n-iarrtar go mbeadh plean gníomhaíochta ag AE maidir le galair neamhchoitianta agus galair a bhfuil siléig déanta iontu,
- ag féachaint do rún uaithi an 17 Meán Fómhair 2020 maidir leis an nganntanas táirgí íocshláinte – conas déileáil le fadhb atá ag teacht chun cinn<sup>5</sup>,
- ag féachaint do rún uaithi an 17 Meán Fómhair 2020 maidir le cur chuige straitéiseach i leith cógais sa chomhshaol<sup>6</sup>,
- ag féachaint do Dhearbhú Doha maidir leis an gComhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil agus an tSláinte Phoiblí (Comhaontú TRIPS) agus do chinneadh ó Chomhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) an 30 Lúnasa 2003 maidir le Mír 6 de Dhearbhú Doha a chur chun feidhme,
- ag féachaint do rún an 72ú Comhthionól Domhanda Sláinte a glacadh i mí na Bealtaine 2019 maidir le feabhas a chur ar thrédhearcacht na margaí le haghaidh cógas, vacsaíní

<sup>1</sup> IO C 263, 25.7.2018, lch. 4.

<sup>2</sup> IO C 433, 23.12.2019, lch. 153.

<sup>3</sup> IO C 270, 7.7.2021, lch. 2.

<sup>4</sup> Téacsanna arna nglacadh, P9\_TA(2020)0205.

<sup>5</sup> Téacsanna arna nglacadh, P9\_TA(2020)0228.

<sup>6</sup> Téacsanna arna nglacadh, P9\_TA(2020)0226.

agus táirgí sláinte eile,

- ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1999 maidir le táirgí íocshláinte dílleachtacha<sup>7</sup>,
- ag féachaint do Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine<sup>8</sup>,
- ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach<sup>9</sup>,
- ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le táirgí íocshláinte le haghaidh úsáid phéidiatraiceach<sup>10</sup>,
- ag féachaint do Threoir 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch<sup>11</sup>,
- ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le trialacha cliniúla ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/20/CE<sup>12</sup>,
- ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/933 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 469/2009 maidir leis an deimhniú forlíontach cosanta le haghaidh táirgí íocshláinte<sup>13</sup>,
- ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ('Clár EU4Health') don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014<sup>14</sup>,
- ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh<sup>15</sup>,
- ag féachaint do theachtairacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640),
- ag féachaint do theachtairacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2020 dar teideal *A New*

---

<sup>7</sup> IO L 18, 22.1.2000, lch. 1.

<sup>8</sup> IO L 311, 28.11.2001, lch. 67.

<sup>9</sup> IO L 136, 30.4.2004, lch. 1.

<sup>10</sup> IO L 378, 27.12.2006, lch. 1.

<sup>11</sup> IO L 276, 20.10.2010, lch. 33.

<sup>12</sup> IO L 158, 27.5.2014, lch. 1.

<sup>13</sup> IO L 153, 11.6.2019, lch. 1.

<sup>14</sup> IO L 107, 26.3.2021, lch. 1.

<sup>15</sup> IO L 170, 12.5.2021, lch. 1.

*Industrial Strategy for Europe* [Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip]  
(COM(2020)0102),

- ag féachaint do theachtairacht ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 dar teideal *Building a European Health Union: Reinforcing the EU's resilience for cross-border health threats* [Aontas Sláinte de chuid na hEorpa a chur ar bun: Athléimneacht an Aontais a threisiú i leith bagairtí sláinte trasteorann] (COM(2020)0724) agus do na tograí reachtacha a ghabhann leis<sup>16</sup>,
- ag féachaint do theachtairacht ón gCoimisiún an 25 Samhain 2020 maidir le Straitéis Chógaisíochta don Eoraip (COM(2020)0761),
- ag féachaint do theachtairacht ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2020 maidir le Straitéis AE le haghaidh vacsaíní COVID-19 (COM(2020)0245),
- ag féachaint do theachtairacht ón gCoimisiún an 3 Feabhra 2021 maidir le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa (COM(2021)0044),
- ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin um an gClár Oibre Straitéiseach maidir le Feidhmeanna Leighis, Tionsclaíochta agus Taighde na Teicneolaíochta Núicléiche agus Radaíochta (SAMIRA) an 5 Feabhra 2021 chun tacú le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa,
- ag féachaint do theachtairacht ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2021 dar teideal *Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery* [Straitéis nua tionsclaíochta 2020 a nuashonrú: Margadh Aonair níos láidre a thógáil ar mhaithe le téarnamh na hEorpa] (COM(2021)0350),
- ag féachaint do theachtairacht ón gCoimisiún an 15 Meitheamh 2021 maidir leis na ceachtanna luatha ó phaindeim COVID-19 a fhoghlaim (COM(2021)0380),
- ag féachaint do theachtairacht ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2021 lena dtugtar HERA isteach, an tÚdarás Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte, an chéad chéim eile chun Aontas Sláinte na hEorpa a thabhairt chun críche (COM(2021)0576),
- ag féachaint don togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Eanáir 2018 maidir le measúnú ar theicneolaíochtaí sláinte (COM(2018)0051) agus d'obair Ghníomhaíochtaí Comhphárteacha EUnetHTA,
- ag féachaint don mheastóireacht chomhphárteach ar Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le táirgí íocshláinte le haghaidh úsáid phéidiatraiceach agus Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 ó

---

<sup>16</sup> Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Samhain 2020 maidir le ról treisithe don Ghníomhaireacht Leighiasra Eorpach in ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis (COM(2020)0725); togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Samhain 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (COM(2020)0726); togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte, lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE (COM(2020)0727).

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1999 maidir le táirgí íocshláinte dílleachtacha (SWD(2020)0163),

- ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 1 Nollaig 2014 maidir leis an nuálaíocht chun leas na n-othar,
  - ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 17 Meitheamh 2016 maidir leis an gcothromaíocht a fheabhsú sna córais chógaisíochta san Aontas agus ina chuid Ballstát,
  - ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 18 Nollaig 2020 maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó COVID-19 i gcúrsaí sláinte<sup>17</sup>,
  - ag féachaint do Rial 54 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh agus ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0317/2021),
- A. de bhrí go bhfuil an tsláinte ríthábhachtach do dhea-bhail mhuintir na hEorpa agus gur bunchloch de chuid bheartais náisiúnta sláinte AE agus na mBallstát í an rochtain chothrom ar chúram sláinte; de bhrí go n-aithnítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh an ceart bunúsach atá ag na saoránaigh chun sláinte, chun ardcháilíochta beatha agus chun córa leighis; de bhrí go bhfuil na córais sláinte poiblí ríthábhachtach chun rochtain chothrom ar chúram sláinte agus ar chógais shábháilte, éifeachtacha agus inacmhainne a ráthú; de bhrí go bhfuil sé ar cheann de phríomhchuspóirí AE agus na hEagraíochta Domhanda Sláinte, agus mar chuid de Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 3, go n-áirítear go bhfuil rochtain ag othair ar chógais;
- B. de bhrí go suitear le ceann amháin den 20 prionsabal i gColún Eorpach na gCearta Sóisialta, a threisiú le Dearbhú Porto, go bhfuil an ceart ag gach duine rochtain thráthúil a fháil ar chúram sláinte inacmhainne coisctheach agus íceach atá ar ardcháilíocht;
- C. de bhrí gur cheart do na hothair a bheith i gcroílár gach beartais sláinte agus gur cheart rannpháirt a thabhairt dóibh feadh na conaire rialála le haghaidh cógas; de bhrí go bhfuil neamhionannais rochtana ann idir na Ballstáit agus laistigh díobh agus gur cheart aird ar leith a thabhairt ar dhaoine atá i gcásanna leochaileacha agus a bhfuil rioscaí sonracha sláinte acu, lena n-áirítear mná, agus béim ar leith á leagan ar mhná torracha, ar leanaí, ar dhaoine scothaosta, ar dhaoine atá faoi mhíchumas, ar othair a bhfuil galair ainsealacha agus comhghalrachaí orthu, ar othair atá in aonaid dianchúraim agus ar dhaoine atá ag tógáil cógas ar bhonn fadtéarmach;
- D. de bhrí go bhfuil srianta buiséadacha agus inacmhainneachta agus bagairtí tromchúiseacha ar inbhuanaitheacht chórais sláinte na hEorpa mar gheall ar ualach na ngalar ainsealach atá ag dul i méid agus riachtanais sláinte an daonra atá ag dul in aois,

---

<sup>17</sup> IO C 450, 28.12.2020, lch. 1.

in éineacht leis an gcostas ard nó an méadú ar an gcostas a bhaineann le táirgí íocshláinte agus méadú ar an gcostas a bhaineann le cúram a sholáthar atá le seasamh ag an tsochaí; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach go nglacfaí samhlacha comhtháite cúraim le haghaidh galair ainsealacha agus galair fhadtéarmacha eile, a mbeadh cur chuige ildisciplíneach agus duineláraithe i leith cúram sláinte mar bhonn fúthu, chun seirbhísí sláinte ar ardcháilíocht a chur ar fáil;

- E. de bhrí gur fearr is féidir le tionscal cógaisíochta san Eoraip atá iomaíoch, iontaofa, nuálach agus a bhfuil teacht aniar ann freastal ar riachtanais na n-othar agus ar na leasanna straitéiseacha ó thaobh na sláinte poiblí, an fháis eacnamaíoch, na fostaíochta, na trádála, agus an dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch de;
- F. de bhrí gur cheart fáilte a chur roimh straitéis chógaisíochta nua na hEorpa agus breathnú uirthi mar dheis nua;
- G. de bhrí go ndearna táirgeoirí cógas AE ranníocaíocht mhór leis an infheistíocht taighde in 2019, arb ionann í agus os cionn EUR 37 mbilliún; de bhrí go gcuireann an earnáil 800 000 post díreach agus barrachas trádála EUR 109.4 billiún ar fáil; de bhrí go gcruthaíonn an earnáil thart ar a thrí oiread níos mó post go hindíreach – poist réamhtheachtacha agus iartheachacha – ná mar a chruthaíonn sí go díreach; á chur in iúl gurb oth léi nach bhfuil aon sonraí comhiomlánaithe ann maidir le méid foriomlán an mhaoinithe phoiblí d’earnáil na cógaisíochta in AE;
- H. de bhrí go bhfuil difríochtaí ann idir na córais cúraim sláinte, an rialáil náisiúnta, cur chun feidhme reachtaíocht AE, an phraghsáil agus na próisis údaraithe sna Ballstáit éagsúla; de bhrí go bhfuil na difríochtaí sin ann de bharr inniúlachtaí na mBallstát i réimse na sláinte; de bhrí go bhféadfadh ilroinnt agus cúinsí dothuartha a theacht as na difríochtaí sin do ghníomhaithe in earnáil na cógaisíochta atá ag feidhmiú lasmuigh dá dtír féin; de bhrí go bhfuil sé tábhachtach a aithint go bhfuil gá le comhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit chun cláir oibre uailmhianacha cur chun feidhme a leagan amach lena ngabhfaidh amlínte soiléire agus an maoiniú fadtéarmach is gá chun gníomhaíochtaí nithiúla a thagann as an straitéis chógaisíochta don Eoraip a chur chun feidhme;
- I. de bhrí go bhfuil líon na dtáirgí cógaisíochta san iomlán atá á n-úsáid ag dul i méid ar fud an domhain agus in AE; de bhrí go bhfuil roinnt táirgí cógaisíochta fós á n-ordú, á ndáileadh, á ndíol nó á n-úsáid go míchuí; de bhrí go gciallaíonn an mhí-úsáid sin a bhaintear as táirgí cógaisíochta go gcuirtear acmhainní luachmhara amú agus go bhféadfaí dochar a dhéanamh do shláinte daoine agus don chomhshaol;
- J. de bhrí gurb as tíortha atá lasmuigh de AE a thagann 40 % de na táirgí íocshláinte deiridh a chuirtear ar an margadh san Aontas, agus go dtáirgtear idir 60 % agus 80 % de chomhábhair ghníomhacha chógaisíochta sa tSín agus san India; de bhrí go n-imríonn dí-chomhchruinniú cuid de tháirgeadh na gcomhábhar riachtanach le haghaidh cógas, vacsaíní agus feistí leighis tionchar díreach ar an gcóireáil iarchúraim a chuirtear ar othair;
- K. de bhrí gur chun costais táirgthe a laghdú de ghnáth a aistrítear an táirgeadh chuig tríú tíortha; de bhrí go dtagann an laghdú costais sin, den chuid is mó, as caighdeán níos scaoilte maidir leis an gcomhshaol, an tsábháilteacht agus dlí an tsaothair;

- L. de bhrí go n-aithnítear sa straitéis an ról lárnach atá ag cógais chineálacha agus bhithshamhlacha chun go gcuirfead go mór le rochtain chothrom na n-othar ar na córais cúraim sláinte agus ar mhaithe le hinbhuanaitheacht na gcóras sin agus nár cheart moill a chur ar theacht isteach na gcógas sin sa mhargadh tar éis do cheart eisiach cógais dul in éag;
- M. de bhrí go gcuireann cógais bhithshamhlacha deiseanna eile ar fáil seachas rochtain ar chógas, amhail comhroinnt tairbhí ar fud an chórais cúraim sláinte, agus, ar an gcaoi sin, go gcuirtear cúram sláinte agus seirbhísí níos fearr ar fáil d’othair;
- N. de bhrí nach gcuireann cuid mhór nuálaíochtaí i dtionscal na cógaisíochta feabhsuithe ceannródaíochta ar fáil d’othair i ndáiríre, ach gur táirgí cógaisíochta ‘me too’ iad, mar a thugtar orthu, nach mbíonn iontu ach substaint eile a úsáidtear chun na gcríoch teiripeach céanna ach nach mbíonn mórthairbhe ag baint leo, nó nach gcuireann ach feabhsuithe beaga ar fáil ar chostas i bhfad níos airde; de bhrí go rachadh sé chun tairbhe d’othair dá dtabharfaí spreagadh níos fearr, faoi chuimsiú thionscal na cógaisíochta san Eoraip, d’fhíor-nuálaíochtaí ceannródaíochta;
- O. de bhrí go bhfuil fianaise láidir ann go mbíonn táirgí cógaisíochta á sceitheadh sa chomhshaol, go háirithe san ithir agus san uisce; de bhrí gur féidir drochthionchar a bheith acu ar ainmhithe fiáine amhail éisc, éin agus feithidí agus, mar thoradh air sin, go bhféadfadh tionchar níos leithne a bheith acu ar sheasmhacht na n-éiceachóras aonair; de bhrí go bhfaightear na cógais sin in uisce óil freisin ag tiúchan níos ísle; de bhrí nach mór don Chomhaontú Glas don Eoraip forbairt tionscail cógaisíochta atá bríomhar, dinimiciúil, inbhuanaithe agus ghlan a spreagadh in AE;
- P. de bhrí go bhfuil gá le gníomhaíocht feadh shaolré na gcógas chun úsáid acmhainní, astaíochtaí agus leibhéal na dramhaíola agus an iarmhair cógaisíochta sa chomhshaol a laghdú;
- Q. de bhrí go raibh tionchar ag COVID-19 ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach daoine agus ar an ngeilleagar; de bhrí gur tharraing sí aird ar láidreachtaí agus laigí AE araon; de bhrí, chun an teacht aniar atá sna córais náisiúnta sláinte i leith bagairtí trasteorann a neartú, go bhfuil gá le tuilleadh lánpháirtíochta san Eoraip agus gur gá sonraí eipidéimeolaíochta agus sláinte a chomhroinnt ar bhealach níos fearr ar leibhéal AE; de bhrí gur cheart d’Aontas Sláinte na hEorpa rannchuidiú le comhar, comhordú agus comhroinnt eolais níos dlúithe i gcúrsaí sláinte i measc na mBallstát agus i measc geallsealbhóirí ábhartha agus an méid sin a chothú agus cur le cumas AE bagairtí sláinte trasteorann a chomhrac;
- R. de bhrí go bhfuil sé léirithe ag an mbriseadh sa slabhra soláthair domhanda de dheasca phaindéim COVID-19 a spleáiche atá an tAontas ar thriú tíortha san earnáil sláinte; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach tuiscint a fháil ar bhunchúiseanna na nganntanas cógas chun freagairt Eorpach iomchuí a thabhairt orthu agus chun dul i ngleic leis an dúshlán sin atá ann le fada; de bhrí gur cheart neamhspleáchas straitéiseach oscailte AE agus slándáil an tsoláthair san Aontas a áirithiú trí na slabhraí soláthair le haghaidh cógais agus táirgí íocshláinte riachtanacha a éagsúlú, lena n-áirítear láithreáin mhonaraíochta san Eoraip, agus trí na rialacha maidir le soláthar poiblí nach é an praghas an t-aon chritéar amháin iontu a chur i bhfeidhm;



- S. de bhrí, le linn phaindéim COVID-19, gur bhain gníomhaíochtaí neamhchomhordaithe ar an leibhéal náisiúnta, amhail an cruinniú bia agus an stoc-charnadh a bhí thar fóir, an bonn den soláthar cothrom sna margaí ar fad; de bhrí gur cheart ceachtanna a fhoghlaim ón méid sin ionas nach dtarlóidh sé arís in aon ghéarchéim a bheidh ann amach anseo;
- T. de bhrí gur léirigh géarchéim COVID-19 an teacht aniar atá i dtionscal agus monaróirí cógaisíochta na hEorpa agus go raibh pleananna teagmhasacha i bhfeidhm acu chun an cur isteach ar tháirgí criticiúla a theorannú; de bhrí gurbh amhlaidh sin freisin a bhí leis an idirphlé déthaobhach agus an chumarsáid dhá threo a bunaíodh mar aon leis an éileamh infheicthe agus an dlúthchomhar idir na rialtais nó rialtóirí agus na gníomhaithe, nós ar cheart é a choinneáil agus leanúint leis ar bhonn rialta;
- U. de bhrí, chun go mbeidh an straitéis chógaisíochta go hiomlán éifeachtach, nach mór na ceachtanna a foghlaimíodh ó ghéarchéim COVID-19 a chur san áireamh inti agus aird a thabhairt inti ar an teacht aniar atá léirithe ag tionscal na gcógas iarphaitinne le linn ráig COVID-19, chun cur leis an acmhainn mhonaraíochta atá ag an Eoraip cheana;
- V. de bhrí gur tharraing an phaindéim aird ar roinnt fadhbanna a bhí ann cheana maidir le táirgeadh agus soláthar cógas ar fud an domhain, amhail acmhainn theoranta na dtíortha is lú forbairt agus na dtíortha meánioncaim vacsaíní a tháirgeadh, an ganntanas cógas riachtanach agus slabhra soláthair atá ag feidhmiú go míchothrom; de bhrí go bhfuil sé cruthaithe go bhfuil ag éirí le straitéis vacsaíní AE vacsaíní a chur ar fáil do gach saoránach in AE; de bhrí go bhfuil AE ar thús cadhnaíochta ó thaobh vacsaíní a chur ar fáil ar fud an domhain trí leanúint de bheith ag onnmhairiú vacsaíní agus trí COVAX a chur ar bun agus a mhaoiniú; á chur i bhfáth gur gá níos mó a dhéanamh chun na tíortha ísealioncaim agus meánioncaim a vacsaíniú go hiomlán;
- W. de bhrí go bhfuil sé cruthaithe ag tionscadail nuálacha taighde agus forbartha ar nós VACCELERATE le linn na paindéime gur maith ann iad agus gur cheart leanúint leo san fhadtéarma;
- X. de bhrí gur féidir le teiripí géine agus cille, leigheas pearsantaithe, an nanaitheicneolaíocht, vacsaíní den chéad ghlúin eile, an ríomhshláinte agus an tionscnamh ‘1+ Million Genomes’ maitheas a dhéanamh i dtaca le cosc, diagnóisiú agus cóireáil gach galair, mar aon leis an gcúram a dhéantar de na hothair a bhfuil na galair sin orthu, ar choinníoll go bhfuil siad éifeachtach, sábháilte, ar phraghas réasúnta agus go bhfuil rochtain orthu ag gach othar a bhfuil siad ag teastáil uathu;
- Y. de bhrí, de mheon an chur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’, go gcumhdaíonn an straitéis chógaisíochta saolré iomlán na gcógas agus na bhfeistí leighis, lena n-áirítear bailiú agus táirgeadh an ábhair tosaigh, taighde, tástáil, monarú, údarú, faireachas cógas roimh dóibh agus i ndiaidh dóibh teacht ar an margadh, caitheamh agus diúscairt cógas, agus go rannchuidíonn sí le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa, an chlaochlaithe dhigitigh, an gheilleagair chiorclaigh agus na straitéise tionsclaíche, agus le haeráidneodracht a bhaint amach;
- Z. de bhrí, chun príomhról an Aontais i bhforbairt táirgí cógaisíochta a dhaingniú, go gcaithfidh an straitéis a bheith dírithe ar acmhainneacht nuálach an taighde cógaisíochta san Eoraip a neartú, ar fhreastal ar riachtanais na n-othar agus ar an nasc le straitéis thionsclaíoch AE, le straitéis na bhfontar beag agus meánmhéide (FBManna) agus leis

an Spás Eorpach Sonraí Sláinte a aithint agus a threisiú;

***Othair a chur i gcoilár na mbeartas sláinte go léir***

1. á mheabhrú gur ceart de chuid an duine é cúram sláinte a chumhdaítear i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine; á chur in iúl gurb oth léi na difríochtaí atá sa rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte ar ardcháilíocht, lena n-áirítear an rochtain ar tháirgí íocshláinte, idir na Ballstáit agus idir réigiúin éagsúla laistigh de na Ballstáit freisin; á iarraidh go ndéanfaí bearta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal AE, lena n-áirítear bearta reachtacha i gcás inarb iomchuí, chun aghaidh a thabhairt ar na difríochtaí sin agus chun an ceart atá ag othair chun rochtana uilíche, inacmhainne, éifeachtaí, sábháilte agus tráthúla ar chógais riachtanacha agus nuálacha a ráthú;
2. á chur i bhfios, ós rud é gurb é an tAontas atá freagrach as an reachtaíocht i réimse na cógaisíochta agus as na beartais i réimse na sláinte poiblí a chomhlánú, gur cheart dó féachaint leis na bearta náisiúnta a chomhordú chun rochtain ar sheirbhísí sláinte inacmhainne agus ardcháilíochta a ráthú do shaoránaigh agus cónaitheoirí uile an Aontais;
3. á chur i bhfáth gur géarghá don Aontas, ar bhonn geostraitéiseach, a chuid neamhspleáchais a fháil ar ais maidir le cúram sláinte, agus go bhfuil slabhra soláthair éagsúlaithe ag teastáil uaidh chun a sholáthar cógas, trealaimh leighis, feistí leighis, substaintí gníomhacha, uirlisí diagnóiseacha agus vacsaíní a chinntiú ar bhealach tapa, inacmhainne agus éifeachtúil agus chun aon ghanntanas ina leith a chosc, rud a thabharfadh tús áite do leas agus sábháilteacht na n-othar dá réir sin;
4. á chur i bhfios go láidir go bhfuil dúshlán ann nach bhfacthas a leithéid riamh cheana roimh na córais sláinte agus a n-inbhuanaitheacht de dheasca COVID-19, ach go raibh tionchar mór ag an víreas ar othair freisin, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil galair ainsealacha orthu, agus ar a gcumas rochtain a fháil ar chóireáil agus ar chúram; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar thionchar iomlán na paindéime ar othair agus ar theacht aniar na gcóras cúraim sláinte agus aghaidh a thabhairt orthu sin agus oibriú i gcomhar le chéile chun a áirithiú nach bhféadfar aon othar ar lár agus go leanfar le cúram fiú le linn cásanna éigeandála;
5. á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh sé mar aidhm leis an infheistíocht phoiblí sa taighde an tsláinte phoiblí a neartú agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu, go háirithe iad siúd i réimsí nach gcumhdaíonn an earnáil phríobháideach, agus gur cheart í a shainiú le rannpháirtíocht rialtóirí, an lucht acadúil, gairmithe cúraim sláinte, othar agus íocóirí ag luathchéimeanna an taighde agus na forbartha, chun a áirithiú go mbeidh na tosaíochtaí taighde ag teacht le riachtanais na sochaí; á chur in iúl go bhfuil sé riachtanach go ndéanfaí rannpháirtíocht fhiúntach na n-othar agus idirphlé fóna leo a dhaingniú feadh shaolré iomlán na gcógas agus na dteiripí eile chun nuálaíocht ardluacha agus rath na straitéise cógaisíochta ar an iomlán a bhaint amach, agus nach mór dul i gcomhairle go leormhaith le hionadaithe na dtomhaltóirí agus na n-othar chuige sin freisin i rith chur chun feidhme na straitéise;
6. á iarraidh ar an gCoimisiún tús a chur leis an bpróiseas le haghaidh riachtanais leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu a shainiú, faoi chomhordú na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA), chun sainmhíniú a mbeadh glacadh coitianta leis a leagan

síos a chabhródh leis na riachtanais taighde a chur in oiriúint ar bhealach níos fearr agus a chuirfeadh cosc le sainmhínithe éagsúla a bheith á dtabhairt ar riachtanais leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu, rud is cúis le costas i bhfad ró-ard a bheith ar chógais agus iad á gcur ar an margadh le linn na luathchéime;

7. á iarraidh ar an gCoimisiún na straitéisí cógaisíochta, tionsclaíocha agus digiteacha, beartas trádála athnuaite an Aontais agus beartais ábhartha eile a threisiú agus a chomhordú chun iomaíochas na hEorpa a chur chun cinn agus chun a áirithiú go mbeidh an tAontas in ann dul in iomaíocht le réigiúin a thugann a dhúshlán;
8. á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a dhéanamh sa diagnóisic nuálach agus í a fhorbairt, agus go mbeadh rochtain ag daoine ar chógais leighis agus cóir leighis atá sábháilte, ar phraghas réasúnta, éifeachtach agus ar ardcháilíocht, chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le galair a chosc, a dhiagnóisiú agus a chóireáil agus ar mhaithe le cáilíocht saoil na n-othar;
9. á mheabhrú gur cheart infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a ailíniú leis na bearta rialála agus reachtacha is gá chun freastal ar riachtanais theiripeacha agus dhiagnóiseacha na n-othar, lena n-áirítear i gcás galair neamhchoitianta agus ainsealacha, cineálacha neamhchoitianta aille a thagann ar dhaoine fásta agus ar leanaí, agus galair néaraimheathlúcháin, agus chun dul i ngleic leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha;
10. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún measúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat dreasachta atá ann cheana; á iarraidh ar an gCoimisiún iomaíocht a spreagadh trí chreat rialála a oiriúnú agus trí infheistíochtaí a spreagadh i gcógais iarphaitinne dílleachta agus péidiatraiceacha, lena n-áirítear oinceolaíocht, ailsí péidiatraiceacha agus galair néareolaíocha;

### ***Táirgí cógaisíochta agus an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha***

11. ag tarraingt aird ar an mbaol tromchúiseach a bhaineann leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha don tsláinte phoiblí, don chomhshaol, do tháirgeadh bia agus d'fhás eacnamaíoch, baol atá ag dul i méid an t-am ar fad; ag aithint luach na bhfeachtas sláinte poiblí atá dírithe ar ionfhabhtuithe a chosc tríd an vacsaíniú;
12. á mheas gur bagairt thromchúiseach don tsláinte phoiblí í an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tionscadail a mhaoiniú a bhfuil sé mar aidhm leo an diagnóisic a fheabhsú agus antaibheathaigh nua a fhorbairt, mar aon le prótacal a fhorbairt maidir le húsáid stuama a bhaint as antaibheathaigh agus feachtas feasachta a chur ar bun do ghairmithe sláinte chun cóir leighis atá níos spriocdhírithe a spreagadh bunaithe ar fhíor-riachtanais na n-othar;
13. á iarraidh ar an Tionscnamh um Chógais Leighis Nuálacha agus ar an mBanc Eorpach Infheistíochta ról níos gníomhaí a imirt ó thaobh tionscnaimh nuálacha a mhaoiniú i réimse na frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an comhphlean gníomhaíochta maidir leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha agus ionfhabhtuithe sláinte a chur chun feidhme; á thabhairt dá haire gur gá rochtain ar antaibheathaigh nua a éascú agus rochtain ar na

sean-chinn á caomhnú;

14. á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach go dtabharfaí treoir theiripeach choiteann de chuid AE isteach le haghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha faoina leagfaí spriocanna laghdaithe inrianaithe síos maidir le húsáid ábhar frithmhiocróbach ar leibhéal AE, agus go ndéanfaí feachtais chumarsáide faoin bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhordú trí fhéilire aonair ar leibhéal AE chun níos mó feasachta ar an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, ar athraithigh fhrithsheasmhacha agus ar na hiarmhairtí a ghabhann leo a chothú;
15. á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh an cur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’ mar threoir ag laghdú agus úsáid bharrfheabhsaithe na n-ábhar frithmhiocróbach agus ag forbairt cógas nua, lena n-áirítear oibreáin fhrithmhiocróbacha; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an gcreat reachtach atá ann cheana a bhaineann leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha agus, i gcás inarb iomchuí, togra a chur chun tosaigh chun é a athbhreithniú;

### ***Taighde ar tháirgí cógaisíochta***

16. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh, agus i gcás inar iomchuí athbhreithniú a dhéanamh, ar an gcóras dreasachtaí i dtaca le taighde ar chógais nua le haghaidh riachtanais theiripeacha nach bhfuiltear ag freastal orthu agus forbairt na gcógas sin a chur chun cinn, agus tús áite á thabhairt do leas an phobail agus do shábháilteacht na n-othar nuair a dhéantar measúnú ar thionscadail arna gcur chun cinn ag an tionscal cógaisíochta chun dul i ngleic le hailse, lena n-áirítear ailsí péidiatraiceacha, go háirithe chun forbairt na gcógas frithailse do leanaí a spreagadh, galair neamhchoitianta, galair néaraimheathlúcháin, meabhairghalair agus an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, chun roghanna níos teiripí a aimsiú agus freastal ar riachtanais na n-othar agus na gcóras sláinte;
17. á iarraidh ar an gCoimisiún cruthú creata de chuid an Aontais a chur chun cinn chun cur chun feidhme na bpleananna náisiúnta chun na galair sin a chomhrac a threorú agus a mheas go rialta, agus á iarraidh ar na Ballstáit tacú leis an taighde agus forbairt atá dírithe ar riachtanais leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu; á chur i bhfáth nach mbainfear na cuspóirí is gá sa chomhrac i gcoinne galair neamhchoitianta amach trí chóras atá bunaithe ar dhreasachtaí taighde amháin;
18. á iarraidh ar an gCoimisiún cistiú le haghaidh taighde poiblí a chur ar fáil chun iniúchadh a dhéanamh ar úsáid na dtáirgí ar athraíodh a gcuspoir, na dtáirgí seachlipéid agus na dtáirgí iarphaitinne ar féidir iad a úsáid go sábháilte agus go héifeachtach in othair; á chur i bhfáth nach mór go mbeadh cógais a eascraíonn as an taighde a mhaoinithear go poiblí ar fáil go cothrom ar fud an Aontais ar phraghas cóir agus inacmhainne agus, i gcás inarb iomchuí, go bhféadfaidh sealbhóir an údaraithe margaíochta breithniú a dhéanamh ar cheadúnú deonach neamheisiach le haghaidh na dtáirgí sin; ag cur béim ar an bhfioras gur cheart cistiú AE a chur i dtreo tionscadail ina bhfuil an taighde is mó ag teastáil;
19. ag cur béim ar an tábhacht a bhaineann le nuálaíocht leanúnach, lena n-áirítear nuálaíocht iarphaitinne, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na n-othar nach bhfuiltear ag freastal orthu; á iarraidh ar an gCoimisiún creat rialála atá oiriúnach don

fheidhm a cheapadh lenar féidir cógais bhreisluacha a fhorbairt agus an chatagóir nuálaíochta inacmhainne sin a aithint, trí dhreasachtaí iomchuí, de bharr a luachmhaire atá sí do chórais cúraim sláinte;

20. á chur in iúl gur geal léi an tionscnamh treoirhionscadal a sheoladh lena bhféachtar le tástáil a dhéanamh ar na creatfhorálacha maidir le tásca nua do chógais iarphaitinne agus ar an mbunús le haghaidh gníomhaíocht rialála a d'fhéadfadh a bheith ann; á chur i bhfáth, i ndáil leis sin, gur gá agus gur tábhachtach ionchur agus rannpháirtíocht an tionscail agus an lucht léinn;
21. á iarraidh ar an gCoimisiún, san idirphlé leis na Ballstáit, obair a dhéanamh ar chreat le haghaidh reachtaíocht i réimse na cógaisíochta agus ar chóras aisíocaíochta lena dtugtar tús áite don nuálaíocht fhiúntach d'othair agus lena spreagtar níos lú táirgí cógaisíochta 'me too' nach bhfuil aon bhreisluach ag baint leo nó níos lú táirgí cógaisíochta an-chostasach nach gcuireann ach feabhsuithe beaga ar fáil d'othair;
22. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 an 16 Nollaig 1999 maidir le táirgí íocshláinte dílleachtacha agus Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006 an 12 Nollaig 2006 maidir le táirgí íocshláinte le haghaidh úsáid péidiatraiceach; á iarraidh go ndéanfaí measúnú ar éifeachtacht an chistithe agus na dtionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí, go háirithe d'fhonn an caidreamh idir na húdaráis sláinte áitiúla, na hollscoileanna agus an tionscal a fheabhsú; ag aithint gur gá tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na n-othar a bhfuil sé mar aidhm leis na rialacháin sin iad a chumhdach agus á iarraidh ar an gCoimisiún bearta a cheadú a bheadh dírithe ar réimsí tábhachtacha nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu chun nósanna imeachta rialála a chuíchóiriú, a shimpliú agus a choigeartú;
23. á thabhairt chun suntais gur féidir le cógas comhtháiteach atá aitheanta go heolaíoch agus atá formheasta ag na húdaráis sláinte poiblí dul chun tairbhe d'othair i dtaca leis na héifeachtaí a ghabhann le galair éagsúla, ar nós ailse, agus lena gcóireáil; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cur chuige iomlánaíoch agus comhtháiteach atá dírithe ar an othar a fhorbairt agus, i gcás inarb iomchuí, úsáid chomhlántach na dteiripí sin a spreagadh faoi mhaoirseacht na ngairmithe cúraim sláinte;
24. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le taighde breise ar ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht, amhail daoine scothaosta, leanaí, mná agus othair a bhfuil comhghalrachaí orthu, lena n-áirítear nuair is é an murtall an phríomhghalracht agus i gcás inar galar ainsealach é atá ina chúis le galair neamhtheagmhálacha eile; á chur i bhfáth gur gá cúrsaí inscne a chur san áireamh sa taighde, sa diagnóisic, sa chóireáil agus sa tionchar a bhíonn ag cógais agus teiripí, toisc go mbíonn mná faoi ghannionadaíocht ar feadh a saoil i dtaighde agus sonraí bithleighis agus sláinte; á chur i bhfios go láidir, dá bhrí sin, gur laige an bonn fianaise i gcás na mban, agus i gcás daoine scothaosta freisin, rud a fhágann gur mó galar atá ann nach ndéantar é a dhiagnóisiú i mná, amhail galair chardashoithíochta;
25. á iarraidh ar an gCoimisiún cur le hobair Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa agus a áirithiú go mbeidh an Eoraip ina lárionad domhanda barr feabhais i dtaca leis an taighde agus forbairt i réimsí nuálacha an leighis atá ag teacht chun cinn; á chur i bhfios go láidir gur

féidir le teicneolaíochtaí úrscothacha, amhail teicneolaíochtaí nanaimhíochaine, réitigh a chur ar fáil ar na dúshláin atá ann faoi láthair maidir le cóir leighis i réimsí amhail an ailse agus galair chardashoithíoch; á thabhairt chun suntais gur cheart na réimsí nuálacha leighis sin a údarú leis an gcreat láraithe ceadaithe le haghaidh teicneolaíochtaí nanaimhíochaine;

26. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh cistiú AE le haghaidh taighde agus forbairt bhithleighis ag brath ar thrédhearcacht agus inrianaitheacht iomlán na n-infheistíochtaí, ar an soláthar a áirithiú sna Ballstáit uile, agus ar an toradh is fearr d’othair a éascú, lena n-áirítear ó thaobh inrochtaineacht agus inacmhainneacht na gcógas monaraithe de;
27. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go gcloífeadh an taighde ar chógais leighis agus a dtáirgeadh agus a n-úsáid le prionsabail eiticíúla lena ráthaítear an ceart atá ag an duine chun na beatha, dínite agus sláine;
28. á iarraidh ar an gCoimisiún forbairt an taighde i réimse na ndrugaí planteiripe a chur chun cinn;
29. á chur in iúl gur geal léi gur fhoilsigh an Coimisiún an 5 Feabhra 2021 Plean Gníomhaíochta SAMIRA; á iarraidh ar an gCoimisiún, agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar an reachtaíocht chógaisíochta, creat rialála a tharraingt suas a bheidh dírithe ar úsáid teicneolaíochtaí raideolaíochta agus núicléacha chun críocha teiripeacha, seachas chun críocha diagnóiseacha amháin;
30. á iarraidh go seolfaí tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas coiteann na hEorpa (IPCEI) san earnáil chógaisíochta d’fhonn galair nó teicneolaíochtaí spriocdhírithe a shainnithint roimh ré;
31. á chur i bhfios gur féidir réimse clár de chuid an Aontais a úsáid chun tionscadail taighde i réimse na cógaisíochta a chistiú, amhail Fís Eorpach, InvestEU, EU4 Health, an beartas comhtháthaithe agus an clár don Eoraip Dhigiteach le haghaidh tionscadail atá dírithe ar úsáid na hintleachta saorga;
32. á iarraidh go dtabharfaí aird níos doimhne agus níos mó i straitéis chógaisíochta an Aontais Eorpaigh ar gach gné den leigheas inscne-shonrach; ag cur béim ar an ngá atá ann éagsúlacht na sochaí agus saincheisteanna inscne-shonracha san fhisiceolaíocht a léiriú agus taighde á dhéanamh ar chógais chun tacú le taighde agus forbairt sa leigheas inscne-shonrach agus chun a áirithiú go gcuirfear na saincheisteanna sin san áireamh agus údarú margaidh á dheonú;

### ***Praghsáil agus costais táirgí cógaisíochta***

33. á iarraidh ar an gCoimisiún idirphlé leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí ábhartha ar fad a chur chun cinn chun táirgí cógaisíochta atá ‘Déanta san Eoraip’ a chur chun cinn trí mhonaraíocht agus athléimneacht soláthair a neartú, trí mheasúnú a dhéanamh ar chritéir bhreise don phraghsáil náisiúnta, gan aon chostas breise d’othair agus gan dochar d’inhuanaitheacht an chórais sláinte; á chur i bhfáth gur cheart go n-áireofaí sna critéir sin ardchaighdeán comhshaoil mhonaraíochta, bainistiú láidir ar shlabhraí soláthair agus infheistíocht sa nuálaíocht agus sa taighde;



34. ag moladh, thairis sin, go n-áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go léireofar leis an bpraghsáil freisin ar úsáideadh aon chineál maoinithe phoiblí chun tacú le nuálaíocht, monaraíocht agus taighde, luach thairbhe theiripeach an chógais, bíodh an cógas atá i gceist ina chógas cineálach nó bithshamhlach, agus riachtanais phríomhúla agus riachtanais níos leithne an phobail;
35. á chur i bhfios go láidir gur cheart go spreagfadh an t-idirphlé sin tuilleadh comhair i gcaibidlíocht phraghsála agus, i gcás inarb iomchuí, soláthar comhpháirteach; á mheabhrú gur cheart go mbeadh an praghsáil náisiúnta bunaithe ar thrédhearcacht tosca amhail taighde poiblí agus príobháideach, costais forbartha agus breisluach teiripeach; á iarraidh ar an gCoimisiún comhroinnt faisnéise i measc na mBallstát maidir le bunphraghsanna cógais a chur chun cinn trí chomhoibriú an Bhunachair Shonraí Chomhtháite um Fhaisnéis maidir le Praghas (EURIPID);
36. á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí ciste AE a bhunú, faoi réir coinníollachta, a bheadh cómhaoinithe ag na Ballstáit, chun cógais dílleachtacha agus cógais phearsantaithe nua eile a chaibidliú agus a cheannach, chun rochtain chothrom a ráthú d'othair ó Bhallstáit éagsúla ar theiripic agus ar chóireálacha éifeachtacha agus chun cosc a chur ar aonaid chúraim sláinte costais iomarcacha a sheasamh agus cóireáil á gcur ar ghalair neamhchoitianta;
37. á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú leis na Ballstáit chun bearta a thabhairt isteach chun trédhearcacht a mhéadú i réimse an taighde ar tháirgí íocshláinte agus i bhforbairt agus táirgeadh na dtáirgí sin; á iarraidh go mbeadh trédhearcacht níos fearr ann ó thaobh praghsanna de agus á iarraidh ar na Ballstáit leanúint dá ndea-chleachtais praghsála a chomhroinnt ar bhonn deonach; á chur i bhfáth gur cheart go bhfanfadh praghsáil mar inniúlacht náisiúnta, agus éagsúlacht ar fud an Aontais á cur san áireamh;
38. á iarraidh ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh go tréimhsiúil ar an gcóras dreasachta, trédhearcacht praghsanna a mhéadú, agus aird a tharraingt ar na tosca a chuireann teorainn ar inacmhainneacht agus rochtain othar ar tháirgí íocshláinte; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna ganntanais tháirgí cógaisíochta agus réitigh inbhuanaithe a mholadh lena gcuirfí chun cinn iomaíocht ar an láthair agus lasmuigh de chomh maith le teacht isteach tráthúil cógas cineálach nó bithshamhlach ar an margadh;
39. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir, ar thaobh amháin, dreasachtaí a chur ar fáil i bhforbairt chógais, go háirithe i gcás nach ann do roghanna malartacha cóireála, agus, ar an taobh eile, leas an phobail a chosaint trí shaobhadh iomaíochta agus éifeachtaí neamhbheartaithe a chosc agus inacmhainneacht agus infhaighteacht táirgí íocshláinte a áirithiú;
40. á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, go háirithe a Ard-Stiúrthóireacht Iomaíochta, agus na húdaráis inniúla náisiúnta bheith ar an airdeall maidir le hiompar frithiomaíoch agus imscrúdú a dhéanamh ar chleachtais fhrithiomaíocha sa tionscal cógaisíochta;
41. á iarraidh go mbeadh an oiread trédhearcachta agus is féidir ann maidir le leas a bhaint as cistiú poiblí don taighde agus don fhorbairt agus go mbeadh rochtain phoiblí éasca ar fhaisnéis maidir le coinníollacha paitinnithe/ceadúnaithe, torthaí trialacha cliniciúla agus ranníocaíochtaí poiblí/príobháideacha;

42. á áitiú ar an ngá le rochtain chomhionann a áirithiú ar dhrugaí ar phraghas inacmhainne laistigh den Aontas; ag tacú le comhchaibidlíocht le tionscail chógaisíochta maidir le praghas cógas, amhail i gcás Thionscnamh Beneluxa agus Dhearbhú Vaileite; á mheas gur cheart do thionscail na cógaisíochta coinníollachtaí maidir le praghas inacmhainne na gcógas a urramú faoi chuimsiú taighde a mhaoinítear go poiblí;

### ***Ról na gcógas cineálach agus bithshamhlach***

43. á chur i bhfios go gcuireann cógais chineálacha agus bithshamhlacha le rochtain na n-othar ar roghanna cóireála atá éifeachtach agus sábháilte, go méadaíonn siad iomaíocht, go gcuireann siad cóireálacha inrochtana agus inacmhainne ar fáil agus go gcuireann siad go mór le hinbhuanaitheacht bhuiséadach na gcóras cúraim sláinte, rud a ghineann coigilteas ar chostais, agus ardchaighdeán an chúraim sláinte á choinneáil ag an am céanna;
44. á chur i bhfáth thábhacht na gcógas cineálach, bithshamhlach agus bhreisluacha chun rochtain chothrom a mhéadú go comhsheasmhach d'othair agus chun córais cúraim sláinte a dhéanamh inbhuanaithe san Aontas Eorpach ina bhfuil rochtain fós míchothrom; á iarraidh ar an gCoimisiún iomaíocht shláintiúil a áirithiú nuair a rachaidh eisiachais maoine intleachtúla in éag mar ábhar práinne trí inrochtaineacht ar chógais bhithshamhlacha a áirithiú ón gcéad lá ar aghaidh agus trí na bacainní ar fad ar rochtain ar iomaíocht a bhaint, mar shampla trí nascáil phaitinne, trí chosc a chur ar chleachtais síorghlasaithe mhaoine intleachtúla a chuireann moill mhíchúí ar rochtain ar chógais agus trí fhorbairt dhomhanda aonair a cheadú;
45. á iarraidh ar an gCoimisiún bearta a dhéanamh chun tacú leis na cógais sin a bheith níos feiceálaí sa mhargadh agus chun léirmhíniú na forála Bolar a chomhchuíbhíú ar leibhéal an Aontais maidir le díolúintí féideartha ón gcreat dlíthiúil don chóras aonadach phaitinne do mhonaróirí cineálacha drugaí;
46. á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhú chun taighde, forbairt agus táirgeadh cógas cineálach agus bithshamhlach a chur chun cinn san Aontas agus prótacail AE a mholadh maidir le hidirmhalartú cógas bithshamhlach, mar atá sainithe ag an EMA, agus urraim á léiriú ar riachtanais othar aonair agus saoirse cliniceoirí an chóireáil is fearr a ordú do gach othar, agus an t-othar á choinneáil ar an eolas i gcónaí agus i gcoilár gach cinnteoireachta;
47. ag spreagadh na mBallstát chun meastóireacht a dhéanamh ar bhearta chun úsáid na gcoigilteas airgeadais a ghintear sa chóras náisiúnta sláinte ó chógais bhithshamhlacha a chur chun cinn agus iad a athinfheistiú ar bhealach trédhearcach agus inláimhsithe chun cáilíocht na seirbhísí cúraim a fheabhsú; á iarraidh ar an gCoimisiún na Ballstáit a spreagadh chun tacú le cleachtais thrédhearcacha maidir le coigilteas costais a bhaineann le cógais bhithshamhlacha; á iarraidh ar an gCoimisiún socruithe amhail cláir chomhroinnte gnóthachan a éascú;
48. á chur i bhfáth a riachtanaí atá sé go leanfadh an Coimisiún de chleachtais fhrithiomaíocha a chosc chun margadh iomaíoch a áirithiú maidir le cógais chineálacha agus bhithshamhlacha;
49. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar oideachas maidir le cógais



bhithshamhlacha; á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí ábhartha oideachais agus cumarsáide a chur chun cinn i measc gairmithe cúraim sláinte trí lárionad tiomnaithe acmhainní uile-Eorpach ar líne a bhunú;

### ***Moill ar theacht isteach cógas ar an margadh***

50. á chur in iúl gur geal léi an fíoras go seolfaidh an Coimisiún treoirthionscadal chun tuiscint níos fearr a fháil ar na bunchúiseanna a bhaineann le moill ar theacht isteach cógas ar an margadh; á iarraidh ar an gCoimisiún breathnú ar na difríochtaí ollmhóra ar fud an Aontais maidir le meánlíon na laethanta idir cógas a fhormheas agus an tráth a chuirtear ar fáil d'othair é agus bealaí nua a mholadh chun feabhas a chur ar an bpróiseas rialála agus ar chur chun feidhme an phróisis sin agus réitigh nuálacha a chur chun feidhme chun moill ar theacht isteach cógas ar an margadh a laghdú;
51. á leagan béim ar an bhfíoras nach mór aon athbhreithniú ar na nósanna imeachta rialúcháin agus cur chuige maidir leis an measúnú ar fhianaise eolaíoch a dhéanamh go cúramach d'fhonn an tairbhe d'othair agus gnéithe sábháilteachta a chur san áireamh go leordhóthanach;
52. á chur i bhfáth go bhfuil gá le hamanna formheasa cógais a laghdú, agus teorainn ama a shocrú, i gcás inarb iomchuí, do rochtain ar an margadh, agus iad a ailíniú le hamanna cinnteoireachta EMA, d'fhonn a áirithiú go mbeidh rochtain thapa agus chomhionann ag gach duine ar chógais san Aontas agus chun idirdhealú idir saoránaigh AE a chosc; á mheabhrú go bhféadfadh ról lárnach a bheith ag MAH agus dáileoirí maidir le táirgí íocshláinte a bheith ar fáil ar fud an Aontais trí scor táirgí agus moilleanna ar theacht ar an margadh a sheachaint i ngeall ar thosca tráchtála amháin;

### ***Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí agus an nuálaíocht***

53. á thabhairt chun suntais na buntáistí a bhaineann le tairiscintí comhpháirtíochta poiblí-príobháideacha do chórais sláinte náisiúnta trí mhaoiniú a thabhairt do thaighde ar chógais nuálacha agus táirgeadh cógas nuálach agus do thaighde ar athrú cuspóra cógais, agus go bhfuil comhar idir an saol acadúil agus an earnáil chógaisíochta riachtanach chun eolas agus faisnéis a mhalartú ar mhaithe leis na hothair ar fad ar fud an Aontais;
54. á chur i bhfáth nach mór a ráthú, leis an gcomhar sin, go mbeidh tosaíochtaí taighde á spreagadh ag riachtanais na n-othar agus na sláinte poiblí agus go ndéanfar cistí poiblí a infheistiú ar bhealach trédhearcach, lena n-áiritheofar infhaighteacht agus inacmhainneacht na dtáirgí a thiocfaidh as na comhpháirtíochtaí agus na cistí poiblí sin;
55. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh an Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuálaíocht Sláinte á spreagadh ag ceisteanna a bhaineann le leas an phobail; á iarraidh ar an gCoimisiún beartas ginearálta a ghlacadh agus a chur chun feidhme maidir le coinníollachtaí den chineál sin faoi Fhís Eorpach;

### ***An tÚdarás Eorpach um ullmhacht agus freagairt i gcás Éigeandáil Sláinte (HERA):***

56. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur seoladh gorlann HERA an 17 Feabhra 2021 atá dírithe ar dhul i ngleic le hathraitheacha de víreas COVID-19;

57. ag tabhairt dá haire an togra ón gCoimisiún chun HERA a bhunú; á mheas gur cheart don údarás bagairtí sláinte a shainaithe, forbairt nuálaíochta a thionscnamh agus tacú léi, liosta táirgí íocshláinte a bhfuil leas mór teiripeach ag baint leo a bhunú ar leibhéal an Aontais, táirgeadh na dtáirgí sin a éascú laistigh den Aontas, agus ceannach comhpháirteach a chur chun cinn agus stoic straitéiseacha na gcógas sin a fhorbairt;
58. á iarraidh go dtabharfaí go leor acmhainní agus neamhspleáchais chumhachta chun aghaidh a thabhairt, go ginearálta, ar na bagairtí sláinte trasteorann uile a d'fhéadfadh a bheith roimh an Aontas sa mheántearma agus tar éis phaindéim COVID-19, lena n-áirítear acmhainní chun teiripe nua a fhorbairt i gcoinne pataiginí víreasacha agus baictéara;
59. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh HERA spreagtha ag leas an phobail agus go gcuirfidh sé go héifeachtach le forbairt, infhaighteacht agus inacmhainneacht frithbheart leighis atá sábháilte agus éifeachtach;
60. á athdhearbhú a seasaimh gur cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh freisin ar shamhail Eorpach den Údaras um Ardaighde agus Forbairt Bithleighe sna Stáit Aontaithe a chruthú; á chur in iúl gur geal léi i go bhfuil togra déanta ag an gCoimisiún le haghaidh HERA Eorpaigh ach á chur in iúl a díomá nach raibh an Pharlaimint rannpháirteach sa ról ceart atá aici mar chomhrechtóir;

### *Cleachtais soláthair*

61. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá conarthaí comhpháirteacha soláthair phoiblí nua AE ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit, go háirithe maidir le cógais éigeandála agus riachtanais theiripeacha nach bhfuiltear ag freastal orthu, ach gan a bheith teoranta dóibh; á iarraidh go ndéanfaí fiosrú ar na cleachtais sin i réimsí amhail galair neamhchoitianta agus an ailse trí gharspriosanna, cuspóirí agus gealltanais dhea-shainithe a bheidh comhaontaithe ag na páirtithe uile; á thabhairt chun suntais gur gá ardleibhéil trédhearcachta a áirithiú sna tionscnaimh sin agus ceachtanna arna bhfoghlaím ó sholáthar comhpháirteach táirgí a bhain le COVID-19 a chur i bhfeidhm; á chur i bhfáth nach féidir baol a bheith ann leis an soláthar poiblí go mbeadh droch-thionchar aige ar shreafaí soláthair trí bhaol na n-easnamh in AE a mhéadú;
62. á chur i bhfios go láidir gur cheart don soláthar comhpháirteach a bheith bunaithe ar fhreagrachtaí comhroinnte agus ar chur chuige cothrom ina mbeadh cearta agus oibleagáidí do na páirtithe uile lena mbaineann; á chur i bhfáth gur cheart gealltanais shoiléire a dhéanamh agus a urramú agus na leibhéil táirgthe chomhaontaithe á seachadadh ag monaróirí agus na méideanna forchoimeáda comhaontaithe á gceannach ag na húdaráis;
63. á chur i bhfios, thairis sin, gur cheart critéir cháilíochtúla a chur san áireamh sa phróiseas dámhachtana, i gcás ina n-úsáidtear soláthar comhpháirteach, ar critéir iad amhail cumas an mhonaróra slándáil an tsoláthair a áirithiú le linn géarchéim shláinte, chomh maith le praghas;
64. á thabhairt chun suntais gur cheart raon feidhme a shaineofar go soiléir a bheith ag soláthar poiblí comhpháirteach, i bhfianaise na bhféidearthachtaí i dtaca le hantabheathaigh nuálacha nua, vacsaíní agus cógais leighis íceacha nua, agus cógais

leighis do ghalair neamhchoitianta, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le hinfheistíocht phoiblí-phríobháideach níos cothroime, dliteanas soiléir do mhonaróirí agus solúbthacht leordhóthanach do na Ballstáit, i gcomhréir le sainiúlachtaí náisiúnta, agus na gealltanais arna dtabhairt á n-urramú;

65. á chur in iúl gur geal léi an tagairt sa straitéis don fhíoras gur féidir le gníomhaíochtaí i réimse an tsoláthair phoiblí iomaíocht a chothú agus rochtain ar chógais leighis a fheabhsú; ag tathant ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs Threoir 2014/24/AE<sup>18</sup>, treoirlínte a mholadh go pras do na Ballstáit, go háirithe maidir leis an gcaoi is fearr le critéir na tairisceana is buntáistí go heacnamaíoch (MEAT) a chur chun feidhme, ag féachaint ar níos mó ná an critéar a bhaineann leis an bpraghas is ísle; ag cur béim ar an bhfíoras gur gné bhunriachtanach í slándáil an tsoláthair agus nach mór í a úsáid mar chritéar cáilíochtúil i ndáil le conarthaí cógaisíochta poiblí a dhámhachtain agus glaonna ar thairiscintí chun cógais a sholáthar; ag cur béim ar a thábhachtaí atá soláthar éagsúlaithe agus cleachtais soláthair inbhuanaithe le haghaidh cógas; á mholadh gur cheart infheistíochtaí i monarú comhábhar gníomhach agus táirgí íocshláinte críochnaithe in AE a choinneáil mar chritéar bunriachtanach, mar aon le líon agus suíomh na láithreán táirgthe, iontaofacht an tsoláthair, na brabúis a athinfheistiú in T&F agus caighdeáin shóisialta, chomhshaoil, eiticiúla agus cháilíochta a chur i bhfeidhm;
66. á mheas, tráth géarchéime, go bhféadfaí cuid de sholáthar comhpháirteach an Aontais, i gcás inarb iomchuí agus arna iarraidh sin, a réamh-leithdháileadh ar thríú tíortha ísealioncaim agus meánioncaim, de mheon dlúthpháirtíochta;
67. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar nósanna imeachta soláthair a thabhairt isteach faoinar féidir conarthaí a dhámhachtain do líon tairgeoirí rathúla, lena n-áirítear tairgeoirí comhpháirteacha;

### ***Rochtain ar chógais in AE***

68. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil inrochtaineacht agus inacmhainneacht cógas fós ina ndúshlán do chórais náisiúnta sláinte, agus go bhfuil cógais nuálacha costasach nó nach dtugtar chun an mhargaidh iad i mBallstáit áirithe ar chúiseanna tráchtála;
69. á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint ar roghanna beartais a chuidíonn lena ráthú go ndéanfar cógais arna n-údarú go lárnach a mhargú i ngach Ballstát agus ní hamháin sna Ballstáit sin atá suimiúil ó thaobh na tráchtála de; á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go mbeidh praghsáil chothrom agus inacmhainne ar chógais, go háirithe cógais nuálacha, mar thoradh ar aon chineál dreasachta ar leibhéal an Aontais, ar fud na mBallstát uile;
70. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht chógaisíochta chun iomaíocht láidir agus chothrom a chur chun cinn, chun tacú leis na Ballstáit chun córais praghsála drugaí náisiúnta a chobhsú agus a chothromú, chun córais náisiúnta praghsála drugaí cothroma a chur chun cinn agus chun rochtain chothrom ar chógais agus ar tháirgí leighis a áirithiú ar fud na mBallstát; á thabhairt chun suntais gur faoi na Ballstáit atá sé cinntí a dhéanamh maidir

---

<sup>18</sup> Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí, IO L 94, 28.3.2014, lch. 65;

le praghsáil cógas agus maidir le costas cógas a aisíoc;

71. á chur i bhfáth go bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ag tarraingt siar tráchtála ó thaobh infhaighteacht cógas leighis agus, ar an gcaoi sin, bac a chur ar rochtain na n-othar ar chóir leighis atá tráthúil, cothrom agus ar ardchaighdeán; á chur i bhfios go láidir gur cheart go dtarlódh tarraingt siar tráchtála i gcásanna ina bhfuil cóireálacha ionadacha agus coibhéiseacha ar fáil d’othair agus gur cheart dóibh a bheith faoi réir oibleagáidí sínte maidir le réamhfhógra le haghaidh SUManna agus dáileoirí, chun a áirithiú go mbeidh údaráis na mBallstát in ann cás SUManna agus dáileoirí a bhainistiú ar mhaithe le hothair;
72. á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar phróisis nua chun athrú cuspóra a dhéanamh ar tháirgí íocshláinte; á iarraidh ar an gCoimisiún éascú a dhéanamh ar úsáid seachlipéid níos leithne cógas leighis, lena n-áirítear cógais nach bhfuil chomh costasach agus cógais a úsáidtear le haghaidh ailsí neamhchoitianta, i measc nithe eile, nuair a bhíonn fianaise láidir eolaíoch ann i dtaca le héifeachtúlacht agus sábháilteacht d’othair; ag cur sonrú, sa bhreis air sin, sa deis do chreat nua chun tacú le margú agus úsáid drugaí le táscairí nua formheasta chun athrú cuspóra drugaí a dhéanamh níos tarraingtí in AE;
73. á iarraidh ar an gCoimisiún straitéisí sláinte Eorpacha a fhorbairt ar bhonn bascaed coiteann de chógais le haghaidh cóireáil ailse, ionfhabhtuithe agus galar neamhchoitianta agus i réimsí eile atá buailte go háirithe ag ganntanais; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar an rogha a bhaineann le critéir choiteanna praghsála chun cógais den sórt sin a dhéanamh inacmhainne; á chreidiúint go mbeadh sé tairbheach go háirithe d’othair a bhfuil galair ainsealacha ghéara orthu rochtain níos tapúla a éascú, gan dochar a dhéanamh don tsábháilteacht; á mholadh dá réir sin go gceadófaí d’othair páirt a ghlacadh i gcinntí maidir le riosca agus tairbhe, ó rochtain luath ar chógais agus ar chóireáil nua agus nuálach;
74. á spreagadh go gcuirfí pobail atá dírithe ar ghalair san áireamh i bpróisis chomhairle eolaíoch EMA, i gcás ailsí agus galair neamhchoitianta, ionas go mbeidh siad in ann a gcuid saineolais a chur ar fáil do rialtóirí maidir leis an ngalar lena mbaineann agus a neamhchoitiantacht agus a riachtanais gan chomhlíonadh a chur san áireamh;

***Tacú le tionscal cógaisíochta AE atá trédhearcach, iomaíoch agus nuálach chun freagairt ar riachtanais sláinte poiblí***

75. ag áitiú go bhfuil tábhacht straitéiseach don Aontas ag roinnt le tionscal cógaisíochta AE atá iomaíoch, neamhspleách agus inbhuanaithe, toisc go gcothaíonn sé sin nuálaíocht, taighde agus fostaíocht ardcháilíochta agus go bhfuil sé níos freagrúla do riachtanais na n-othar; á chur i bhfios go bhfuil gá ag an tionscal le timpeallacht rialála chobhsaí agus intuartha, ach freisin le timpeallacht a chuireann srian ar an ualach riaracháin agus a dhéanann coimirciú ar phrionsabal an choisc agus infhaighteacht cógas sábháilte, éifeachtach agus ardcháilíochta ar mhargadh AE; á chur i bhfios go láidir gur cheart don chóras údaraithe margaíochta cur leis an gcreat reachtach atá ann cheana agus dúbailt agus aon ualach breise riaracháin a chosc;
76. á chur in iúl gur geal léi an béim láidir agus roinnt tionscnamh atá san áireamh sa straitéis chógaisíochta maidir leis an ngá atá ann barrfheabhsú agus nuachóiriú a

dhéanamh ar an gcreat rialála atá ann cheana, amhail trí athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht maidir le hathruithe, próisis rialála níos digitithe agus níos éifeachtúla, cur chun feidhme faisnéise leictreonaí faoi tháirgí (ePI), measúnú cuíchóirithe ar chomhábhar gníomhach cógaisíochta (API), agus próisis mhaithe mhonaraíochta (CMSanna)/bainistiú monaraíochta agus acmhainní níos fearr; ag tathant ar an gCoimisiún dul chun cinn gasta a dhéanamh ar an gclár oibre sin, agus an úsáid is fearr á baint as na huirlisí digiteacha atá ann cheana ar leibhéal AE (teileamaitic);

77. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dreasachtaí airgeadais a thabhairt isteach, i gcás inarb iomchuí, chun bonn tionsclaíoch cógaisíochta an Aontais a chaomhnú agus a leathnú, ó tháirgeadh comhábhar gníomhach cógaisíochta go monarú cógas, pacáistiú agus dáileadh; ag cur béim ar thábhacht straitéiseach na hearnála sin agus ar a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí Eorpacha chun acmhainní a éagsúlú agus chun forbairt teicneolaíochtaí táirgthe nuálacha a spreagadh lenar féidir feabhas a chur ar fhreagrúlacht na línte táirgthe ina n-iomláine; á mheabhrú gur cheart go ndéanfadh an maoiniú poiblí ar fad na torthaí is fearr d'othair a éascú, lena n-áirítear ó thaobh inrochtaineacht cógas monaraithe, trí choinníollacha trédhearcahta, inrianaitheachta agus oibleagáide soláthair a urramú;
78. ag meabhrú theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2021 dar teideal *Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger single market for Europe's recovery* [Straitéis Nua Thionsclaíoch 2020 a nuashonrú: Margadh aonair níos láidre a thógáil do théarnamh na hEorpa] ina ndéantar anailís ar spleáchais straitéiseacha AE, lena n-áirítear táirgeadh comhábhar gníomhach cógaisíochta agus táirgí eile a bhaineann leis an tsláinte, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le leochaileacht AE agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá chroíleasanna, agus ina dtagraítear don straitéis chógaisíochta mar mhodh chun go dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna sin;
79. á mheabhrú go bhfuil géarghá ann go bhforbródh an tsláinte dhomhanda agus slabhraí soláthair domhanda acmhainneachtaí táirgthe agus dáileacháin áitiúla san Aontas agus i dtíortha atá i mbéal forbartha, go háirithe ó thaobh taighde, forbairt agus táirgeadh cógaisíochta de agus i gcónaí i gcomhréir le caighdeáin shóisialta agus dícheall cuí tionscail; á iarraidh ar an gCoimisiún na straitéisí tionsclaíocha, maoiníocht intleachtúla agus cógaisíochta a úsáid chun gur fusa an bhearna leanúnach i dtaighde agus i dtáirgeadh cógas leighis a dhúnadh trí chomhpháirtíochtaí forbartha táirgí agus trí ionaid oscailte taighde agus táirgthe a chruthú;
80. á mheas go bhfuil monarchana monaraíochta cógaisíochta ina gcuid de bhonneagar sláinte criticiúil na hEorpa; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar an infheistíocht dhíreach choigríche san earnáil; á mholadh an Clár Eorpach um Chosaint an Phríomhbhonneagair a chur i bhfeidhm ar earnáil an bhonneagair sláinte;
81. á chur i bhfios go bhféadfaí éascú a dhéanamh ar láithreáin i dtíortha nach bhfuil san Aontas a chomhthathú i slabhra soláthair táirgthe gan caighdeáin Eorpacha a ghéilleadh, dá ndéanfaí comhaontuithe nua aitheantais fhrithpháirtigh a fhorbairt maidir le deimhnithe GMP agus raon feidhme na gcomhaontuithe atá ann cheana (go háirithe maidir le hiniúchtaí agus baisc-thástáil) a leathnú, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí an acmhainneacht táirgeachta a mhéadú tráth géarchéime;

82. ag tathant ar an gCoimisiún a mholadh go gcuirfí caighdeáin chomhshaoil san áireamh, go háirithe maidir le bainistiú dramhaíola agus fuíolluisce, sna Treoirínte maidir le Dea-chleachtas Monaraíochta ar an leibhéal idirnáisiúnta;
83. ag cur béim ar an ngá atá le huasoiliúint, athoiliúint agus eisoiliúint oibrithe i ngairmeacha cúraim sláinte chun bheith níos ullmhaithe do chásanna éigeandála agus géarchéime a d'fhéadfadh a bheith ann; á iarraidh go dtabharfaí aird chuí ar thuilleadh oiliúna agus athoiliúna d'oibrithe atá rannpháirteach ag gach céim den slabhra luacha agus ar raon na ndeiseanna oiliúna do speisialtóirí STEM a leathnú;
84. ag cur sonrú san fhorbairt is déanaí atá tagtha ar tháirgí cógaisíochta i dtreo teiripic galar agus teiripic a bhaineann go sonrach le hothair, lena mbaineann céimeanna monaraíochta scrupallacha agus an gá atá ann an íogaireacht ard maidir le dálaí comhshaoil agus iompair agus lóistíocht shlabhra an tsoláthair a dhéanamh casta; á iarraidh ar an gCoimisiún an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí idir cistí Eorpacha agus ionstraimí agus beartais eile de chuid an Aontais chun tacú le próisis agus le líonraí láidre monaraíochta agus dáileacháin a dhearadh agus a oibriú lena n-áiritheofar monarú tapa, sofhreagrúil agus in-atáirgthe;
85. á iarraidh ar an gCoimisiún ról EMA a leathnú maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhtháirgí ina bhfuil teaghlaim de dhrugaí agus feistí/comhtháirgí diagnóise chun simpliú a dhéanamh ar an gcreat maoirseachta ilroinnte; á chreidiúint gur féidir lúfaireacht agus éifeachtúlacht rialála níos mó a bhaint amach trí mheasúnú eolaíoch ar údaruithe margaíochta atá níos dírithe ar shaineolas a ghlacadh laistigh de EMA;
86. á chreidiúint gur ceann de na réamhchoinníollacha chun leanúint le cothú athlonnú saoraidí táirgthe ar ais chuig AE é éiceachóras tionsclaíoch tarraingteach Eorpach a chothú agus cur leis; á chreidiúint, thairis sin, gur féidir le hathlonnú den chineál sin cuidiú le córais cúraim sláinte na hEorpa a dhéanamh níos neamhspleáiche ar thríú tíortha agus níos athléimní i dtaobh suaití, i bhfianaise go gcuireann briseadh sa soláthar othair i mbaol nuair nach féidir leo cóir leighis mhalartach atá molta a fháil;
87. á iarraidh ar an gCoimisiún sonraí faoin easpa rochtana féintuairiscithe ar chógais a áireamh i Staidreamh AE ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (EU-SILC), ós rud é nach ndearnadh an rochtain ar chógais a thomhas in EU-SILC go dtí seo;
88. ag tacú le hoiriúnú na gcreataí atá ann cheana le haghaidh inghlacthacht sa chinnteoireacht agus le teicneolaíochtaí intleachta saorga a ghlacadh chun bealach a chur ar fáil trínar féidir intleacht shaorga a fhorbairt, a ghlacadh agus a chur chun feidhme i gcórais cúraim sláinte trí chuimsitheacht, fothú acmhainneachta agus muinín; á athdhearbhú, mar is amhlaidh le gach teicneolaíocht atá bunaithe ar an intleacht shaorga, gur gá formhaoirseacht ag an duine a ráthú i gcónaí; á chreidiúint nár cheart go mbeadh an reachtaíocht ag titim chun deiridh ar an nuálaíocht; á iarraidh ar an gCoimisiún leibhéal solúbthachta rialála a thabhairt isteach ionas go mbeifear in ann freagairt ar bhealach níos gasta agus níos éifeachtaí do cheanglais agus táirgí nua, agus an tsábháilteacht agus critéir eiticiúla á n-urramú;
89. á iarraidh ar an gCoimisiún próisis mheasúnaithe a éascú lena lamháiltear d'idirphlé luath agus atriallach a dhéanamh ar shonraí agus ar fhianaise de réir mar a ghintear iad; á iarraidh ar EMA agus ar ghníomhaireachtaí cógas náisiúnta tosaíocht a thabhairt do



chur isteach sonraí ó thrialacha cliniúla randamaithe rialaithe a chuireann cógais imscrúdaitheacha i gcomhréir le sainmhíniú EMA i gcomparáid leis an gcóireáil chaighdeánach;

90. á thabhairt dá haire go mbeidh impleachtaí thar theorainneacha AE ag cinntí a dhéanfar maidir le timpeallacht rialála cógaisíochta AE, ós rud é go n-aithníonn roinnt tríú tíortha ceanglais AE agus go mbíonn siad ag brath orthu, go háirithe a mhéid a bhaineann le honnmhairí a éascú agus ceanglais a tharscaoileadh chun iad a thástáil i dtríú tíortha nuair a thagann siad ón Aontas; ag cur béim, dá bhrí sin, ar an tábhacht a bhaineann le comhaontuithe den sórt sin le tríú tíortha maidir le haitheantas frithpháirteach a chaomhnú nuair is féidir agus a áirithiú go bhfanfaidh siad cothrom le dáta;
91. á chur i bhfios gur cheart do AE díriú ar acmhainneacht leordhóthanach a fhorbairt le haghaidh táirgeadh inbhuanaithe ábhar gníomhach, amhábhhar agus cógas lena laghdaítear spleáchas ar fhoinsí seachtracha; ag moladh go mbeadh deimhneacht dhlíthiúil níos fearr ann d'fhorbróirí drugaí;

### ***Deimhnithe forlíontacha cosanta***

92. á iarraidh ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar bhreisluach shásra an deimhnithe fhorlíontaigh cosanta (SPC) chun moilleanna ar rochtain ar chógais chineálacha a chosc agus feabhas a chur ar inbhuanaitheacht airgeadais córas sláinte;
93. ag tarraing aird ar dhifriochtaí i mbailíocht paitinní agus SPCanna sna Ballstáit éagsúla; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid SPCanna bunaithe ar dhul chun cinn teicneolaíoch agus eolaíoch chun go mbeidh cógais chineálacha agus bhithshamhlacha in ann a bheith níos iomaíche laistigh den Aontas agus lasmuigh de;
94. á iarraidh ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag togra le haghaidh SPC aonadach ar chógais chineálacha agus bhithshamhlacha a bheith ag dul isteach sa mhargadh agus ar rochtain chothrom ar chóireálacha d'othair, agus SPC aonadach a mholadh i gcás inarb iomchuí ar bhonn na meastóireachta sin;
95. á chur i bhfios go láidir nár cheart úsáid SPCanna a cheadú ach amháin i gcásanna eisceachtúla a bhfuil bonn cirt leo;

### ***Cógais nuálacha agus nua***

96. á chur i bhfáth go bhfuil T&F ríthábhachtach chun cógais, teiripí agus diagnóisí nuálacha a fhorbairt;
97. á thabhairt chun suntais, maidir le teiripí géine agus cille, leigheas pearsantaithe, teiripe radanúicléide, nanaitheicneolaíocht, vacsaíní den chéad ghlúin eile, lena n-áirítear díorthaigh tmRNA, ríomhshláinte agus an tionscnamh '1+ Milliún Géanóim', gur mór an tairbhe iad i dtaca leis na galair go léir a chosc, a dhiagnóisiú, a chóireáil agus a iarchóireáil, má chruthaíonn siad breisluach i gcomparáid leis na teicneolaíochtaí sláinte atá ann cheana; ag cur i bhfios go láidir acmhainneacht chlaochlaitheach na dteiripí agus na dteicneolaíochtaí nua seo d'othair agus don sochaí i gcoitinne, mar shampla trí aistriú ón mbainistíocht ainsealach agus ón gcúram ainsealach go cóireáil aonuaire, agus, ar an gcaoi sin, cur le costais na gcóras sláinte a laghdú, agus leis an éifeachtúlacht,

inbhuanaitheacht agus athléimneacht acu a neartú; ag tathant ar an gCoimisiún dóthain saineolais a chur chun cinn, creataí rialála iomchuí a fhorbairt, samhlacha nua gnó a threorú, ardchaighdeán a áirithiú go comhsheasmhach do tháirgí sábháilte, agus feachtais faisnéise a réachtáil chun feasacht a ardú agus úsáid na nuálaíochtaí sin a spreagadh; ag tathant ar an gCoimisiún acmhainní leormhaithe a mholadh do EMA chun na cuspóirí sin a bhaint amach go héifeachtach;

98. á aithint go bhfuil táirgí íocshláinte ardteiripe (ATMPanna) difriúil go bunúsach le táirgí traidisiúnta cógaisíochta toisc go dtéann siad i ngleic le bunchúiseanna an ghalair, agus, mar thoradh ar mharthanacht bhunúsach na dtáirgí íocshláinte agus ar an gcineál leigheasach a d'fhéadfadh a bheith i gceist leo, go bhféadfaidís a bheith ina gceannródaí do tháirgí leighis a bheidh ann amach anseo; á aithint go bhfuil comhlachtaí rialála, amhail an EMA, réidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar na scórtha ATMPanna agus iad a fhorheas sna blianta amach romhainn, rud a leagann béim ar an ngá atá ann go mbunódh an Coimisiún, i dteannta a Phlean Gníomhaíochta um Bainistíocht Aerthráchta (ATBP), tírdhreach rialála láidir lena n-éascófar rochtain d'othair incháilithe uile na hEorpa, agus leanúint de bheith ag cur le seasamh na hEorpa mar phríomhghníomhaí i ATMPanna chun go mbeidh sí iomaíoch ar fud an domhain i bhforbairt ATMPanna;
99. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go n-éascóidh na comhlachtaí comhordúcháin atá ann cheana cóireálacha trasteorann atá bunaithe ar ATMP agus go mbeidh rochtain chothrom ag othair ar fud na hEorpa ar theiripí nuálacha;
100. ag tathant ar an gCoimisiún oibriú le EMA chun ionad ilfhreastail a chruthú d'fhorbróirí ATMPanna chun treoir agus fóram cumarsáide a chur ar fáil dóibh maidir lena bhfeidhmeanna;
101. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar EMA saolré iomlán gach cógais agus teiripí nuálacha a mheas, lena n-áirítear teiripí géine agus cille, leigheas pearsantaithe, nanaitheicneolaíocht agus vacsaíní den chéad ghlúin eile, agus creat atá oiriúnach don fheidhm a áirithiú d'iomaíocht iarphaitinne tráth a gcailltear eisiachas; á iarraidh ar an gCoimisiún creat rialála a bhunú le haghaidh nanaimhíochainí agus cógais nanachomhchosúla, agus á iarraidh go bhformheasfaí na táirgí sin trí nós imeachta láraithe éigeantach;
102. á thabhairt chun suntais go bhfuil glacadh cóireálacha nua agus nuálacha, chomh maith lena gcur ar fáil go rathúil d'othair, ag brath ar an eolas, an ullmhacht agus an bonn teicniúil atá ar fáil do phearsanra leighis; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tuilleadh comhair a dhéanamh le chéile trí eolas agus dea-chleachtais maidir le cógais agus cóireálacha nuálacha atá ag teacht chun cinn a chomhroinnt chun a ngairmithe leighis a ullmhú ar bhealach níos fearr;

### ***Trialacha cliniciúla***

103. á iarraidh ar an gCoimisiún an Rialachán maidir le Trialacha Cliniciúla<sup>19</sup> a chur chun

---

<sup>19</sup> Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le trialacha cliniciúla ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/20/CE, IO L 158, 27.5.2014, lch. 1.



feidhme go hiomlán chun éascú a dhéanamh ar sheoladh mórthrialacha cliniciúla a dhéantar ar bhealach comhchuibhithe agus comhordaithe ar leibhéal an Aontais; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh baint níos mó ag cumainn othar le straitéisí taighde le haghaidh trialacha cliniciúla poiblí agus príobháideacha a shainiú chun a áirithiú go sásóidh siad riachtanais othair na hEorpa nach bhfuiltear ag freastal orthu; á chur in iúl gur geal léi an t-athbhreithniú ar an reachtaíocht chógaisíochta chun an maorlathas a laghdú agus chun í a chur in oiriúint do tháirgí ceannródaíocha, don dul chun cinn eolaíoch agus don chlaohlú teicneolaíochta; ag tacú le trialacha cliniciúla atá níos dírithe ar na hothair, chomh maith le creat nua le haghaidh trialacha nuálacha a dheardh, agus leis an treoirthionscadal chun creat a ghlacadh chun cógais iarphaitinne a athúsáid; á chur in iúl gur geal léi seoladh ardán vacsaíní chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus sábháilteacht vacsaíní, le tacaíocht ó líonra trialacha cliniciúla ar fud AE; ag tathant ar an gCoimisiún níos mó trédhearcachta a áirithiú i dtorthaí cliniciúla, le sonraí ar leibhéal rannpháirtithe á gcomhroinnt gan mhoill ag cuideachtaí cógaisíochta, idir thorthaí dearfacha agus dhiúltacha, prótacail agus doiciméid trialach eile;

104. á iarraidh ar an gCoimisiún idirphlé leanúnach a áirithiú idir an Lárionad Eorpach um Ghlaire a Chosc agus a Rialú, EMA agus forbróirí vacsaíní maidir le bunú agus feidhmiú an ardáin vacsaíní chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus sábháilteacht vacsaíní;
105. á iarraidh go gcuirfead chun feidhme go hiomlán na rialacha lena rialaítear trialacha cliniciúla chun tacar soiléir comhréireach rialacha a chomhdhlúthú chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú d'oibreoírí; á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar rannpháirtíocht na dtaighdeoirí poiblí i dtrialacha cliniciúla agus cead a thabhairt trialacha cliniciúla a dhéanamh i roinnt Ballstát ag an am céanna ar mhaithe le taighde fadtéarmach;
106. á chur i bhfáth gur annamh a thugtar trialacha drugaí cliniciúla T&F chun críche go rathúil agus, dá bhrí sin, nach mbíonn formheas deiridh ann do dhrugaí mar gheall ar T&F;

### ***Measúnú ar theicneolaíochtaí sláinte***

107. á chur in iúl gur geal léi an comhaontú ar tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle air i dtaca leis an rialachán atá le teacht maidir le measúnú ar theicneolaíochtaí sláinte agus á iarraidh go nglacfar go pras é agus go gcuirfead chun feidhme go críochnúil é ionas go gcothófar cóineasú níos fearr idir na Ballstáit maidir leis an meastóireacht ar theicneolaíochtaí sláinte agus chun rochtain thapa ar chóireálacha nuálacha d'othair a éascú;
108. á chur i bhfios gur cheart go léireofaí le teicneolaíochtaí nua sláinte a mbreisluach cliniciúil agus a gcostéifeachtúlacht i gcomparáid lena bhfuil ar fáil cheana ar an margadh; ag cur béim ar an bhfioras gurb ionann measúnú ar theicneolaíochtaí sláinte agus uirlis chun tacú leis an anailís sin ach go bhfuil sé an-ilroinnte laistigh den Aontas faoi láthair, cé gur féidir, leis an measúnú sin, comhar a chumasú maidir le ceanglais fianaise cliniciúla agus dearadh trialach cliniciúla agus dá bhrí sin tacú le cinnteoireacht thráthúil agus fhianaise-bhunaithe na mBallstát maidir le rochtain othar ar chógais nua;

á athdhearbhú go gcuirfeadh an Coimisiún agus na Ballstáit an rialachán chun feidhme go pras i gcomhréir leis an gcreat ama a comhaontaíodh;

### ***Creat reatha le haghaidh údarú***

109. ag tathant ar an gCoimisiún, bunaithe ar an taithí a fuarthas le húdarú vacsaíní COVID-19, oibriú i gcomhar le EMA chun breithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na n-athbhreithnithe rollacha a leathnú chuig cógais éigeandála eile agus chun a mheas an bhféadfadh tuilleadh solúbthachta rialála cur le córas údaraithe níos éifeachtúla, agus ardleibhéal sábháilteachta, cáilíochta agus éifeachtachta á gcosaint ag an am céanna;
110. á chur in iúl gur geal léi go n-aithnítear leis an straitéis go dtacófar le seachadadh níos fearr faisnéise d'othair agus le hinfhaighteacht níos leithne cógas, go háirithe i gcásanna criticiúla, trí úsáid níos fearr a bhaint as ePI;
111. á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú le EMA agus le líonra rialála AE, lena n-áirítear an tionscal agus na geallsealbhoirí ábhartha uile, chun úsáid ePI do na cógais uile san Aontas a fhorbairt agus a chur chun feidhme i dteangacha uile na mBallstát ina gcuirtear na cógais sin ar an margadh;
112. á iarraidh ar an gCoimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar an gcóras as a dtagann údarú margaióchta coinníollach chuig údarú margaióchta caighdeánach nó athnuachan eisceachtúil an údaraithe, ar bhonn sonraí cliniciúla stóinsithe; á iarraidh ar EMA an mheastóireacht deiridh a dhéanamh go críochnúil agus a áirithiú go gcomhlíonfaidh na táirgeoirí na ceanglais uile a bhaineann le gach cógas atá faoi údarú margaióchta coinníollach d'fhonn éifeachtúlacht agus sábháilteacht an chógais sin a áirithiú; á iarraidh go ndéanfaí an t-am roimh an meastóireacht deiridh a laghdú ó chúig bliana go trí bliana i gcás ina bhfuil sonraí cliniciúla leordhóthanacha ag tacú leis na bearta sin;
113. ag spreagadh an Choimisiúin, i gcomhar le EMA, breithniú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leas a bhaint as uirlisí seanbhunaithe, amhail údarú brostaithe, idirphlé luath, scéim PRIME agus treoir leathnaithe, chun cógas a chur ar fáil d'othair ar luas níos tapúla, go háirithe cógas lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar bhagairt phráinneach don tsláinte phoiblí nó ar riachtanas leighis nach bhfuiltear ag freastal air; á iarraidh ar an gCoimisiún cur le cur i bhfeidhm scéim PRIME de chuid EMA maidir le cógais tarrthála agus ainmniú PRIME a áireamh sa chreat reachtach, gan difear a dhéanamh do shábháilteacht othar; á mheabhrú nár cheart mí-úsáid a bhaint as scéimeanna brostaithe i gcás nach bhfuil fianaise leordhóthanach ann maidir le húdarú margaióchta rialta;
114. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar EMA agus ar na húdaráis inniúla leas a bhaint as na hiarrachtaí pragmatacha uile a rinneadh le linn ghéarchéim COVID-19, go háirithe maidir le solúbthacht rialála, d'fhonn dul i ngleic go héifeachtach le ganntanas cógas, lena n-áirítear i gcásanna éigeandála;
115. á iarraidh go ndéanfaí faireachán fadtéarmach ar na cógais a chuirtear ar an margadh chun aon fho-éifeachtaí díobhálacha a shainnithint agus chun measúnú a dhéanamh ar a gcostéifeachtúlacht mar chóir leighis;

### ***FBManna agus táirgí cógaisíochta***

116. á iarraidh ar an gCoimisiún éiceachóras nuálaíochta a chruthú lena n-éascófar malartú taithí agus rochtana do FBManna agus lena gcuideofar leis an Aontas a bheith ina mhol don nuálaíocht dhomhanda leighis; ag tabhairt dá haire gur cheart don Choimisiún straitéisí comhairleacha nua a lorg chun rochtain ar chistí nuálaíochta a éascú do chuideachtaí beaga; á chur i bhfios gur deacair do FBManna agus d'ionaid taighde phoiblí leas iomlán a bhaint as cláir nuálaíochta Eorpacha de bharr bacainní maorlathacha agus castachta; á chur i bhfios go láidir gur gá rochtain ar línte cistiúcháin a chur chun cinn chun tacú leis an obair a dhéanann gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna, agus na coinníollacha agus na critéir atá leagtha síos á n-urramú ag an am céanna;
117. ag tacú leis an togra ón gCoimisiún maidir le Plean Gníomhaíochta um Maoin Intleachtúil chun sraith uirlisí atá ann cheana a uasghrádú agus iad a chur in oiriúint don ré dhigiteach;
118. á iarraidh go ndéanfaí an córas maoine intleachtúla níos éifeachtaí do FBManna trí bhearta chun nósanna imeachta um chlárú maoine intleachtúla a shimpliú, rochtain ar chomhairle straitéiseach maidir le maoin intleachtúil a fheabhsú, agus úsáid maoine intleachtúla a éascú mar mhodh chun cistiú a fháil, mar shampla tríd an Deasc Chabhrach um Chearta Maoine Intleachtúla do FBManna; á thabhairt chun suntais gur gá níos mó acmhainní a leithdháileadh ar leibhéal AE ar an gcomhrac in aghaidh cleachtais éagóracha agus mhí-úsáideacha sa mhargadh le haghaidh cógas;
119. á chur i bhfios go bhfuil ról ríthábhachtach ag FBManna sa slabhra luacha cógaisíochta, ar minic iad a bheith ina gceannródaithe agus ina spreagthaí ríthábhachtacha don nuálaíocht;

***Athléimneacht a mhéadú: ganntanais cógas a chosc, slabhraí soláthair slána, cógais inbhuanaithe, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus sásraí freagartha***

120. á mheabhrú go bhfuil nasc idir neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais agus infhaighteacht bhuan agus leordhóthanach cógas sna Ballstáit uile; ag athdhearbhú, i ndáil leis an méid sin, na moltaí a luaitear ina rún an 17 Meán Fómhair 2020 maidir le ganntanas cógas; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar EMA córas luathrabhaidh a fhorbairt do ghanntanais cógas, bunaithe ar ardán digiteach Eorpach a bheidh nuálach, soláimhsithe, trédhearcach agus láraithe, chun faisnéis agus sonraí maidir le ganntanais a mhalartú agus lena ndíreofar ar fhadhbanna soláthair; á mheas gur cheart go mbeadh an córas sin in ann méid an stoic cógais agus an éilimh atá ann cheana a chinneadh agus sonraí a chur ar fáil lena bhféadfaí ganntanas táirgí íocshláinte a bhrath, a thuar agus a chosc; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, comhar príobháideach poiblí a mhéadú agus faireachán a dhéanamh ar an oibleagáid atá ar na geallsealbhóirí ábhartha uile faisnéis luath agus thrédhearcach a sholáthar maidir le hinfaighteacht cógas, éileamh ar chógais, gníomhaíochtaí trádála comhthreomhara, toirmisc onnmhairiúcháin agus saobhadh margaidh, gan ualaí míchuí rialála agus riaracháin;
121. á iarraidh ar an gCoimisiún sásra a fhorbairt chun trédhearcacht i slabhraí táirgthe agus soláthair a chosaint i gcás éigeandálaí agus ina ndiaidh; á chur i bhfáth, i ndáil leis an méid sin, a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar tháirgí cógaisíochta góchumtha

agus iad a chomhrac;

122. á chur i bhfios go láidir gur crann taca tábhachtach sa tionscal i gcónaí í an earnáil chógaisíochta agus go gcruthófar go leor post inti amach anseo freisin; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé poist ardcháilíochta a chruthú in AE feadh an tslabhra luacha cógaisíochta ina iomláine agus i réimse an leighis, lena n-áirítear an lucht saothair sláinte, le tacaíocht ó Ionstraim Théarnaimh AE; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta a mholadh chun fostaíocht agus forbairt scileanna a chur chun cinn in earnáil na cógaisíochta agus in earnáil an leighis i ngach Ballstát, lena n-éascófar cothromaíocht gheografach, coinneáil tallainne agus deiseanna fostaíochta ar fud an Aontais ina iomláine;
123. á iarraidh ar an gCoimisiún agus na Ballstáit straitéisí nuálacha agus comhordaithe a fhorbairt agus malartú dea-chleachtas maidir le bainistiú stoic a neartú; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gurb é EMA an comhlacht is oiriúnaí le bheith ainmnithe mar an t-údarás rialála a bhfuil sé de chúram air ganntanais cógas ar leibhéal AE a chosc le linn éigeandálaí agus ina ndiaidh;
124. á iarraidh ar an gCoimisiún síneadh breise a chur le sainordú EMA ionas go mbeidh sé in ann faireachán a dhéanamh ar ghanntanais cógas fiú amháin i ndiaidh géarchéimeanna sláinte agus chun a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá aige;
125. á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfaidh SUManna agus dáileoirí mórdhíola ceanglais Threoir 2001/83/CE chun soláthairtí iomchuí agus leanúnacha cógas a áirithiú, chomh maith le hoibleagáidí fógartha a urramú i gcás cur isteach sealadach nó buan ar an soláthar, agus na hoibleagáidí sin a shoiléiriú tuilleadh lena áirithiú go dtuairisceoidh SUManna ganntanais cógas laistigh de na tréimhsí ama atá leagtha síos; á chur i bhfáth gur gá smachtbhannaí athchomhairleacha agus comhréireacha a chur i bhfeidhm i gcás nach gcomhlíontar na hoibleagáidí dlíthiúla sin i gcomhréir leis an gcreat reachtach atá ann cheana;
126. á áitiú nach leor an oibleagáid seirbhíse poiblí a bhunaítear le hAirteagal 81 de Threoir 2001/83/CE chun a áirithiú go mbeidh soláthar leordhóthanach ag AE ina iomláine; á iarraidh ar an gCoimisiún na moltaí ó Ghrúpa Stiúrtha Feidhmiúcháin AE um Ghanntanais Cógas de bharr Mórimeachtaí a chur chun feidhme chun cur isteach ar an soláthar a chosc agus a mhaolú le linn na paindéime agus ina diaidh;
127. á mheabhrú gur cheart aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá le ganntanais cógas agus dul i ngleic leo mar ábhar práinne, agus na naisc idir an slabhra soláthair agus na dúshláin a bhaineann le táirgeadh á gcur san áireamh;
128. á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, a áirithiú go gcuirfidh an t-athbhreithniú ar an reachtaíocht ghinearálta chógaisíochta le tuiscint mhaith ar bhunchúiseanna atá le ganntanais cógas; á thabhairt chun suntais gur gá do thionscal cógaisíochta an Aontais slabhra soláthair éagsúlaithe agus plean maolaithe riosca maidir le ganntanas cógas a bheith aige chun dul i ngleic le haon leochaileachtaí agus aon bhaol don slabhra soláthair; á chur i bhfáth, áfach, nach mór beartais shistéamacha inbhuanaithe a chur i bhfeidhm sula rachfar i muinín ceanglais dhíreireacha rialála, oibleagáid chun soláthar a dhéanamh, pionós nó stoc-charnadh místuama lena scoiltfí an margadh aonair nó lena mbagrófaí ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch táirgí, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis

le ganntanais bhreise;

129. á mheas gur tábhachtach go gcosnófaí an margadh aonair do chógais agus go seachnódh an Coimisiún srianta gan údar ar allmhairiú agus ar onnmhairiú, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don mhargadh aonair agus inacmhainneacht a laghdú, agus go dtabharfadh sé aghaidh orthu má tharlaíonn siad; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh, agus aghaidh a thabhairt nuair is gá, ar thionchar na trádála comhthreomhaire ar ghanntanais cógas sna Ballstáit, agus dul i ngleic go leordhóthanach le fadhbanna trí bhíthin an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun a áirithiú go dtiocfaidh cógais chomh fada leis na hothair uile in AE ar bhealach tráthúil;
130. á iarraidh ar an gCoimisiún na modhanna ar fad atá ar fáil dó a úsáid chun cosc a chur ar tháirgí góchumtha leighis dul isteach sa mhargadh, ós rud é go mbíonn táirgí den sórt sin ar cháilíocht íseal go minic agus contúirteach don tsláinte, agus go mbíonn móρθionchar eacnamaíoch acu;
131. á thabhairt dá haire gur gá cúnaimh teicniúil do na Ballstáit chun an Córas Eorpach um Fhíorú Leigheasra a chur chun feidhme go cuí;
132. á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, go leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar chumaise idir cuideachtaí cógaisíochta chun saobhadh iomaíochta a chosc;
133. á iarraidh ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar chúlchiste teagmhasach Eorpach a chruthú le haghaidh táirgí íocshláinte criticiúla atá i mbaol mór ganntanais, i gcomhréir leis an sásra RescEU, chun ganntanais athfhillteacha a mhaolú;
134. á mheabhrú go mbíonn tionchar díreach ag ganntanais cógas ar shláinte agus ar shábháilteacht othar agus ar leanúnachas a gcóireála, go háirithe do phobail leochaileacha amhail leanaí, daoine scothaosta, mná torracha, daoine faoi mhíchumas, othair a bhfuil galair ainsealacha nó ailse orthu, agus daoine atá in aonaid dianchúraim;
135. á iarraidh ar an gCoimisiún sainmhíniú comhchuibhithe ar a bhfuil i gceist le 'ganntanais' a dhréachtú agus ceanglais tuairiscithe a chaighdeánú ar fud na mBallstát chun comhar níos dlúithe agus malartú sonraí níos fearr a chumasú ar fud na hEorpa;

### ***Spás Eorpach Sonraí Sláinte, sonraí sláinte agus RGCS***

136. á chur in iúl gur geal léi an tionscnamh maidir le bonneagar digiteach idir-inoibritheach a thógáil don Spás Eorpach Sonraí Sláinte, lena ndéanfar fíorshonraí a thiomsú, chun an acmhainneacht iomlán a bhaineann le fíorshonraí agus le rochtain ar theiripí neamhchoitianta a ghíaráil agus chun rochtain chothrom, thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach ar shonraí ar fud na hEorpa a áirithiú; á chur i bhfios go láidir gurb é cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú comhsheasmhach an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí<sup>20</sup> (RGCS) i ngach Ballstát an bunús do thionscnaimh den chineál sin;
137. á iarraidh go n-oibreodh an Coimisiún i gcomhar leis na Ballstáit chun a áirithiú go

---

<sup>20</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE, IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

ndéanfar RGCS maidir le taighde cliniúil a dhéanamh ar fud AE a chur i bhfeidhm go hiomlán agus go comhchuibhithe;

138. á thabhairt chun suntais gur gá úsáid sonraí a chur chun cinn i gcomhréir go hiomlán le RGCS; á chreidiúint freisin go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach muinín agus nuálaíocht sonraí a chumasú agus a chur chun cinn sna ríomhsheirbhísí sláinte, rud a bheidh indéanta trí oideachas agus trí fhorbairt cumais do rialtóirí, don tionscal agus d'othair;
139. á thabhairt chun suntais gur gá úsáid phríomhúil agus thánaisteach sonraí sláinte comhiomlánaithe a chur chun cinn agus go bhfuil gá le sainmhíniú níos soiléire ar úsáid thánaisteach sonraí vs. bailiú príomhúil sonraí ina leith sin;
140. á chur i bhfáth, i bhfianaise a íogaire atá sonraí sláinte, ba cheart don Choimisiún agus do gach gníomhaireacht ábhartha coimirciú a dhéanamh agus ráthú a thabhairt go n-urramaíonn a n-oibríochtaí próiseála na prionsabail cosanta sonraí maidir le dlíthiúlacht, cothroime, trédhearcacht, teorannú cuspóra, íoslaghdú sonraí, cruinneas, teorannú stórála, sláine agus rúndacht; á chur i bhfáth, thairis sin, gur cheart do na Ballstáit agus do chomhlachtaí AE prionsabail na cosanta sonraí mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/1725 a urramú go docht<sup>21</sup>, agus bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí á gcinneadh aige freisin i gcomhréir le hAirteagal 33 den rialachán sin;
141. á mheabhrú go bhféadfadh ról ríthábhachtach a bheith ag teicneolaíochtaí nua, an digiteáil agus IS ó thaobh a chur ar chumas taighdeoirí ó shaotharlanna na hEorpa oibriú i líonra agus a gcuid cuspóirí agus torthaí a chomhroinnt, agus lánurraim á thabhairt don Chreat Eorpach um Chosaint Sonraí; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le bearta a thugann tús áite don eolaíocht oscailte chun dlús a chur le comhroinnt sonraí agus torthaí taighde sa phobal eolaíochta san Eoraip agus níos faide i gcéin;
142. ag cur béim ar an ngá atá ann líonraí sonraí cónasctha Eorpacha a fhorbairt lena ndírítear ar rannchuidiú leis an taighde, leis an bhforbairt agus leis an soláthar cúraim sláinte is fearr is féidir; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá comhroinnt sonraí agus inrochtaineacht sonraí chun leas a bhaint as acmhainneacht iomlán na hintleachta saorga i réimse an chúraim sláinte, agus ceanglais láidre eiticiúla á gcur i bhfeidhm ag an am céanna agus rialacha soiléire maidir le dlíteanas á mbunú; ag diúltú do thráchtálú na sonraí sin agus á thabhairt dá haire go bhfuil géarghá le gníomhú i gcoinne na sonraí sin a dhíol leis an tionscal cógaisíochta, le soláthraithe árachais sláinte, le cuideachtaí teicneolaíochta agus le fostóirí, i measc eile;
143. á mheas, dá mbeadh bonneagair ríomhaireachta ardfheidhmíochta le réimse sonraí sláinte na hEorpa, idirnasctha agus idir-inoibritheach, go n-áiritheofaí go mbeadh tacair shonraí sláinte ar ardchaighdeán ar fáil, ar tacair iad atá ríthábhachtach le haghaidh taighde agus chun cóireáil a dhéanamh ar phaiteolaíochtaí, go háirithe galair

---

<sup>21</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, IO L 295, 21.11.2018, lch. 39



neamhchoitianta agus coinníollacha péidiatraiceacha;

144. ag tacú le hoiriúnú na gcreataí atá ann cheana le haghaidh inghlacthachta sa chinnteoireacht agus le teicneolaíochtaí intleachta saorga a ghlacadh chun bealach a chur ar fáil trínar féidir intleacht shaorga a fhorbairt, a ghlacadh agus a chur chun feidhme i gcórais cúraim sláinte trí chuimsitheacht, acmhainneacht agus muinín;

### ***Idirphlé struchtúrtha le geallsealbhóirí***

145. ag aithint na gcúiseanna iomadúla atá le ganntanais agus dá bhrí sin, a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht monaróirí agus geallsealbhóirí eile sa slabhra soláthair a áirithiú chun ganntanais cógais a sheachaint agus a bhainistiú;
146. ag tacú leis an gCoimisiún ina chuid iarrachtaí chun idirphlé struchtúrtha a bheith aige le gníomhaithe ábhartha sa slabhra luacha cógaisíochta, le húdaráis phoiblí, le heagraíochtaí neamhrialtasacha othar agus sláinte, le gairmithe cúraim sláinte, lena n-áirítear cógaiseoirí, agus leis an gcomhphobal taighde mar cheann de na huirlisí chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá le ganntanais cógais agus ar na laigí atá sa slabhra domhanda monaraíochta agus soláthair le haghaidh cógais leighis chriticiúla, amhábhair cógaisíochta, táirgí idirmheánacha agus comhábhair ghníomhacha chógaisíochta, agus chun deiseanna le haghaidh nuálaíochta a shainaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún ionadaíocht chothrom na ngeallsealbhóirí a áirithiú;
147. ag tathant ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na geallsealbhóirí treochlár beartais soiléir agus uaillmhianach a tharraingt suas a luaithe is féidir agus ar bhonn an idirphlé struchtúrtha sin chun acmhainneachtaí monaraíochta na gcógas leighis, na teicneolaíochta agus na gcomhábhair gníomhach cógaisíochta atá san Eoraip a dhaingniú agus a nuachóiriú;
148. á chreidiúint, mar aon le hidirphlé struchtúrtha maidir leis an slabhra monaraíochta agus soláthair, go bhfuil gá freisin le Fóram Cógaisíochta Ardleibhéil atá polaitiúil agus níos leithne, lena dtugtar le chéile lucht déanta beartas, rialtóirí, íocóirí, eagraíochtaí othar, ionadaithe tionscail agus geallsealbhóirí ábhartha eile an tslabhra soláthair cúraim sláinte, chun na ceachtanna a foghlaimíodh ó staid éigeandála COVID-19 a roinnt agus chun creat beartais éifeachtach a bhunú chun ganntanais a sheachaint san fhadtéarma, rochtain ar chógas leighis d'othair a chumasú, moilleanna a laghdú, agus iomaíochas agus nuálaíocht a áirithiú;
149. ag cur béim ar ról luachmhar na gcógaslann pobail agus ag aithint a rannchuidithe luachmhair le linn na paindéime ó thaobh seirbhís riachtanach ar ardchaighdeán a chur ar fáil; á chur i bhfáth gur foinse faisnéise neamhspleách, iontaofa ar féidir brath uirthi iad cógaiseoirí; ag moladh go mbeadh ról níos gníomhaí ag cógaiseoirí i ngníomhaíochtaí faireachais cógas chun measúnú agus faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht cógas agus á iarraidh ar na Ballstáit iad a áireamh ina gclár sláinte, cúraim agus taighde; á iarraidh go dtabharfar aitheantas níos mó do chógaslanna i gceantair thuaithe, rud a chuirfear ar chumas na gceantar sin a bpobail a choinneáil agus dea-bhail na saoránach a áirithiú;

### ***Cógais leighis inbhuanaithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol***

150. ag cur béim ar an ngá atá ann go mbeadh an tionscal cógaisíochta neamhdhíobhálach don chomhshaol agus neodrach ó thaobh na haeráide de le linn saolré táirgí íocshláinte, agus san am céanna go n-áiritheoidh sé rochtain ar choireálacha cógaisíochta d’othair atá sábháilte agus éifeachtacha; á iarraidh ar an gCoimisiún cigireacht agus iniúchóireacht a neartú ar fud an tslabhra táirgthe, go háirithe lasmuigh de AE; ag tathant ar an gCoimisiún caighdeáin inbhuanaitheachta comhshaoil d’ardchaighdeán a áirithiú le haghaidh comhábhair ghníomhacha cógaisíochta a allmhairítear ó thíortha nach tíortha de chuid an Aontais iad; á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar fhadhb na dramhaíola cógaisíochta baile, trí bhearta chun pacáistiú agus méid na gcoimeádán a laghdú chun a áirithiú nach mbeidh siad níos mó ná mar is gá, agus san am céanna láimhseáil áisiúil agus shábháilte a áirithiú d’othair nó tomhaltóirí faoi luaineacht theoranta, agus oidis leighis a thabhairt i gcomhréir le fíor-riachtanais theiripeacha; á mholadh don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar acmhainneacht a d’fhéadfadh a bheith ag ríomhbhíleoga mar bheart comhlántach ar na huirlisí páipéir faisnéise atá ann faoi láthair, chun úsáid páipéir i bpacáistíocht a laghdú, agus fós rochtain chomhionann ar fhaisnéis thábhachtach a choinneáil; ag aithint na mbearta a rinneadh cheana féin sa tionscal cógaisíochta amhail, mar shampla, an tionscnamh maidir le maoriseacht éiceachógaisíochta (the Eco-Pharmaco-Stewardship initiative)
151. á mheas gur deis mhór atá sa Chomhaontú Glas don Eoraip chun monaróirí cógaisíochta a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa phlean téarnaimh ghlais faoina mbeidís ag táirgeadh i gcomhréir le caighdeáin chomhshaoil agus éiceolaíocha;
152. á chur i bhfáth gur cheart dramhaíl cógaisíochta a láimhseáil i gcomhréir le cuspóirí agus spriocanna an gheilleagair chiorclaigh; á chreidiúint gur cheart go mbeadh na ceanglais agus na caighdeáin chéanna maidir le pacáistíocht agus bainistiú dramhaíola agus atá ag earnálacha eile ag an tionscal cógaisíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún creat aonfhoirmeach maidir le pacáistíocht a chruthú lena ndéantar soláimhsitheacht agus saintréithe an tionscail a chur san áireamh;
153. á iarraidh ar an gCoimisiún treoir shoiléir a fhorbairt maidir le ról an bheartais soláthair poiblí i gcógaisíocht níos glaise a chur chun cinn;
154. á iarraidh ar an gCoimisiún freagra a thabhairt ar na héilimh a rinne an Pharlaimint i rún uaithi an 17 Meán Fómhair 2020 maidir le cur chuige straitéiseach i leith cógaisíocht sa chomhshaol, go háirithe go ndéanfaidh sé athbhreithniú ar reachtaíocht cógaisíochta chun neartú a dhéanamh ar na ceanglais i ndáil le measúnú riosca comhshaoil agus ar na coinníollacha maidir le formheas agus úsáid cógas, ar choinníoll nach bhfuil moill ar údaruithe margaióchta nó nach ndiúltaítear dóibh ar fhorais a bhaineann le drochthionchair ar an gcomhshaol, agus ar na forais sin amháin; á iarraidh, thairis sin, ar an gCoimisiún dlús a chur leis an nós imeachta cúitimh maidir le measúnuithe riosca comhshaoil ar chógas don duine a údaraíodh roimh 2006, i gcás nach bhfuil siad ar fáil;
155. á mheabhrú go bhfuil ról lárnach ag faisnéis amhail tionchar na cógaisíochta ar uisce, iompraíocht chomhshaoil agus díghrádaitheacht maidir le bainistiú riosca agus gur cheart an cineál sin faisnéise a bheith trédhearcach agus gur cheart é a chur ar fáil do na geallsealbhóirí uile ábhartha; á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Choimisiúin chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb na cógaisíochta sa chomhshaol; á chur i bhfáth gur gá leanúint ar aghaidh agus dlús a chur leis na hiarrachtaí sin, go háirithe maidir le



hinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí lena gcuirtear réitigh níos éifeachtaí ar fáil chun ábhar cógaisíochta a bhaint d'fhuíolluisce, measúnú a dhéanamh ar thionchar comhshaoil na gcógas tréidliachta, faireachán leanúnach a fhorbairt agus sonraí a chomhroinnt maidir le foinsí tábhachtacha féideartha de thruailliú den chineál sin;

156. á áitiú gur cheart go ndéanfaí machnamh sa straitéis cogaisíochta don Eoraip ar chuspóirí an phlean gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú;
157. ag tacú le cur chun feidhme an phrionsabail gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as chun cur le freagracht thionscal na cógaisíochta as an truailliú a d'fhéadfadh sé a ghiniúint;
158. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tacú le taighde, forbairt agus nuálaíocht i réimse cógaisíochta atá chomh héifeachtach céanna d'othair agus a dhéanann díobháil níos lú go bunúsach don chomhshaoil;
159. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá infheistíocht maidir le modheolaíochtaí nua, malartacha, neamhainmhithe le haghaidh forbairt drugaí a aimsiú, gan an leibhéal cosanta do shláinte an duine a ísliú agus gan dochar don nuálaíocht i réimse na cógaisíochta;

#### ***Tá an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta i réimse an chúraim sláinte***

160. á iarraidh ar an gCoimisiún rochtain ar mhargaí domhanda a éascú tuilleadh do thionscal cógaisíochta AE, lena n-áirítear FBManna, trí mhachaire comhréidh agus trí chreat rialála láidir agus soiléir lena ndéantar na caighdeáin is airde cáilíochta agus sabháilteachta ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur chun cinn agus lena n-éascaítear comhaontuithe trádála lena mbronntar iomaíochas nuálaíocht-bhunaithe, chun colún straitéiseach AE a dhéanamh den earnáil chógaisíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go rannchuideoidh comhaontuithe trádála le rochtain fheabhsaithe ar chógais leighis shábháilte, éifeachtacha agus inacmhainne in AE agus i dtríú tíortha; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé bacainní trádála agus neamhtharaife i dtríú tíortha a bhaint, agus rochtain chothrom ar mhargaí idirnáisiúnta a áirithiú do chuideachtaí a fheidhmíonn in AE;
161. á iarraidh ar an gCoimisiún comhaontuithe a éascú idir EMA agus gníomhaireachtaí rialála nach de chuid an Aontais iad maidir le héigeandálaí a chosc agus freagairtí orthu a chomhordú agus urraim iomlán á tabhairt do na caighdeáin is airde de chuid AE i dtaca le cosaint sonraí pearsanta; ag spreagadh an Choimisiúin oibriú le comhaltaí na hEagraíochta Domhanda Trádála chun trádáil i dtáirgí sláinte a éascú, chun athléimneacht i slabhraí soláthair domhanda a mhéadú trí rochtain chobhsaí ar amhábhair, agus chun rannchuidiú le freagairt éifeachtach i gcás éigeandáil sláinte;
162. ag athdhearbhú a tiomantais leanúint de bheith ag obair leis an gCoimisiún agus leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte chun creataí rialála sábháilte, éifeachtacha agus inbhuanaithe a chaighdeánú do tháirgí íocshláinte agus chun feabhas a chur ar rochtain ar chógais leighis agus ar inacmhainneacht cógas leighis ar fud an domhain;

#### ***Paitinní agus comhaontú TRIPS***

163. ag tabhairt dá haire gur príomhdhreasacht í an chosaint paitinne do chuideachtaí chun

infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht agus chun cógais nua a tháirgeadh; ag tabhairt dá haire, ag an am céanna, go bhféadfadh soláthar teoranta margaidh agus rochtain laghdaithe ar chógais agus ar tháirgí cógaisíochta a bheith mar thoradh ar éifeacht eisiatach paitinní; á chur i bhfáth gur cheart cothromaíocht a bhaint amach idir nuálaíocht a spreagadh trí éifeacht eisiatach paitinní agus rochtain ar chógais a áirithiú agus an tsláinte phoiblí a chosaint; á mheabhrú go bhféadfaidh cuideachta a mhargaíonn leigheas leas a bhaint as eisiachas sonraí ar feadh tréimhse ocht mbliana amhail ón gcéad údarú margaióchta de bhun Airteagal 14(11) de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004; á iarraidh ar an gCoimisiún moladh a dhéanamh go ndéanfaí athbhreithniú ar an rialachán sin chun foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht ceadúnais éigeantacha a dheonú ar bhonn sealadach i gcás géarchéim sláinte chun go bhféadfaí leaganacha cineálacha de chógais tarrthála a tháirgeadh; á mheabhrú go bhfuil sé sin ar cheann de na solúbthachtaí don tsláinte phoiblí i réimse na cosanta paitinne a áirítear cheana i gComhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le TRIPS, arna athdhearbhú tuilleadh le Dearbhú Doha 2001; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú nach gcuirfidh cur chun feidhme chomhaontuithe saorthrádála AE (FTAnna) isteach ar na féidearthachtaí a bhaineann le solúbthachtaí a agairt a chuirtear ar fáil faoi Chomhaontú TRIPS agus treoir a chur ar fáil do na Ballstáit d'fhonn ceadúnú deonach a chur chun cinn thar cheadúnú éigeantach láithreach; á chur i bhfáth nár cheart do chomhaontuithe saorthrádála díriú go heisiach ar chaighdeán maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú i dtríú tíortha, ach gur cheart an tionchar ar chógais chineálacha agus bhithshamhlacha in AE agus i dtríú tíortha a chur san áireamh, chomh maith le comhordú caighdeán rialála a áirithiú;

o

o o

164. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Le géarchéim COVID-19, tá an tsláinte níos airde anois ar chlár oibre an Aontais Eorpaigh, ach freisin ar liosta na n-ábhar is mó inní dár saoránaigh. In Eorabharaiméadar a rinneadh le déanaí ar Thodhchaí na hEorpa (Eorabharaiméadar Speisialta 500), cuirtear ‘rioscaí a bhaineann leis an tsláinte’ mar an tríú dúshlán domhanda do AE, díreach i ndiaidh ‘saincheisteanna aeráide agus comhshaoil’ agus beagnach ar aon dul le ‘sceimhlitheoireacht’. Creideann an rapóirtéir go bhfuil Aontas Sláinte Eorpach láidir bunriachtanach chun ár gcórais sláinte a neartú agus chun déileáil le géarchéimeanna sláinte a bheidh ann amach anseo.

Is í an Eoraip ceannródaí an domhain sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus aire a thabhairt don domhan, agus anois, tar éis COVID-19, tá an deis ann an Eoraip agus a córais sláinte poiblí náisiúnta a chur ar fáil do cheannairí domhanda a bhfuil rochtain uilíoch acu ar chúram sláinte. Le linn na bliana seo, leagadh na chéad cholúin síos i dtógáil an Aontais Eorpaigh Sláinte, le straitéis vacsaíne COVID-19, neartú ECDC agus EMA, cruthú HERA agus a ghorlann, clár sláinte uathrialach nua AE don tsláinte, Plean Sáraithe Ailse na hEorpa, lena gcuirtear tús, i dteannta na straitéise, leis na deich mbliana de shláinte agus taighde san Eoraip, lena dtreisiútar ní hamháin gné eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh ach gné shóisialta an Aontais Eorpaigh freisin.

Tá teacht aniar agus láidreacht mhór léirithe ag an Eoraip le linn na géarchéime sláinte, ach nochtadh laigí ár gcóras sláinte freisin. Agus leas á bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh le linn phaindéim COVID-19, iarrann an rapóirtéir ar an Aontas a bheartas sláinte agus a chreat slándála a neartú chun ullmhacht a mhéadú agus freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais leighis shaoránaigh na hEorpa; leagann an rapóirtéir béim ar an ngá atá le hothair a chur i gcroílár na mbeartas sláinte uile agus rochtain chóir agus chothrom ar chúram sláinte a áirithiú.

Tá ceithre phríomhchuspóir ag straitéis chógaisíochta na hEorpa:

1. A áirithiú go mbeidh rochtain ag othair ar chógais inacmhainne agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu, amhail i réimsí na frithsheasmhachta in aghaidh ábhar frithmhocróbach, na hailse agus na ngalar neamhchoitianta;
2. Iomaíochas, nuálaíocht agus inbhuanaitheacht thionscal cógaisíochta AE a chur chun cinn agus cógais leighis ardcháilíochta, sábháilte, éifeachtacha agus níos glaise a fhorbairt;
3. Feabhas a chur ar shásraí ullmhachta agus freagartha i gcomhair géarchéimeanna agus aghaidh a thabhairt ar shlándáil an tsoláthair;
4. Guth láidir AE a áirithiú ar fud an domhain trí ardchaighdeáin cháilíochta, éifeachtachta agus sábháilteachta a chur chun cinn.

Tá an straitéis nua chógaisíochta ar cheann de cholúin an Aontais Eorpaigh Sláinte agus tá an rapóirtéir den tuairim gur féidir léi freagairt, má chuirtear chun feidhme go hiomlán í, do laigí seanbhunaithe i réimse na gcógas, amhail inacmhainneacht, rochtain agus ganntanas, tacú le taighde atá ailínithe le riachtanais na n-othar agus na gcóras sláinte, agus gur féidir léi tionscal na cógaisíochta a neartú agus a nuáil. Is féidir leis an straitéis nua cuidiú le córas cógaisíochta AE a thógáil a sheasfaidh an aimsir agus a bheidh athléimneach i gcás géarchéime; ní hamháin

go bhfuil beogacht na hearnála cógaisíochta rithábachtach do shláinte agus do phoist an Aontais, ach tá sí riachtanach chun a neamhspleáchas straitéiseach a neartú, go háirithe i bhfianaise rioscaí paidéime méadaithe agus slabhraí soláthair leochaileacha.

Cuireann an rapóirtéir i bhfios gur féidir le hothair tairbhe a bhaint as dul chun cinn eolaíoch agus as claochlú digiteach mar go bhfuil siad bunriachtanach chun feabhas a chur ar chúram sláinte ceannródaíoch, agus á chur i bhfios go láidir go mbeidh tairbhí ollmhóra ag baint le teiripí géiniteacha agus ceallacha, leigheas pearsantaithe, nanaitheicneolaíochtaí, an ghlúin is déanaí de vacsaíní, chomh maith le r-shláinte le sár-ríomhaireacht, intleacht shaorga agus struchtúr idir-inoibritheach le haghaidh spás sonraí sláinte na hEorpa ina bhfuil “Níos mó ná milliún géanóm”, ó thaobh taighde, coisc, fáthmheas luath, agus cóireálacha agus iarchóireálacha de gach galar.

Cé go bhfuil cláir taighde AE i measc na gclár taighde is fearr ar domhan, iarrann an Rapóirtéir go ndéanfaí tuilleadh infheistíochta i dtaighde ar ghalair neamhchoitianta, ar ailsí pédiatraiceacha, ar ghalair néaraimheathlúcháin agus ar fhritsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha.

Tá creat rialála reachtach ag an Aontas Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar dhruaí dílleachta agus é mar aidhm aige taighde agus forbairt ar chógais le haghaidh galair neamhchoitianta a spreagadh. Sainaithníodh sa mheastóireacht a rinneadh le déanaí go bhfuil éifeacht dhearfach shoiléir ag an reachtaíocht; sainaithníodh ann freisin, áfach, go bhféadfaí feabhas a chur ar chúrsaí, ós rud é nach bhfuil aon rogha chóireála fós ag thart ar 95 % de na galair neamhchoitianta. Sampla de sin is ea gur thug EMA údarú do 103 dhrua dílleachta in 2019, agus nár shroich ach leath díobh an margadh, agus go raibh moill dhá bhliain ar an meán i gceist leo. Dá bhrí sin, iarrann an rapóirtéir go ndéanfaí tréimhsí formheasa na ngníomhaireachtaí náisiúnta a laghdú agus a ailíniú le hamanna formheasa EMA agus rochtain thapa agus chomhionann ar chógais ar fud na hEorpa a áirithiú.

Chun taighde agus forbairt na gcógais leighis do riachtanais theiripeacha nach bhfuiltear ag freastal orthu a mhéadú, iarrann an rapóirtéir ar an gCoimisiún cruthú creata Eorpaigh a chur chun cinn chun treoir a thabhairt maidir le cur chun feidhme pleananna agus straitéisí náisiúnta chun dul i ngleic le galair neamhchoitianta, ailsí pédiatraiceacha, galair néaraimheathlúcháin agus fritsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha.

Tá mí-úsáid agus ró-úsáid ábhar frithmhiocróbach ar na príomhchúiseanna le forbairt pataiginí atá fritsheasmhach in aghaidh drugaí. Is fadhb mhór dhomhanda sláinte é AMR agus is baol tromchúiseach é d'fholláine shaoránaigh na hEorpa a bheidh ina mórdhúshlán do chórais agus do shochaithe sláinte na hEorpa. De réir figiúirí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), faigheann 33,000 duine bás gach bliain san Eoraip toisc nach mbíonn éifeacht le hantaibheathaigh a thuilleadh. Tá sé dearbhaithe ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gur ceann de na 10 mbagairt dhomhanda ar an tsláinte phoiblí is mó atá i os comhair an chine dhaonna é AMR. Dá bhrí sin, iarrann an rapóirtéir ar AE treoir theiripeach choiteann maidir le hábhair fhrithmhiocróbacha a sholáthar dó féin.

Leag an ghéarchéim sláinte béim freisin ar an mbagairt atá ag dul i méid maidir le ganntanas cógas riachtanach, amhail frithmhiocróbaigh nó ligeáin mhatánacha le haghaidh ionsá tíúibe, atá chomh riachtanach sin sa phaindéim agus nach dtáirgtear san Eoraip den chuid is mó, mar gheall ar a bpraghas íseal, rud atá ina chúis le ganntanas, easpa rochtana agus teannas sna Córais

Náisiúnta Sláinte. Mar a dúradh, tá go leor fachtóirí ann atá freagrach as an nganntanas sin, amhail an spleáchas mór ar thíortha lasmuigh den Aontas ó thaobh comhábhair ghníomhacha chógaisíochta, amhábhair cheimiceacha agus cógais leighis. Ní mór don Aontas a chumas táirgeachta a mhéadú trína thionscal a spreagadh, ach freisin chun a shlabhra soláthair a éagsúlú agus comhordú níos fearr ar straitéisí sláinte náisiúnta a áirithiú. Is mór ag an rapóirtéir an deis táirgeadh na hEorpa a dhreasú agus praghsanna a chur in oiriúint do luach na sochar teiripeach a bhaineann le leigheas an phríomhriachtanais agus na riachtanas mór don daonra.

Iarrann an rapóirtéir ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit soláthar poiblí Eorpach comhpháirteach a chur chun cinn mar a rinneadh le haghaidh vacsaíní Covid-19, agus nósanna imeachta nuálacha soláthair lena n-ionchorpraítear critéir amhail: ‘Déanta san Eoraip’, seachadadh tráthúil, táirgeadh orgánach, slándáil agus leanúnachas an tsoláthair, nó mar shampla, an Tionscnamh Mórcheannaitheoirí a seoladh faoi chuimsiú straitéis FBM, agus an ‘chomhpháirtíocht nuálaíochta’, lena lamháiltear comhoibriú poiblí príobháideach chun cógais a fhorbairt, a mhonarú agus a cheannach. D’éascódh sé sin iomaíochas margaidh níos fearr agus bheadh leas ar leith ag baint leis i gcás leigheasanna éigeandála agus riachtanais theiripeacha nach bhfuiltear ag freastal orthu. Is gá trédhearcacht na slabhraí táirgthe agus soláthair a chosaint i gcás géarchéim sláinte.

Tá cáilíocht agus sábháilteacht cógas agus feistí leighis ríthábhachtach freisin agus, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh le linn ghéarchéim COVID-19, molann an rapóirtéir gur cheart don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) breithniú a dhéanamh ar an Athbhreithniú Rollach ar údarú a leathnú chuig cógais éigeandála eile chomh maith le vacsaíní COVID-19.

Leagann an rapóirtéir béim ar an ngá atá le tacú le trialacha clínicíúla atá níos dírithe ar an othar, chomh maith le creat a áirithiú a thacaíonn le dearadh nuálach trialacha clínicíúla. Cuirtear i bhfáth gur féidir le trialacha pragmatacha, ina n-úsáidtear an chóireáil mar chleachtas caighdeánach, feabhas a chur ar rannpháirtíocht an othair agus ar chaoimhfulaingt i leith cóireála tríd an dáileog is fearr agus a húsáidí le cóireálacha eile a shainaithint. Dá bhrí sin, ní mór dúinn tacú le tionscnaimh chun feabhas a chur ar an eolas rialála atá ag taighdeoirí agus ag geallsealbhóirí neamhbhrabúsacha, ionas gur féidir leas a bhaint as a gcuid taighde agus fianaise chun cógais neamhphaitinneacha a athphróifiliú le haghaidh úsáidí teiripeacha nua. Chomh maith le ceanglais na reachtaíochta a shimpliú, ionas nach bacainn ar thaighde é maorlathas.

Leagann an Rapóirtéir béim ar an ngá atá le hanailís a dhéanamh ar na modhanna nua monaraíochta atá ag teacht chun cinn, a bhogann ó mhonarú tionsclaíoch go táirgeadh “ar an láthair”, luas a chur leis na hamanna táirgthe, costais a laghdú, agus rochtain níos fearr a éascú, lena gcruthaítear dúshlán nua ó thaobh cáilíochta, cigireachta agus faireacháin.

Le blianta beaga anuas, tá ardú tagtha ar phraghsanna cógas nua agus nuálach go dtí go bhfuil siad éirithe ródhaor do go leor daoine, rud a chuireann leis an mbaol éagothroime mhéadaitheach a bheith ann maidir le rochtain ar sheirbhísí sláinte agus ró-ualach ar chórais sláinte náisiúnta. Ní mór don Aontas leanúint de rochtain níos tapa ar an margadh a éascú do chógais leighis chineálacha agus bhithshamlacha, toisc gur féidir leo a bheith ina rogha inrochtana inacmhainne ag a lán othar agus brú ar ár gcórais cúraim sláinte a mhaolú. Iarrann an Rapóirtéir go ndéanfaí athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir le cógais chun iomaíocht a mhéadú agus, ag an am céanna, an córas praghsála a chobhsú agus a chothromú.

Ní mór do thionscal cógaisíochta AE córas láidir maoine intleachtúla Eorpach a chothabháil

chun taighde agus forbairt agus monaraíocht a spreagadh san Aontas Eorpach agus chun a áirithiú go mbeidh an Eoraip i gcónaí nuálach agus ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain. Tá sé ríthábhachtach tionscal sláinte Eorpach rathúil agus ardteicneolaíoch agus pobal taighde iomaíoch a bheith ann. Chuige sin, teastaíonn creat rialála do chuideachtaí Eorpacha atá uailmhianach, soiléir agus cothrom le dáta, chomh maith le hacmhainní tiomnaithe le haghaidh taighde eolaíochta agus sláinte.

Ní mór don tionscal cógaisíochta a bheith neamhdhíobhálach don chomhshaol agus don aeráid feadh shaolré an táirge íocshláinte. Iarrann an rapóirtéir ar an gCoimisiún cigireacht agus iniúchóireacht feadh an tslabhra táirgeachta a neartú agus ardchaighdeán cháilíochta agus inbhuanaitheacht chomhshaoil na gcomhábhar gníomhach cógaisíochta a áirithiú, lena n-áirítear iad siúd a allmhairítear ó thríú tíortha. Is cúis mhór inní freisin í dramhaíl chógaisíochta ar cheart don Choimisiún aghaidh a thabhairt uirthi le bearta chun fillteáin agus pacáistíocht a laghdú.

Leagann an Rapóirtéir béim ar a thábhachtaí atá sé poist ar ardchaighdeán a chruthú san Aontas Eorpach, feadh an tslabhra luacha cógaisíochta ina iomláine, trí choimeád tallainne agus soghluaisteacht ar leibhéal AE a éascú, le tacaíocht ón NextGenerationEU.

Chun ullmhú níos fearr do ghéarchéimeanna amach anseo, ba cheart do EMA agus do ghníomhaireachtaí rialála eile lasmuigh den Eoraip comhoibriú chun feabhas a chur ar chosc agus comhordú freagairtí ar éigeandálaí. Ba cheart don Choimisiún oibriú freisin le comhaltaí EDT chun trádáil i bhfeistí leighis agus le EDS a éascú chun cuidiú le héigeandálaí sláinte a ullmhú ar bhealach níos éifeachtaí agus chun freagairt dóibh.

Mar fhocal scoir, tá sé mar aidhm ag an straitéis seo a áirithiú go mbeidh beartas cógaisíochta an Aontais fós ag fónamh don tsláinte phoiblí trí chúrsa a leagan amach d'athnuachan atá inbhuanaithe ó thaobh na heacnamaíochta, an chomhshaoil agus na sochaí de, agus go mbeidh gá bunúsach le hacmhainní a chur ar fáil go fadtéarmach agus le rannpháirtíocht gach duine.

30.9.2021

## **TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH**

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar straitéis chógaisíochta don Eoraip  
(2021/2013(INI))

Rapóirtéir don tuairim (\*): Cristian-Silviu Buşoi<sup>1</sup>

(\*): Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

---

<sup>1</sup>Thug an tUasal Buşoi a thuairim uaidh ina cháil mar Chathaoirleach ar ITRE tar éis don rapóirtéir bunaidh, Botenga, éirí as.



## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

- A. de bhrí gur athdhearbhaigh an phaindéim a láidre agus a theoranta atá bainistiú reatha slabhraí luacha agus inrochtaineacht ar chógais leighis agus ar vacsaíní; de bhrí gur fadhb sheanbhunaithe é an ganntanas cógas leighis san Aontas agus go bhfuil líon na dteagmhas a bhaineann le ganntanas cógas leighis sna Ballstáit ag dul i méid le blianta beaga anuas; de bhrí gur cheart go n-áireofaí i straitéis éifeachtach chógaisíochta bearta a ceapadh ní hamháin chun tionchar ghanntanas na gcógais leighis a mhaolú, ach chun iad a chosc freisin, trí fhéachaint ar bhunchúiseanna na nganntanas; de bhrí gur cheart uathriaíl straitéiseach oscailte agus slándáil an tsoláthair AE a áirithiú trí – *inter alia* – shlabhraí soláthair a éagsúlú le haghaidh cógais leighis riachtanacha agus táirgí íocshláinte riachtanacha, lena n-áirítear láithreáin mhonaraíochta Eorpacha agus soláthar poiblí Eorpach;
- B. de bhrí gur ceart bunúsach é rochtain chothrom ar chógais leighis atá sábháilte, éifeachtach agus inacmhainne; de bhrí chun gur féidir an ceart sin a bhaint amach ina iomláine gur riachtanach sochaí a bheith ann ina dtugtar tús áite don tsláinte; de bhrí go bhféadfaidh an tAontas tacú leis an gceart sin trí chreat beartais intuartha a chur i bhfeidhm lena gothaítear, i measc nithe eile, infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha agus tionscal cógaisíochta Eorpach taighde-bhunaithe a rachadh chun tairbhe do gheilleagar AE agus don tsochaí ina hiomláine; de bhrí gur cheart go mbeadh an taighde agus an nuálaíocht cógaisíochta poiblí á dtreorú ag cuspóirí na sláinte poiblí, lena n-áirítear na cuspóirí sin a bhaineann le riachtanais leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu;

### **Prionsabail ghinearálta**

1. ag cur béim ar an bhfíoras gur ceart bunúsach, doshannta agus uilíoch í an tsláinte; go measann sí, dá bhrí sin, go bhfuil tosaíocht ag infhaighteacht agus inacmhainneacht cógas leighis; ag leagan béim ar a riachtanaí atá sé go mbeidh infhaighteacht leanúnach agus leordhóthanach na gcógais leighis sna Ballstáit uile; á chur i bhfios go láidir go bhféadfaidh an tAontas tacú leis an méid sin trí chreat beartais intuartha a chur i bhfeidhm lena ráthaítear le hinfeistíochtaí poiblí agus príobháideacha go n-áiritheofar go mbeidh rochtain inacmhainne ag othair ar chógais leighis agus go rachaidh siad chun tairbhe don tsochaí ina hiomláine;
2. á chur in iúl gur díol sásaimh di go n-aithnítear sa straitéis chógaisíochta a riachtanaí atá sé rochtain chothrom ar chógais a áirithiú agus ag tabhairt le fios go bhfuil gá le cumarsáid agus pleanáil níos fearr i measc na bpáirtithe leasmhara chun an sprioc sin a bhaint amach; ag leagan béim ar an bhfíoras gur earnáil straitéiseach san Eoraip é an tionscal cógaisíochta agus nach mór tacú leis agus é a eagrú le beartais thionsclaíocha atá leormhaith agus láidir;
3. á chur in iúl go léiríonn géarchéim COVID-19 atá ann faoi láthair go bhfuil gá le comhar Eorpach níos fearr in earnáil na sláinte; á iarraidh ar an gCoimisiún freagracht



níos mó a ghlacadh as infheistíocht a dhéanamh i nuálaíocht chógaisíochta agus as an nuálaíocht sin a mhúnlú; ag cur béim ar an bhfioras gur cheart go leanfadh taighde agus táirgeadh agus úsáid cógas leighis prionsabail eiticíúla lena ráthaítear cur chuige dírithe ar an othar, lena gcosnaítear dínit agus sláine an duine;

4. á iarraidh go mbeadh rannpháirtíocht láidir na gcomhlachas othar agus úsáideoirí deiridh ann mar aon le rannpháirtíocht láidir na ionadaithe na ngairmithe sláinte i ndearadh agus cur chun feidhme thionscnaimh an Aontais lena gcumasaítear straitéis chógaisíochta don Eoraip;
5. á iarraidh ar an gCoimisiún gach ceacht a fhoghlaim ó bhainistiú phaindéim COVID-19, agus gnéithe dearfacha na nósanna imeachta maidir le soláthar comhpháirteach agus na deacrachtaí agus na srianta lena mbaineann á gcur san áireamh d'fhonn ullmhú do chéim nua sa phróiseas, an méid a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 a roinnt agus tátal a bhaint as sin d'fhonn creat beartais uile-Eorpach éifeachtach a bhunú lena ndíreofar ar ghanntanais a chosc san fhadtéarma agus lena n-áiritheofar tionscal inbhuanaithe dea-fheidhmiúil inbhuanaithe a leanfaidh de bheith ina spreagadh do rochtain inbhuanaithe ar chógais leighis d'othair agus don nuálaíocht a áirithiú;
6. á iarraidh ar an gCoimisiún, i dteannta an idirphlé struchtúrtha maidir le slabhraí monaraíochta agus soláthair, machnamh a dhéanamh ar fhóram cógaisíochta ardleibhéil a bhunú a bheidh fócasaithe agus dírithe ar ghníomhaíocht ina mbeidh ionadaithe ó na húdaráis sláinte náisiúnta agus ó na hinstiúidí slándála sóisialta, lucht ceaptha beartas, rialtóirí, eolaithe, ceardchumann a dhéanann ionadaíocht ar oibríthe sa tionscal, comhlachais othar agus úsáideoirí de chuid an chórais sláinte poiblí, tionscnóirí sláinte poiblí, ionadaithe ón tionscal, agus páirtithe leasmhara eile an tslabhra soláthair cúraim sláinte agus na hearnála cúraim sláinte;
7. ag tathant ar an gCoimisiún saorshreabhadh na gcógas leighis laistigh de mhargadh inmheánach AE a áirithiú agus bearta comhordaithe AE a chur chun feidhme chun an ceart rochtana ar chúram sláinte a áirithiú, agus ar an gcaoi sin srianta sealadacha ar shaorghluaiseacht cógas a sheachaint;
8. ag tacú leis an gCoimisiún ina chuspóir straitéis thionsclaíoch nua de chuid an Aontais a dheardh mar iarracht tionscal a bhaint amach a bheidh níos iomaíche agus níos athléimní, agus é ag dul i ngleic le turraingí domhanda;

#### ***Uathriail straitéiseach oscailte agus slabhra soláthair***

9. á chur in iúl gur díol sásaimh di an deis nua a bhaineann le straitéis nua chógaisíochta na hEorpa; ag leagan béim ar an ról straitéiseach atá ag tionscal cógaisíochta na hEorpa maidir le huathriail AE a ráthú i gcás géarchéim sláinte nó bagairt don bhithshlándaíl; á iarraidh go mbeadh dlúthchomhar agus comhordú idir an tÚdarás Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i gcás Éigeandáil Sláinte (HERA), an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) agus údaráis phoiblí ábhartha eile atá ag feidhmiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach;
10. ag meabhrú theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2021 dar teideal *Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger single market for Europe's recovery*

[Straitéis Nua Thionsclaíoch 2020 a nuashonrú: Margadh aonair níos láidre a thógáil do théarnamh na hEorpa] (COM(2021)0350), ina ndéantar anailís ar spleáchais straitéiseacha, lena n-áirítear táirgeadh comhábhar gníomhach cógaisíochta agus táirgí eile a bhaineann leis an tsláinte, rud a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le leochaileacht AE agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá chroileasanna, agus ina dtagraítear don straitéis chógaisíochta mar mhodh chun go dtabharfar aghaidh ar na saincheistanna sin;

11. á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar shrianta trádála nach bhfuil údar cuí leo; á mholadh gur cheart gur den riachtanas é i straitéis chógaisíochta don Eoraip go mbeadh sreabhadh na gcógas leighis ag teacht le héilimh na n-othar agus nár cheart go mbeadh sí bunaithe ar leasanna tráchtála amháin; á mholadh go bhforbrófaí treoir bhreise AE do na Ballstáit maidir le hallmhairiú agus onnmhairiú trasteorann cógas leighis; á iarraidh go dtabharfaí isteach coimircí breise chun a áirithiú go ndéantar ábhair agus comhábhair a thagann isteach i margadh AE a tháirgeadh i gcomhréir le caighdeáin leormhaithe shóisialta agus chomhshaoil; á iarraidh ar an gCoimisiún cur lena iarrachtaí chun tionscal níos athléimní a bheith ann i gcás turraingí domhanda;
12. á mheabhrú go bhfuil géarghá ann go bhforbródh an tsláinte dhomhanda agus slabhraí soláthair domhanda acmhainneachtaí táirgthe agus dáileacháin áitiúla san Aontas agus i dtíortha atá i mbéal forbartha, go háirithe ó thaobh taighde, forbairt agus táirgeadh cógaisíochta de agus i gcónaí i gcomhréir le caighdeáin shóisialta agus dícheall cuí tionscail; á iarraidh ar an gCoimisiún na straitéisí tionsclaíocha, maoinne intleachtúla agus cógaisíochta a úsáid chun gur fusa an bhearna leanúnach i dtaighde agus i dtáirgeadh cógas leighis a dhúnadh trí chomhpháirtíochtaí forbartha táirgí agus trí ionaid oscailte taighde agus táirgthe a chruthú;
13. á mheas go bhfuil monarchana monaraíochta cógaisíochta mar chuid de bhonneagar sláinte criticiúil na hEorpa; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar an infheistíocht dhíreach choigríche san earnáil; á mholadh an Clár Eorpach um Chosaint an Phríomhbhonneagair a chur i bhfeidhm ar earnáil an bhonneagair sláinte;
14. ag tathant ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar pháirtithe eile lena mbaineann treochlár beartais soiléir, uaillmhianach a shainiú a luaithe is féidir trí athchóirithe eacnamaíocha, rialála agus tionsclaíocha chun acmhainneachtaí monaraíochta na gcógas leighis, na teicneolaíochta agus na gcomhábhar gníomhach cógaisíochta atá san Eoraip a dhaingniú agus a nuachóiriú; á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar chomhchruinniú na hacmhainneachta táirgthe le comhpháirtithe i dtíortha éagsúla agus chun tacú le dílárú chun rioscaí sistéamacha a roinnt, athléimneacht chórasach a chothú i dtáirgeadh agus soláthar cógas bunriachtanach agus vacsaíní bunriachtanacha agus coimín sláinte na cruinne a neartú;
15. ag tabhairt le fios go bhfuil ról ríthábhachtach ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) sa slabhra luacha cógaisíochta, ar minic iad a bheith ina gceannródaithe agus ina spreagthaí ríthábhachtacha don nuálaíocht; á iarraidh ar an gCoimisiún creat rialála cuimsitheach agus intuartha a choimeád lena gcothaítear infheistíocht agus nuálaíocht, go háirithe, FBManna Eorpacha cógaisíochta; ag tathant ar an gCoimisiún bearta a mholadh chun cuimsiú níos mó FBManna Eorpacha sa slabhra soláthair cógas leighis a dhreasú i bhfianaise a ról lárnaigh i dtaighde agus i nuálaíocht agus ina

gcumas a bpríomhchúraim táirgeachta a oiriúnú, d'fhonn dul i ngleic le suaithí gan choinne ar bhealach níos fearr;

16. ag tabhairt le fios go bhféadfaí éascú a dhéanamh ar láithreáin i dtíortha nach bhfuil san Aontas a chomhtháthú i slabhra soláthair táirgthe gan caighdeáin Eorpacha a ghéilleadh, dá ndéanfaí comhaontuithe nua aitheantais fhrithpháirtigh a fhorbairt maidir le deimhnithe dea-chleachtais monaraíochta (GMP) agus raon feidhme na gcomhaontuithe atá ann cheana (go háirithe maidir le hiniúchtaí agus baisc-thástáil) a leathnú, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí an acmhainneacht táirgeachta a mhéadú aimsir géarchéime;
17. ag leagan béim ar an acmhainneacht a bhaineann le hiomaíocht shláintiúil agus ar an mbaol a bhaineann le margaí neamhiomaíocha monaplacha, mar aon le heaspa caighdeánaithe is cúis le ganntanais a bheith sa slabhra soláthair, go háirithe i gcás trealamh bithphróiseála aon úsáide;

***An tÚdarás Eorpach um ullmhacht agus freagairt i gcás Éigeandáil Sláinte (HERA):***

18. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil seacht mbliana, buiséad uailmhianach agus intuartha a chur ar fáil do HERA a bhfuil sé mar aidhm leis tacaíocht a thabhairt do thaighde agus forbairt agus é a bheith dírithe ar aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna suntasacha sláinte poiblí nach leor an maoiniú príobháideach ina leith agus, i gcás géarchéim sláinte, tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil do chuideachtaí cógaisíochta;
19. á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú i dtreo bonneagar poiblí Eorpach bithleighis a bhunú lena gcumhdófar slabhra luacha iomlán na gcógas leighis, agus an tÚdarás Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i gcás Éigeandáil Sláinte (HERA) a fhorbairt; ag aithint a thábhachtaí atá sé go mbeadh na páirtithe leasmhara uile rannpháirteach i bhforbairt agus gníomhaíochtaí HERA, ag cur le taithí dhearfach na gcomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha i gcaitheamh phaindéim COVID-19;
20. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur seoladh gorlann HERA an 17 Feabhra 2021 atá dírithe ar dhul i ngleic le hathraitheacha de víreas COVID-19;
21. ag tathant ar an gCoimisiún, bunaithe ar an taithí a fuarthas le húdarú vacsaíní COVID-19, oibriú i gcomhar le EMA chun breithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na n-athbhreithnithe rollacha a leathnú chuig cógais éigeandála eile; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, oibriú le EMA chun forbairt a dhéanamh ar úsáid na faisnéise leictreonaí faoi tháirgí le haghaidh gach cógais san Aontas;
22. á iarraidh ar an gCoimisiún a chuid rannpháirtíochta a mhéadú ó thaobh tacaíocht a thabhairt do chosaint an bhonneagair sláinte chriticiúil sna Ballstáit agus tús a chur le cur i bhfeidhm an Chláir Eorpaigh um Chosaint an Phríomhbhonneagair in earnáil an bhonneagair sláinte;

***Ganntanas a chosc***

23. á iarraidh ar an gCoimisiún córas réamhrabhaidh uile-Aontais a thabhairt isteach maidir le ganntanas réamh-mheasta agus ganntanas fíoraithe, ina mbeadh na rannpháirtithe uile sa slabhra soláthair rannpháirteach, ó mhonaróirí, dáileoirí cúraim sláinte lánseirbhíse

agus cógaiseoirí ar líne agus cógaiseoirí pobail go hoideasóirí, na húdaráis inniúla náisiúnta agus EMA le haghaidh comhordú ar leibhéal an Aontais; á chur i bhfáth go bhfuil cumarsáid thráthuil maidir le ganntanas ríthábhachtach do pháirtithe leasmhara dá ndéantar difear chun a áirithiú go bhfreastalófar ar riachtanais na n-othar; á iarraidh ar an gCoimisiún gach beart is gá a dhéanamh chun trédhearcacht slabhraí táirgthe agus soláthair a ráthú; á iarraidh ar an gCoimisiún sineirgid a fhorbairt le próisis scanta ionchais agus mapála atá ar bun cheana trí EMA nó trí scéimeanna deonacha comhair atá ann cheana idir tíortha;

24. ag tabhairt dá haire, mar thoradh ar mhargaí neamh iomaíocha cógas leighis, lena n-áirítear margáí táirgí cineálacha, go bhféadfadh sé go dtiocfadh méadú tapa ar phraghasanna cógas leighis; á mholadh don Choimisiún dreasachtaí a ghlacadh agus athchóiriú dlíthiúil agus rialála a chur chun cinn i margadh na cógaisíochta, chun nach mbeidh sé éasca an margadh a chúláil, cúbláil is cúis le méadú tapa ar phraghasanna na gcógas leighis, méadú ar an mbaol go mbeifí gann ar chógais leighis agus go bhfágfaí othair gan cóireáil chriticiúil in am an ghátair;
25. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit infheistíocht phoiblí i gcógais leighis chineálacha agus bhithshamhlacha a mhéadú chun costais a shábháil, nuálaíocht a spreagadh agus iomaíocht sa mhargadh a mhéadú; ag leagan béim ar an ngá atá le coinníollacha dochta a chur i gceangal le cistiú poiblí, lena n-áirítear coinníollacha maidir le praghsáil, trédhearcacht agus infhaighteacht, i gcomhréir leis an bprionsabal ‘toradh fóna ar an infheistíocht’;
26. á chur in iúl gur ábhar inní di go bhfuil bacainní eacnamaíocha agus tionsclaíocha fós ag cur isteach ar shlabhra luacha táirgthe na cógaisíochta; ag áitiú, d’fhonn na heasnaimh atá i saotharlanna cógaisíochta áirithe a mhaolú, gur cheart fíorstraitéis thionsclaíoch a chur chun feidhme chun dálaí a bheadh fabhrach do tháirgeadh áitiúil cógaisíochta a athbhunú; ag tabhairt dá haire nach mór do straitéis chógaisíochta AE cleachtais saotharlainne áirithe a sheachaint a fhéadfaidh tionchar diúltach a bheith acu agus ag tabhairt dá haire nach mór do straitéisí eacnamaíocha saotharlann slabhraí táirgthe stóinsithe a áirithiú; á mheas gur cheart go gcuirfeadh straitéis thionsclaíoch chógaisíochta na hEorpa le fíorstraitéis sláinte poiblí a bheadh dírithe ar leas na n-othar;
27. á iarraidh ar an gCoimisiún leochaileachtaí a shainaithint i slabhra soláthair domhanda na gcógas criticiúil agus infheistíochtaí sa mhonaraíocht, in amhábhair chógaisíochta, in idirmheánaigh agus i substaintí gníomhacha cógaisíochta a chur chun cinn;
28. á iarraidh go n-úsáidfí soláthar comhpháirteach AE ar bhealach níos córasaí agus chun rochtain chomhionann agus inacmhainne ar chógais leighis thábhachtacha agus ar fheistí leighis tábhachtacha a áirithiú, go háirithe in imthosca eisceachtúla agus i gcás bagairtí sláinte trasteorann urghnácha poiblí, amhail paidéim COVID-19; á thabairt chun suntais gur cheart raon feidhme a shaineofar go soiléir a bheith ag soláthar poiblí comhpháirteach mar gur féidir antaibheathaigh nuálacha nua, vacsaíní agus cógais leighis íceacha nua, agus cógais leighis do ghalair neamhchoitianta a bheith ann, agus an gá atá le meascán infheistíochta poiblí-príobháidí atá níos cothroime a chur san áireamh agus lena n-áirítear dliteanas soiléir do mhonaróirí mar aon leis an ngá atá le solúbthacht leordhóthanach do na Ballstáit i gcomhréir le sainiúlachtaí náisiúnta;

29. á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs Threoir 2014/24/AE maidir le soláthar poiblí, treoirlínte a chur le chéile a bheidh ceaptha chun tacú le cleachtais inbhuanaithe soláthair phoiblí i réimse na cógaisíochta atá fabhrach do na Ballstáit uile agus a áirithiú ar chritéir na tairisceana is buntáistí go heacnamaíoch (MEAT), i dteannta na bpraghasanna, go n-áireofar critéir maidir le slándáil agus leanúnachas an tsoláthair agus táirgeadh atá fóna ó thaobh an chomhshaoil de;
30. á iarraidh go dtabharfaí isteach ceanglais ar chuideachtaí cógaisíochta tuairisc a thabhairt do na húdaráis náisiúnta inniúla, ina ndruchtófaí plean lena ráthófar leanúnachas an tsoláthair ionas gur féidir leo tionchar aon teagmhais a chuirfeadh isteach ar an slabhra soláthair a mhaolú;
31. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhar trastíre a spreagadh chun caibidlíocht chomhpháirteach a chur chun cinn maidir le praghsáil cógas leighis agus/nó measúnuithe comhpháirteacha ar theicneolaíochtaí sláinte (HTAnna);
32. á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar athruithe rialála a thabhairt isteach lena gceanglófaí ar an tionscal cógaisíochta éagsúlú a shlabhra soláthair a áirithiú, trí roghanna malartacha ar gach gné den slabhra soláthair a shainaitint, agus plean éigeantach a thabhairt isteach chun an baol go mbeadh ganntanas cógas ann a laghdú chun aghaidh a thabhairt ar aon leochaileachtaí sa slabhra soláthair agus ar aon rioscaí don slabhra soláthair; á chur i bhfáth i gcás údaruithe margaíochta gur gá a áirithiú go mbeidh fianaise théagartha ann, bunaithe ar thrialacha cliniciúla randamaithe, comparáideacha, dea-thacaithe, dea-cheaptha, ag a bhfuil críochphointí fóinteacha;

#### ***Tionscnaimh agus gníomhaíochtaí a bhaineann le taighde agus nuálaíocht (T&F)***

33. á chur i bhfáth go bhfuil T&F ríthábhachtach chun cógais, teiripí agus diagnóisí nuálacha a fhorbairt;
34. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá tionscal cógaisíochta atá bunaithe ar thaighde mar rannchuiditheoir bunriachtanach chun monarú ar ardháilíocht agus soláthar cógas inacmhainne do gach othar atá i ngátar a chosaint, chun nuálaíocht, teacht aniar, inrochtaineacht agus freagrúlacht an Aontais a neartú, agus chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh ann amach anseo;
35. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil idirphlé leanúnach idir cuideachtaí cógaisíochta, údaráis sláinte agus gníomhaireachtaí íocaíochta riachtanach chun tosaíochtaí T&F a mheaitseáil le tosaíochtaí na gcóras sláinte;
36. á chur i bhfáth gur minic go dteipeann ar T&F i bhforbairt drugaí trialacha cliniciúla a chur i gcrích agus, mar thoradh air sin, nach ndéantar drugaí a fhorbairt ar deireadh;
37. á iarraidh ar an gCoimisiún sásraí a fhorbairt chun bealaí faisnéise, cumarsáide agus comhairle iomchuí a chur ar fáil ionas go mbeidh rannpháirtíocht i dtionscadail nuálaíochta níos inrochtana ar an leibhéal Eorpach agus, go mór mór, do FBManna agus d'ionaid taighde;
38. á chur i bhfáth, trí infheistiú sa taighde, gur cheart go gcuirfí coiréalach teiripeacha éifeachtacha ar fáil d'othair a bhfuil galair neamhchoitianta agus galair ainsealacha

orthu, lena n-áirítear ailse agus ailse pédiatraiceach go háirithe;

39. á iarraidh ar an gCoimisiún, maidir leis an idirphlé struchtúrtha faoi tháirgeadh drugaí agus faoi chur chun feidhme na straitéise tionsclaíche, dreasachtaí agus athchóirithe – de chineál margaidh agus rialála araon – a mholadh lena spreagfaí infheistíochtaí i dtáirgeadh drugaí lena ndírítear ar an slabhra táirgeachta a neartú agus lena n-áiritheofar soláthar níos fearr d’othair a bhfuil ailse nó galair neamhchoitianta orthu;
40. á aithint go bhfuil gá le breis anailíse chun scrúdú a dhéanamh ar theorainneacha an chórais cógaisíochta atá ann faoi láthair san Aontas agus ina chuid Ballstát, go háirithe maidir leis an tionchar atá ag dreasachtaí áirithe i reachtaíocht chógaisíochta an Aontais, an úsáid a bhaineann oibreoirí eacnamaíocha as na dreasachtaí sin agus na hiarmhairtí atá acu ar nuálaíocht, ar infhaighteacht, ar inrochtaineacht agus ar inacmhainneacht táirgí íocshláinte chun leasa na n-othar, lena n-áirítear maidir le réitigh nuálacha chóireála ar ghalair choiteanna ar ualach trom iad ar dhaoine aonair agus ar chórais sláinte;
41. ag tabhairt chun suntais a thábhachtaí atá iarrachtaí poiblí T&F maidir le coiréalach nua a aimsiú; á chur i bhfáth nach mór aghaidh a thabhairt ar riachtanais na sláinte poiblí leis na tosaíochtaí taighde, agus nach mór don chreat rialála an toradh is fearr is féidir a éascú d’othair agus don tsláinte phoiblí; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit T&F a chothú atá á thiomáint ag sláinte phoiblí agus ag riachtanais leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu, lena n-áirítear trí thaighde a dhéanamh ar ábhair fhrithmhiocróbacha nua;
42. á chur in iúl gur geal léi tionchar Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 an 16 Nollaig 1999 maidir le táirgí íocshláinte dílleachta agus Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006 an 12 Nollaig 2006 maidir le táirgí íocshláinte le haghaidh úsáide pédiatraicí; á thabhairt dá haire, áfach, nár leor an dul chun cinn eolaíoch agus an infheistíocht sa taighde chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais nach bhfuiltear ag freastal orthu atá ag othair a bhfuil galair neamhchoitianta, ailis pédiatraiceacha agus galair néaraimheathlúcháin orthu, chun déileáil le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (AMR) agus chun ráig de ghalair thógálacha a chosc; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le creat rialála a neartaíonn dreasachtaí do T&F na gcógas dílleachta in AE chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na heasnaimh sin;
43. á iarraidh ar an gCoimisiún spreagadh a thabhairt don nuálaíocht a bhaineann go sonrach le leanaí agus a dhéantar ar leanaí den chéad uair agus chun athshuíomh na gcógas nach bhfuil rath orthu i gcás daoine fásta a éascú i gcás ina bhfuil réasúnaíocht eolaíoch agus réamhchliniciúil ann;
44. á thabhairt dá haire gur tháinig méadú ar líon na dtrialacha cliniciúla agus ar líon na gcóireálacha atá ar fáil do ghalair neamhchoitianta mar thoradh ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 maidir le táirgí íocshláinte dílleachta agus Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006 maidir le táirgí íocshláinte le haghaidh úsáid phéidiatraiceach; ag tarraingt aird an Choimisiúin ar an bhfioras, i gcás aon togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dá rialachán sin, nach mór dó creat dreasachta atá cobhsaí agus intuartha a choimeád, agus béim ar leith á leagan ar an tairseach leitheadúlachta;
45. á iarraidh ar an gCoimisiún forbairt an taighde i réimse na ndrugaí planteiripe a chur



chun cinn;

46. á chur in iúl gur geal léi gur fhoilsigh an Coimisiún an 5 Feabhra 2021 an Clár Oibre Straitéiseach maidir le Feidhmeanna Leighis, Tionsclaíochta agus Taighde na Teicneolaíochta Núicléiche agus Radaíochta (Plean Gníomhaíochta SAMIRA); á iarraidh ar an gCoimisiún, agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar an reachtaíocht chógaisíochta, creat rialála a tharraingt suas a bheidh dírithe ar úsáid teicneolaíochtaí raideolaíochta agus núicléacha chun críoch teiripeach, seachas chun críoch diagnóiseach amháin;
47. á iarraidh go seolfaí tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas coiteann na hEorpa (IPCEI) san earnáil cógaisíochta d'fhonn galair nó teicneolaíochtaí spriocdhírthe a shainathint roimh ré;
48. á iarraidh ar an gCoimisiún creat dlíthiúil a mholadh a luaithe is féidir chun nuálaíocht a spreagadh i leith antaibheathaigh nua le dreasachtaí atá inchomparáide leis na dreasachtaí i réimse na ndrugaí dílleachta nó na péidiatraice nó dreasachtaí nuálacha nua chun nuálaíocht a spreagadh antaibheathaigh nua a thabhairt ar an margadh;

#### ***Tionscnaimh um thrédhearcacht***

49. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le samhlacha praghsála a chuireann fíorchostais táirgthe san áireamh;
50. á mholadh go mbeadh eagraíochtaí agus sochaithe sláinte poiblí, comhlachais othar agus tomhaltóirí, agus ceardchumainn rannpháirteach go gníomhach;
51. á iarraidh go ndéanfaí faireachán fadtéarmach ar na cógais a chuirtear ar an margadh chun aon fho-éifeachtaí díobhálacha a shainathint agus chun measúnú a dhéanamh ar a gcost-éifeachtúlacht mar chóir leighis;
52. á iarraidh go mbeadh comhar agus cumarsáid ann i measc na saineolaithe, na n-eolaithe, na gcomhpháirtithe tionscail agus na bpáirtithe leasmhara uile d'fhonn tuairimí agus faisnéis a mhalartú chun na cuspóirí a leagtar síos sa straitéis chógaisíochta a bhaint amach;

#### ***Maoin intleachtúil***

53. á iarraidh ar an gCoimisiún creat reachtach cobhsaí agus intuartha a choinneáil maidir le maoin intleachtúil; ag tacú go hiomlán leis an togra ón gCoimisiún maidir le plean gníomhaíochta um maoin intleachtúil chun sraith uirlisí MI atá ann cheana a uasghrádú agus iad a chur in oiriúint don ré dhigiteach; á chur i bhfios, áfach, gur cheart do leas an phobail agus do shábháilteacht na n-othar a bheith lárnach i ngach beartas sláinte, taobh le hinfheistíocht agus taighde; ag cur béim ar an bhfíoras, dá bhrí sin, gur cheart go dtabharfaí aird chuí ar leasanna na sochaí, eadhon cearta an duine agus tosaíochtaí sláinte poiblí a choimirciú, le cosaint agus forfheidhmiú paitinne;
54. á chur i bhfios go láidir gurb é is aidhm do phaitinní ná ráthaíocht áirithe a sholáthar go mbeadh ann do thoradh ar infheistíocht, ach go bhfuil an córas paitinne deartha freisin chun leasanna na n-aireagóirí a chothromú le leasanna an phobail; á mheabhru nár



cheart don chosaint paitinne cur isteach ar an gceart chun sláinte, an bonn a bhaint ó inrochtaineacht agus ó infhaighteacht cógas nó a bheith ina cúis le deighiltí sóisialta a leathnú;

55. á aithint gur chun leasa na n-othar agus na sochaí i gcoitinne é beartas lena ndreasaítear nuálaíocht leighis; á chur i bhfios go láidir gur gá a áirithiú go mbainfear úsáid chliste as MI; á mheabhrú go gceadaítear le cearta maoinne intleachtúla tréimhse fhada eisiachais nach mór do na húdaráis inniúla a rialáil, faireachán a dhéanamh uirthi agus a chur chun feidhme go cúramach agus go héifeachtach ionas nach gcuirfidh cearta maoinne intleachtúla srian ar inrochtaineacht agus ar infhaighteacht cógas nó nach dtiocfaidh siad salach ar cheart bunúsach an duine chun sláinte;
56. á chur in iúl gur geal léi na tionscnaimh ón gCoimisiún chun an táirgeadh agus an infheistíocht san Eoraip a chothú agus chun na nósanna imeachta ábhartha a shimpliú agus a chuíchóiriú chun cumais na hEorpa a neartú ionas go mbeidh sí in ann freagairt go tapa do ghéarchéimeanna sláinte; á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint ar shásraí eisceachtúla a fhorbairt chun freagairt go mear do ghéarchéimeanna sláinte bunaithe ar anailís tionchair; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart don Choimisiún, le linn géarchéimeanna den sórt sin, oibriú laistigh de chreat fadtéarmach agus plean a tharraingt suas chun cógais nó vacsaíní a tháirgeadh;
57. á mheas go bhfreastalaítear ar chosaintí paitinne agus cosaintí maoinne intleachtúla eile chun iomaíochas an tionscail cógaisíochta a áirithiú, agus gur cheart go gcuirfí dreasachtaí ar fáil le creat dlíthiúil iltaobhach do chearta maoinne intleachtúla (CMI) chun bheith ullamh i gcoinne paindéimí a bheidh ann amach anseo; á thabhairt dá haire gurb é rochtain chothrom dhomhanda ar vacsaíní, diagnóisic agus cóireáil inacmhainne an t-aon bhealach amháin chun maolú a dhéanamh ar an tionchar domhanda ar an tsláinte phoiblí agus ar an tionchar eacnamaíoch a bhíonn ag éigeandálaí sláinte poiblí; ag cur béim ar an bhfioras nach mór an slabhra soláthair ina iomláine a chur san áireamh sa straitéis chógaisíochta don Eoraip, lena n-áirítear amhábhair, sláinte agus táirgí leighis, chun feabhas a chur ar rochtain dhomhanda ar tháirgí leighis inacmhainne agus chun aghaidh a thabhairt ar shrianta domhanda táirgeachta agus ar ghanntanais soláthair le linn éigeandálaí sláinte poiblí;

### ***Gníomhaíocht rialála a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cógais iarphaitinne***

58. ag cur béim ar an tábhacht a bhaineann le nuálaíocht leanúnach, lena n-áirítear nuálaíocht iarphaitinne, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na n-othar nach bhfuiltear ag freastal orthu; á thabhairt dá haire go bhfuil athrú cuspóra na ndrugaí nach mbaineann le paitinní á gcur i láthair le fada mar bhealach costéifeachtach agus éifeachtúil chun cóireálacha nua a fhorbairt; á chur in iúl gurb oth léi gur chuir easpa sonraí atá ar fáil go poiblí teorainn leis an acmhainneacht a bhaineann leis; á iarraidh ar an gCoimisiún rochtain phoiblí shimplí a choimeád ar bun ar choinníollacha paitinne agus ceadúnaithe, ar fhaisnéis maidir le trialacha cliniúla agus réamhchliniciúla agus maidir le ranníocaíochtaí poiblí agus príobháideacha;
59. ag tacú leis an treoirthionscadal chun creat a ghlacadh chun cógais iarphaitinne a athúsáid; á iarraidh ar an gCoimisiún iomaíocht a spreagadh trí chreat rialála a oiriúnú agus trí infheistíochtaí a spreagadh i gcógais iarphaitinne dílleachta agus

phéidiatraiceacha, lena n-áirítear oinceolaíocht, ailsí péidiatraiceacha, galair neamhchoitianta agus galair néareolaíocha;

60. á áitiú nár cheart go dtiocfadh laghdú ar inrochtaineacht i gcás ar bith mar thoradh ar athrú cuspóra leigheasanna iarphaitinne, agus go sáródh méaduithe ar phraghsanna an costas íseal a bhaineann le cógais iarphaitinne, ar príomhphointe spéise é go ndéanfaí é sin; ag cur béim, dá bhrí sin, ar an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht phoiblí, le comhordú agus le tionscnamh;
61. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit samhlacha nua praghsála agus aisíocaíochta a fhorbairt do dhruaí a bhfuil paitinní in éag acu, lena n-áirítear táirgí cineálacha, a bheidh dírithe ar iomaíocht iomlán a áirithiú ag deireadh na gceart maoiné tionsclaíche, agus leanúint d'áirithiú go ndéanfar níos mó drugaí comhdhlúite fós a mhargú sa chleachtas cliniúil, rud atá bunriachtanach d'othair;

### ***Ríomhaireacht ardfeidhmíochta agus intleacht shaorga***

62. á mheabhrú go bhféadfadh ról ríthábhachtach a bheith ag teicneolaíochtaí nua, an digitiú agus an intleacht shaorga ó thaobh a chur ar chumas taighdeoirí ó shaotharlanna na hEorpa oibriú i líonra agus a gcuid cuspóirí agus torthaí a chomhroinnt, agus lánurraim á tabhairt don Chreat Eorpach um Chosaint Sonraí; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le bearta a thugann tús áite don eolaíocht oscailte chun dlús a chur le comhroinnt sonraí agus torthaí taighde sa phobal eolaíochta san Eoraip agus i mbólaí is faide i gcéin;
63. ag cur béim ar an acmhainneacht a bhaineann le réitigh atá bunaithe ar an intleacht shaorga chun athléimneacht agus inbhuanaitheacht chórais cúraim sláinte an Aontais a neartú, agus teiripí nuálacha agus diagnóis níos fearr á gcur ar fáil ag an am céanna, a bhaineann leas as sonraí fíorshaoil agus a choimeádann rialú fóinteach daonna; á áitiú nach mór go n-áireofaí le réitigh atá bunaithe ar IS cosaintí chun aon chlaontacht chiníoch, shóisialta nó inscne a chosc; á chur i bhfios go mbaineann acmhainneacht le mórshonraí maidir leis an bhfianaise ó thrialacha cliniúla a chomhlánú agus bearnaí san eolas maidir le cógais a líonadh, chomh maith le cuidiú le galair, cóireálacha agus feidhmíocht cógas i gcórais sláinte éagsúla a thréithriú ar bhealach níos fearr;
64. ag cur béim ar an ngá atá ann líonraí sonraí cónasctha Eorpacha a fhorbairt lena ndírítear ar rannchuidiú leis an taighde, leis an bhforbairt agus leis an soláthar cúraim sláinte is fearr is féidir; ag cur béim ar an tábhacht a bhaineann le comhroinnt sonraí agus le hinrochtaineacht sonraí chun leas a bhaint as acmhainneacht iomlán na hintleachta saorga i réimse an chúraim sláinte, agus ceanglais láidre eiticiúla á gcur i bhfeidhm ag an am céanna agus rialacha soiléire maidir le dlíteanas á mbunú; ag diúltú do thráchtálú na sonraí sin agus á thabhairt dá haire go bhfuil géarghá le gníomhú chun na sonraí sin a dhíol leis an tionscal cógaisíochta, le soláthraithe árachais sláinte, le cuideachtaí teicneolaíochta agus le fostóirí, i measc nithe eile;
65. á iarraidh go gcuirfí chun feidhme go praiticiúil an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) maidir le próiseáil catagóirí speisialta sonraí chun críocha taighde sláinte, go háirithe maidir le híoslachdú sonraí, teorannú de réir cuspóra, úsáid thánaisteach sonraí agus aistriú sonraí chuig tíortha nach bhfuil san Aontas, chun srianta nach bhfuil gá leo a sheachaint maidir le taighde sláinte agus comhroinnt sonraí trasteorann; ag aithint na hacmhainneachta a bhaineann le sonraí sláinte chun cearta an

duine a chur chun cinn, ach á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán RGCS agus é ag obair leis, agus nach féidir le comhoibriú taighde le teicneolaíocht nó le cuideachtaí eile cearta an duine a shárú; á chur i bhfáth nach mór do AE aontas sláinte Eorpach níos láidre a thógáil, go háirithe trí thacú le comhar níos dlúithe in AE sa taighde agus san fhorbairt agus trí shonraí sláinte a chomhroinnt; á chur i bhfáth gur chun críocha taighde a dhéantar sonraí a chomhroinnt;

66. á mheas go n-áiritheofaí, le hidir-nascadh agus idir-inoibritheacht na mbonneagar ríomhaireachta ardheidhmíochta le réimse sonraí sláinte na hEorpa, go mbeadh tacair sonraí sláinte ar ardchaighdeán ar fáil, ar tacair iad atá rithábhachtach le haghaidh taighde agus cóireáil a dhéanamh ar phaiteolaíochtaí, go háirithe galair neamhchoitianta agus coinníollacha péidiatraiceacha;
67. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé cosaint sonraí pearsanta a áirithiú agus, ag an am céanna, leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha in earnáil na cógaisíochta agus na sláinte; á chur i bhfáth gur cheart go gcomhlánódh faisnéis leictreonach faoi tháirgí bileog faisnéise an phacáiste, ach nár cheart í a chur ina hionad;
68. á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé rithábhachtach timpeallacht rialála atá oiriúnach don fheidhm a áirithiú chun an tsláinte phoiblí a chosaint, chun rochtain a chur ar fáil ar chóigais ardchaighdeán agus chun ganntanais a chosc; á chur i bhfáth go bhfeabhsófar éifeachtúlacht rialála ar fud na hEorpa trí úsáid leormhaith a bhaint as córais teicneolaíochta faisnéise; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, an leas is fearr is féidir a bhaint as an gcreat rialála trí thionscadail teileamaitice rialála a chomhchuíbhíú agus béim á leagan ar cháilíocht sonraí, ar idir-inoibritheacht agus ar idirspéachas;
69. á mholadh go ndéanfaí líonraí sonraí cónasetha Eorpacha a chruthú lena ndírítear ar rannchuidiú leis an taighde, leis an bhforbairt agus leis an soláthar cúraim sláinte is fearr is féidir; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le sainmhíniú níos soiléire ar úsáid thánaisteach sonraí agus ar na héagsúlachtaí atá aici leis an bpríomhbhailiúchán sonraí;
70. á chur i bhfios gur féidir raon clár de chuid an Aontais a úsáid chun tionscadail taighde cógaisíochta a mhaoiniú, amhail Fís Eorpach, InvestEU, EU4 Health, an beartas comhtháthaithe agus an clár don Eoraip Dhigiteach le haghaidh tionscadail atá dírithe ar úsáid na hintleachta saorga;
71. á chur in iúl gur geal go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún, mar chuid den Straitéis Eorpach Sonraí, limistéar Eorpach sonraí sláinte a bhunú agus uirlisí idir-inoibritheacha a thabhairt isteach le haghaidh rochtain ar shonraí sláinte chun anailís trasteorann shlán agus anaithnid ar na sonraí sin a éascú, rud a bheidh bunriachtanach chun an intleacht shaorga a imscaradh;
72. ag tacú le hoiriúnú na gcreataí atá ann cheana le haghaidh inghlacthachta sa chinnteoireacht agus le teicneolaíochtaí intleachta saorga a ghlacadh chun bealach a chur ar fáil trínar féidir intleacht shaorga a fhorbairt, a ghlacadh agus a chur chun feidhme i gcórais cúraim sláinte trí chuimsitheacht, acmhainneacht agus muinín;

### ***Gnéithe inscne agus fostaíochta den straitéis chógaisíochta***

73. á iarraidh ar an gCoimisiún an ceart rochtana ar chúram sláinte a áirithiú mar cheann de

chroíphrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta; á mheas, chun an ceart sin a bhaint amach ina iomláine, gur gá sochaí a bheith ann ina dtugtar tús áite don tsláinte;

74. á iarraidh go dtabharfadh straitéis chógaisíochta an Aontais Eorpaigh aird níos doimhne agus níos mó ar gach gné den leigheas inscne-shonrach; ag cur béim ar an ngá atá ann éagsúlacht na sochaí agus saincheisteanna inscne-shonracha san fhisiceolaíocht a léiriú agus taighde á dhéanamh ar chógais chun tacú le taighde agus forbairt sa leigheas inscne-shonrach agus chun a áirithiú go gcuirfear na saincheisteanna sin san áireamh agus údarú á dheonú don mhargadh;
75. á iarraidh ar na húdaráis sláinte agus ar na cuideachtaí cógaisíochta iarrachtaí diongbháilte a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar laofacht inscne leanúnach agus chun a áirithiú go ndíreofar go cothrom ar fhiseolaíocht na bhfear agus na mban sa taighde agus san fhorbairt;
76. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé poist ar ardchaighdeán a chaomhnú agus a chruthú ar fud an tslabhra luacha cógaisíochta ina iomláine, agus athlonnú á sheachaint; á iarraidh ar an gCoimisiún comhionannas fostaíochta a chur chun cinn san earnáil chógaisíochta; á mheas go bhfuil coimircí fostaíochta riachtanach le haghaidh maoiniú poiblí, go háirithe faoi NextGenerationEU; á iarraidh go mbeadh níos lú iomarcaíochtaí comhchoiteanna i gcuideachtaí a dháileann díbhinní scairshealbhóirí;
77. ag cur béim ar an ngá atá le huasoiliúint, athoiliúint agus eisoiliúint oibrithe i ngairmeacha cúraim sláinte chun a bheith níos ullmhaithe do chásanna éigeandála agus géarchéime a d'fhéadfadh a bheith ann; á iarraidh go dtabharfaí aird chuí ar thuilleadh oiliúna agus athoiliúna d'oibrithe atá rannpháirteach ag gach céim den slabhra luacha agus ar raon na ndeiseanna oiliúna do speisialtóirí STEM a leathnú;

### ***Gnéithe comhshaoil den straitéis chógaisíochta***

78. á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh maoinithe do thaighde ar an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag cógais ar an gcomhshaoil agus ar na naisc idir ábhair fhrithmhíocróbacha a bheith sa chomhshaoil agus forbairt agus leathadh AMR; á chur i bhfáth go bhfuil freagracht dhomhanda ar AE maidir leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhíocróbacha a chuimsiú; á iarraidh ar an gCoimisiún an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí idir cistí Eorpacha agus ionstraimí agus beartais eile de chuid an Aontais sa réimse sin;
79. ag cur béim ar an éabhlóid is déanaí maidir le táirgí cógaisíochta i dtreo teiripic galar agus teiripic a bhaineann go sonrach leis an othar, lena mbaineann céimeanna monaraíochta scrupallacha agus an gá atá ann an íogaireacht ard maidir le dálaí comhshaoil agus iompair agus lóistíocht shlabhra an tsoláthair a dhéanamh casta; á iarraidh ar an gCoimisiún an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí idir cistí Eorpacha agus ionstraimí agus beartais eile de chuid an Aontais chun tacú le próisis agus le líonraí láidre monaraíochta agus dáileacháin a dhearadh agus a oibriú lena n-áiritheofar monarú tapa, sofhreagrúil agus in-atairgthe;
80. ag cur béim ar an ngá atá ann athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun cinn i dteicneolaíochtaí táirgthe drugaí (próiseas comhshaoil, digiteach, teicneolaíoch agus uathoibriú) a bhfuil gá leo chun sábháilteacht agus nuálaíocht a áirithiú agus chun an

comhshaol a chosaint, chomh maith leis an ngá atá le hinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí monaraíochta a spreagadh (glasú, teicneolaíocht dhigiteach, teicneolaíocht phróisis agus uathoibriú) atá tábhachtach le go mbeidh tionscail an Aontais in ann nuálaíocht theicneolaíoch a bhaint amach agus riachtanais na sochaí i ndáil le slándáil, le nuálaíocht bhreisluacha agus le hinbhuanaitheacht a chomhlíonadh;

81. á thathant ar an gCoimisiún measúnú ar airíonna comhshaoil na substainte gníomhaí agus na caighdeáin chomhshaoil i dtáirgeadh a chur san áireamh sa phróiseas údaraithe margaióchta agus athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta tairisceana chun luach saothair a thabhairt do mhonarú atá inbhuanaithe, eiticíúil agus ar ardchaighdeán;
82. á thathant ar an gCoimisiún a mholadh go gcuirfí caighdeáin chomhshaoil san áireamh, go háirithe maidir le bainistiú dramhaíola agus fuíolluisce, sna treoirlínte maidir le deachleachtas monaraíochta ar an leibhéal idirnáisiúnta;
83. á iarraidh ar chuideachtaí cógaisíochta agus ar thaighdeoirí acadúla dlús a chur lena n-íarrachtaí ar thaighde ar sceitheadh dramhaíola leighis sa chomhshaol; ag cur béim ar an easpa eolais atá ann faoi láthair maidir leis an méid a tharlaíonn do dhramhaíl den sórt sin in uisce agus in ithir agus maidir leis an tionchar ar shláinte an duine, go háirithe maidir leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhicróbacha; á iarraidh ar an gCoimisiún, agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar an reachtaíocht chógaisíochta, na ceanglais nach mór do ghnóthais chógaisíochta a chomhlíonadh maidir le measúnú riosca don chomhshaol a dhéanamh, agus staidéar a dhéanamh ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhicróbacha agus taighde a dhéanamh ar thosaíochtaí nua frithmhicróbacha agus tosaíochtaí nua a fhorbairt.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>Dáta an ghlactha</b>	27.9.2021
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: 36 -: 14 0: 24
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Nicola Beer, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Michael Bloss, Paolo Borchia, Marc Botenga, Markus Buchheit, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Carlo Calenda, Maria da Graça Carvalho, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Josianne Cutajar, Nicola Danti, Pilar del Castillo Vera, Martina Dlabajová, Valter Flego, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Claudia Gamon, Nicolás González Casares, Christophe Grudler, András Gyürk, Henrike Hahn, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Ivars Ijabs, Romana Jerković, Eva Kaili, Izabela-Helena Kloc, Łukasz Kohut, Zdzisław Krasnodębski, Andrius Kubilius, Miapetra Kumpula-Natri, Thierry Mariani, Marisa Matias, Joëlle Mélin, Dan Nica, Angelika Niebler, Ville Niinistö, Aldo Patriciello, Mauri Pekkarinen, Mikuláš Peksa, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Markus Pieper, Clara Ponsatí Obiols, Manuela Ripa, Robert Roos, Sara Skytvedal, Maria Spyraiki, Jessica Stegrud, Beata Szydło, Riho Terras, Grzegorz Tobiszowski, Patrizia Toia, Evžen Tošenovský, Marie Toussaint, Isabella Tovaglieri, Viktor Uspaskich, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Erik Bergkvist, Izaskun Bilbao Barandica, Cornelia Ernst, Valérie Hayer, Elena Lizzi, Jutta Paulus, Sandra Pereira, Angelika Winzig

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

36	+
ECR	Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski, Beata Szydło, Grzegorz Tobiszowski, Evžen Tošenovský
NI	András Gyürk
PPE	François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Pilar del Castillo Vera, Andrius Kubilius, Angelika Niebler, Aldo Patriciello, Markus Pieper, Sara Skytvedal, Maria Spyraiki, Riho Terras, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Angelika Winzig
Renew	Nicola Beer, Izaskun Bilbao Barandica, Nicola Danti, Martina Dlabajová, Valter Flego, Claudia Gamon, Christophe Grudler, Valérie Hayer, Ivars Ijabs, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen
S&D	Niels Fuglsang

14	-
ECR	Jessica Stegrud
The Left	Marc Botenga, Cornelia Ernst, Marisa Matias, Sandra Pereira

Verts/ALE	Michael Bloss, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Henrike Hahn, Ville Niinistö, Jutta Paulus, Mikuláš Peksa, Manuela Ripa, Marie Toussaint
-----------	---

<b>24</b>	<b>0</b>
ECR	Robert Roos
ID	Paolo Borchia, Markus Buchheit, Elena Lizzi, Thierry Mariani, Joëlle Mélin, Isabella Tovaglieri
NI	Clara Ponsatí Obiols, Viktor Uspaskich
S&D	Erik Bergkvist, Carlo Calenda, Josianne Cutajar, Lina Gálvez Muñoz, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Romana Jerković, Eva Kaili, Łukasz Kohut, Miapetra Kumpula-Natri, Dan Nica, Tsvetelina Penkova, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho

<b>CEARTÚCHÁN AR AN VÓTÁIL</b>	
<b>+</b>	
<b>-</b>	
<b>0</b>	Niels Fuglsang

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh



14.7.2021

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ DLÍTHIÚLA

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar straitéis chógaisíochta don Eoraip  
(2021/2013(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Luisa Regimenti

### MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur i bhfáth a riachtanaí agus a thábhachtaí atá sé straitéis chógaisíochta nua de chuid an Aontais a fhorbairt a bheidh comhsheasmhach le hinniúlachtaí an Aontais faoi na Conarthaí agus le prionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, mar bhealach chun forbairt fhiontair AE a spreagadh agus iad a dhéanamh iomaíoch ar an leibhéal domhanda, chun an dul chun cinn eolaíoch a spreagadh, agus chun cosc agus ullmhacht níos fearr a ráthú mar aon le freagairt níos éifeachtúla agus níos tapúla ar éigeandálaí sláinte sa todhchaí; á iarraidh go ndéanfaí cinntí agus beartais chun réitigh a chur ar fáil lena bhféadfar éiceachóras tionsclaíoch a fhorbairt san earnáil cógaisíochta ina dtugtar aird chuí ar an gcothromaíocht idir na leasanna éagsúla atá i gceist; á iarraidh ar an gCoimisiún anailís chúramach a dhéanamh ar na ceachtanna ar cheart iad a fhoghlaim ó na dúshláin a bhaineann le paindéim COVID-19 chun críocha na straitéise cógaisíochta;
2. á mheabhrú go bhfuil sé mar aidhm ag an Aontas Eorpach folláine shaoránaigh AE a áirithiú trí stíleanna maireachtála sláintiúla agus rochtain chothrom agus chóir ar chúram sláinte a chur chun cinn agus cógais leighis atá sábháilte, éifeachtach agus inacmhainne a chur ar an margadh sa mhargadh aonair; á chur i bhfáth gur gá creatfhorálacha todhchaíocha de chuid AE a tharraingt suas maidir le formheas rialála ar chógais, maidir le rochtain orthu agus maidir le dreasachtaí don nuálaíocht, a mbeidh beartais thionsclaíocha láidre ag gabháil leo, agus an tarraingteacht agus rialacha intuartha á meas mar ghnéithe ríthábhachtacha don nuálaíocht, agus chun rochtain ar chógais a éascú d'othair; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún measúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat dreasachta atá ann cheana; á chreidiúint gur cheart go dtacódh straitéis chógaisíochta agus bearta reachtacha an Aontais le forbróirí agus monaróirí an Aontais dul chun cinn eolaíoch a chur chun cinn agus leanúint de bheith iomaíoch ar bhonn domhanda; á mheabhrú gur gá slabhraí táirgeachta laistigh den Aontas a fhorbairt trí chreat rialála atá réasúnach

agus comhoiriúnach a fhorbairt idir na Ballstáit, agus é mar aidhm leis sin córas soláthair leighis a chruthú a chuimseoidh an slabhra táirgthe ina iomláine; á iarraidh ar an gCoimisiún iomaíocht a spreagadh trí chreat rialála iomchuí a chruthú;

3. á chur i bhfáth gur buaileadh tionscal cógaisíochta an Aontais go trom le paidéim COVID-19; ag cur béim láidir ar an spleáchas atá aige ar sholáthairtí; á iarraidh go ndéanfaí bearta fadtéarmacha chun ceannasacht thionsclaíoch an Aontais a chomhdhlúthú, chun í a dhéanamh níos láidre, níos comhtháite, níos bunaithe ar an leibhéal áitiúil agus níos stóinsithe, chun aon suaitheadh sna slabhraí soláthair a sheachaint;
4. á chur i bhfáth, chun spleáchas AE ar sholáthraithe seachtracha a laghdú, chun a áirithiú go bhfuil cógais sábháilte agus chun táirgeadh a dhéanamh iomaíoch san Aontas, gur cosúil gur gá coinníollacha iomchuí agus dreasachtaí airgeadais a chruthú don tionscal, rud a bheidh ina phríomhargóint i gcomhthéacs cinntí chun infheistíocht a dhéanamh i dtáirgeadh comhábhar gníomhach cógaisíochta, i dtáirgeadh ábhar idirmheánach agus i dtáirgeadh drugaí réamhullmhaithe;
5. á chur i bhfios gur iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún, i rún uaithi an 10 Iúil 2020 ar straitéis sláinte poiblí an Aontais don ré i ndiaidh COVID-19<sup>23</sup>, ‘measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag dreasachtaí maoinne intleachtúla ar an nuálaíocht bhithleighis’ agus ‘scrúdú a dhéanamh ar roghanna malartacha iontaofa agus éifeachtacha ar chosaintí eisiacha le haghaidh mhaoiniú T&F leighis, amhail an iliomad uirlisí atá bunaithe ar shásraí dínascála’;
6. ag cur béim láidir ar an ról tábhachtach atá ag infheistíochtaí poiblí in T&F, agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh torthaí T&F a mhaoinítear go poiblí go hiomlán trédhearcach ionas go ráthófar le coinníollacha paitinnithe agus ceadúnaithe go mbeidh sochar ann don tsláinte phoiblí ó infheistíochtaí poiblí;
7. á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach tacú le hiomaíochas agus le cumas nuálach tionscal cógaisíochta an Aontais; á iarraidh, i ndáil leis sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dreasachtaí fioscacha agus airgeadais a thabhairt isteach chun monaróirí a spreagadh chun táirgeadh comhábhar gníomhach agus leigheasra a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don chúram sláinte a athlonnú chuig AE;
8. á mheas, chun ullmhú don chéad ghéarchéim dhomhanda shláinte eile, go bhfuil géarghá le cinntí agus beartais sláinte a mbeidh réitigh mar thoradh orthu lena gcruthófar athléimneacht fhadtéarmach sa tsochaí, agus go háirithe go gcuirfear dearadh éiceachórais thionsclaíoch san earnáil cógaisíochta ina dtugtar aird chuí ar an gcothromaíocht idir na leasanna éagsúla atá i gceist san áireamh go cuí i bhfianaise na n-imthosca; á chreidiúint go gcaithfidh uathriail straitéiseach AE a bheith ina príomhchuspóir agus aghaidh á tabhairt ar an nganntanas cógas chun a áirithiú go mbeidh rochtain níos fearr ag othair orthu; ag tarraingt aird ar Theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2021 dar teideal *Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger single market for Europe’s recovery* [Straitéis Nua Thionsclaíoch 2020 a Nuashonrú: Margadh aonair níos láidre a thógáil do théarnamh na hEorpa]

---

<sup>23</sup> Téacsanna arna nglacadh, P9\_TA(2020)0205.

(COM(2021)0350), ina luaitear go bhfuil AE ag brath go straitéiseach ar thíortha nach bhfuil san Aontas le haghaidh comhábhair chógaisíochta agus táirgí eile a bhaineann leis an tsláinte, rud a d'fhéadfadh é a dhéanamh leochaileach agus difear a dhéanamh dá chroíleasanna, agus go dtabharfar aghaidh sa straitéis chógaisíochta ar na saincheisteanna sin;

9. ag cur béim ar mhórtábhacht na cosanta maoinne intleachtúla san Aontas, mar rud atá bunriachtanach chun a áirithiú nach mbeidh AE ag brath ar thríú tíortha agus chun gcuirfear feabhas ar a uathriail straitéiseach i réimse na gcógas; á chur i bhfáth go ndéantar inrochtaineacht, nuálaíocht agus iomaíochas a chur chun cinn san earnáil le cearta MI agus go bhfeabhsaítear sábháilteacht cógas leighis agus sábháilteacht d'othair leo; á thabhairt dá haire gur cheart cothromaíocht a bhaint amach idir cosaint MI, an nuálaíocht a spreagadh, rochtain ar chógais a áirithiú agus an tsláinte phoiblí a chosaint; á iarraidh go dtreiseofaí ról na mBallstát trí fheabhas a chur ar chumarsáid agus comhar idir institiúidí AE, údarais náisiúnta, gairmithe sláinte, an tionscal agus geallsealbhóirí, d'fhonn cineálacha cur chuige comhroinnta a shainaithint, go háirithe i ndáil leis na dúshlán a bhaineann le paidéim COVID-19;
10. á chur i bhfáth go bhfuil an t-athbhreithniú ar chóras na ndreasachtaí agus na n-oibleagáidí dlíthiúla lena dtacaítear leis an nuálaíocht, le rochtain ar chógais agus le hinacmhainneacht cógas ar fud AE tar éis aitheantas a thabhairt don ghaol atá ann le cearta MI;
11. ag spreagadh neartú ról na mBallstát trí chomhoibriú agus trí fhorbairt dea-chleachtas d'fhonn bunchúiseanna na nganntanas cógas leighis i margaí AE a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu agus, ar an gcaoi sin, dul i ngleic leis na bacainní atá fós ann maidir le rochtain thráthúil agus éifeachtach ar chógais d'othair; á chur i bhfios gur dúshlán i gcónaí í inacmhainneacht cógas leighis do chórais náisiúnta cúraim sláinte; á mheabhrú i ngéarchéimeanna sláinte nó i gcásanna éigeandála, nach leor athruithe a dhéanamh ar an gcóras MI chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais ghearrthéarmacha agus gur cheart nach bhféadfadh ceadúnú éigeantach a bheith ann ach amháin i gcásanna eisceachtúla nuair nach féidir teacht ar réiteach eile agus ina ndealraíonn sé go bhfuil bonn cuí agus gá le ceadúnú éigeantach chun acmhainneacht táirgeachta a mhéadú go héifeachtach;
12. á chur i bhfáth go gcaithfidh scéimeanna ceadúnaithe éigeantaigh a bheith ina gcuid de ghníomhaíocht níos leithne de chuid AE chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na rochtana ar chógais leighis; á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar na himpleachtaí dlíthiúla agus eacnamaíocha a bhaineann le ceadúnais dheonacha agus éigeantacha agus ar a mhéid a d'fhéadfaidís a bheith ina rannchuidiú chun dul i ngleic leis an nganntanas cógas san Aontas;
13. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil rochtain ar chógais fós ag brath ar an bpraghas; ag tathant ar an gCoimisiún oibleagáid a chur ar na Ballstáit níos mó trédhearcachta a áirithiú maidir le faisnéis faoi phraghsanna agus dul i ngleic le saincheist na praghsála straitéisí, nach bhfuil mar chuspóir aici ach brabús eacnamaíoch agus a chuireann othair faoi mhíbhuntáiste;
14. á chur i bhfáth go bhfuil T&F ríthábhachtach chun cógais, teiripí agus diagnóisic

nuálacha a fhorbairt; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá infheistiú agus tacaíocht éascaithe i dtaca le taighde in AE maidir le hearnáil cógaisíochta AE a mbeidh rath uirthi a chruthú agus ceannaire a dhéanamh de AE ar an margadh domhanda ó thaobh feabhas a chur ar chógais atá ann cheana agus cinn nua a fhorbairt, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le méadú ina dhiaidh sin ar líon na bpaitinní arna gcomhdú sna Ballstáit; á chur i bhfáth gur cheart é a bheith mar cheann de na tosaíochtaí cógais a fhorbairt i réimsí nár comhlíonadh riachtanais ach ar bhealach neamhleor iontu nó nár comhlíonadh iad ar chor ar bith nó ina bhfuil an leas tráchtála íseal; á chur i bhfios gur cheart do thaighde poiblí díriú go háirithe ar réimsí lena mbaineann leas tráchtála íseal, amhail cógais dílleachta agus phéidiatraiceacha agus cógais chun frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (AMR) a chóireáil; ag meabhrú ról lárnach na hintleachta saorga i ndáil leis sin mar aon leis an gcumas atá inti mar spreagthóir taighde agus forbartha in earnáil na sláinte agus na cógaisíochta;

15. ag cur béim ar an ról lárnach atá ag taighde eolaíoch AE maidir le táirgí agus cóireálacha cógaisíochta nua a fhorbairt agus ar an tábhacht a bhaineann le gach bacainn nach bhfuil gá léi a bhaint, go háirithe i gcás géarchéim shláinte, chun a chur ar chumas taighdeoirí teacht ar réitigh eolaíoch faoi shrianta ama agus éifeachtúlachta eisceachtúla; ag tacú le gach dreasacht dhlíthiúil chun tionscadail nuálacha T&F a fhorbairt, amhail 'VACCELERATE', agus chun iad a dhéanamh inbhuanaithe san fhadtéarma; ag spreagadh an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar an toradh atá ar Dhíorma Rochtana ar Theicneolaíocht COVID-19 na hEagraíochta Domhanda Sláinte (C-TAP), ó thaobh comhroinnt an oiread eolais agus is féidir ar COVID-19 a bhaineann le teicneolaíocht sláinte a cheadú.
16. ag spreagadh an Choimisiúin gluaiseacht chun cinn le meastóireacht luath ar Rialachán (AE) 2019/933 maidir leis an deimhniú forlíontach cosanta (DFC) le haghaidh táirgí íocshláinte, ionas gur féidir athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht tharscaoileadh DFC i bhfianaise na n-imthosca eisceachtúla le déanaí agus na haidhme machaire comhréidh ar an leibhéal domhanda a athbhunú do dhéantóirí táirgí cineálacha agus bithshamlacha in AE; á chreidiúint gur cheart staidéar a dhéanamh freisin sa mheastóireacht sin ar thionchar na heisceachta i dtaca le cosaint DFC ar thaighde agus ar tháirgeadh cógas nuálach san Aontas ag sealbhóirí deimhnithe agus an chothromaíocht idir na leasanna éagsúla atá i gceist a mheas, go háirithe maidir leis an tsláinte phoiblí, caiteachas poiblí agus, sa chomhthéacs sin, rochtain ar chógais leighis laistigh den Aontas;
17. ag cur béim ar an bhfíoras go mbraitheann lán-teachtadh acmhainn na dteicneolaíochtaí nuálacha nua ar shaothrú cuí sonraí sláinte agus ar rochtain chuí orthu, lena bhfuil dlús a chur le sainathint substaintí gníomhacha ionchasacha agus tacú le cógais nó teiripí nua a fhorbairt; á thabhairt dá haire go bhfuil léirithe cheana ag géarchéim reatha COVID-19 go bhfuil comhroinnt sonraí úsáideach chun dlús a chur le taighde agus chun córais faireachais sláinte poiblí a neartú ar fud AE agus é mar aidhm leis an méid sin beatha daoine a shábháil;
18. á chreidiúint go gcaithfear rochtain shlán agus oscailte ar shonraí sláinte idir-inoibritheacha a mhéadú agus rialacha cosanta sonraí AE á lán-urramú, agus ag spreagadh forbairt ardán chun faireachán a dhéanamh ar shábháilteacht agus éifeachtúlacht vacsaíní tar éis an nós imeachta údaraithe agus chun faisnéis a sholáthar

maidir leis an méid sin;

19. ag tacú go hiomlán leis an togra ón gCoimisiún maidir le plean gníomhaíochta um maoin intleachtúil chun sraith uirlisí MI atá ann cheana a uasghrádú agus iad a chur in oiriúint don ré dhigiteach, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar DFCanna le haghaidh táirgí íocshláinte paitinnithe, i measc nithe eile;
20. ag tarraing aird ar dhifríochtaí i mbailíocht paitinní agus DFCanna sna Ballstáit éagsúla; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá sé an phaitinn aonadach a sheoladh gan mhoill, chun ionad ilfhreastail a chruthú do chosaint agus d'fhorfheidhmiú paitinní ar fud AE agus chun deireadh a chur le hilroinnt mhargadh na bpaitinní agus leis na constaicí a d'fhéadfadh a bheith ann don taighde agus don nuálaíocht;
21. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá iomaíocht thráthúil agus shláintiúil chun rochtain chothrom ar chógais leighis a chur ar fáil; á iarraidh ar an gCoimisiún meastóireacht chúramach a dhéanamh ar na hiarmhairtí iarbhair a bheadh ag aon togra le haghaidh DFC aonadach nó aontaithe ar chógais chineálacha agus bhithshamlacha agus ar rochtain chothrom ag othair ar chóireálacha;
22. á iarraidh ar an gCoimisiún cur i bhfeidhm aonfhoirmeach agus éifeachtúil na gcoinníollacha maidir le réamh-urghairí a dheonú, lena n-áirítear comhréireacht, a áirithiú; á mholadh go gcuirfí an Treoir maidir le Forfheidhmiú MI i bhfeidhm go comhsheasmhach in AE a mhéid a bhaineann le damáistí arna mbronnadh ar chuideachtaí iomaitheora i gcásanna iomaíochas iarphaitinne moillithe;
23. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil ról ríthábhachtach ag MI i méadú agus fás fiontar beag agus meánmhéide (FBManna), a ngearrtar pionós orthu mar gheall ar easpa eolais ar nósanna imeachta agus mar gheall ar easpa poiblíochta nó poiblíocht neamhleor maidir leis na deiseanna atá ann dóibh; á iarraidh go ndéanfaí an córas MI níos éifeachtaí le haghaidh FBManna trí bhearta chun nósanna imeachta um chlárú MI a shimpliú (e.g. athchóiriú ar reachtaíocht AE maidir le dearáí tionsclaíochta), chun feabhas a chur ar rochtain ar chomhairle straitéiseach MI agus chun úsáid MI mar mhodh chun cistiú a rochtain a éascú; á thabhairt chun suntais gur gá níos mó acmhainní a leithdháileadh ar leibhéal AE ar an gcomhrac in aghaidh cleachtais éagóracha agus mhí-úsáideacha sa mhargadh le haghaidh cógas; á chur i bhfáth, i ndáil leis sin, gur gá línte nua cistiúcháin a chruthú chun tacú le hiarrachtaí gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna i réimse na biteicneolaíochta leighis;
24. á chur in iúl gur geal léi an tionscnamh treoirhionscadal a sheoladh lena bhféachtar le tástáil a dhéanamh ar na creatfhorálacha maidir le tásca nua do chógais iarphaitinne agus ar an mbunús le haghaidh gníomhaíocht rialála a d'fhéadfadh a bheith ann; á chur i bhfáth, i ndáil leis sin, a riachtanaí agus a thábhachtaí atá ionchur agus rannpháirtíocht an tionscail agus an lucht léinn;
25. á mheabhrú gur ríthábhachtach an rud é leanúint ar aghaidh ag forbairt, ag feabhsú agus ag nuashonrú chreataí AE le haghaidh MI chun a áirithiú gur féidir smaointe agus fionnachtana a fhorbairt go héifeachtach agus a thabhairt chun an mhargaidh, go háirithe ar pháirt FBManna agus le haghaidh FBManna; ag cur béim ar a thábhachtaí atá córas cosanta MI agus rún ceirde atá stóinsithe, éifeachtúil agus cothrom, mar aon leis an ngá atá le straitéis chomhleanúnach fhoriomlán lena n-áiríteofar cosaint na

nuálaíochta agus rochtain chothrom uirthi; á iarraidh ar an gCoimisiún na modhanna ar fad atá ar fáil dó a úsáid chun cosc a chur ar tháirgí góchumtha dul isteach sa mhargadh ionas go gcosnófar sealbhóirí chearta MI agus saoránaigh AE, ós rud é go mbíonn táirgí den sórt sin ar cháilíocht íseal go minic agus contúirteach don tsláinte, agus go mbíonn mórtionchar eacnamaíoch acu, a meastar gurb ionann é agus caillteanas de EUR 10 mbilliún ar a laghad do thionscal cógaisíochta an Aontais agus 37 000 post; á thabhairt dá haire gur gá cúnaimh teicniúil do na Ballstáit chun an Córas Eorpach um Fhíorú Leigheasra a chur chun feidhme go cuí; á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go mbainfear úsáid chliste as MI agus go ndéanfar comhrac níos fearr ar ghoid MI, ós rud é go bhfuil beartais chliste sa réimse sin bunriachtanach chun cabhrú le cuideachtaí fás, poist a chruthú agus cosaint agus forbairt a dhéanamh ar na nithe sin atá uathúil agus iomaíoch fúthu;

26. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil na Ballstáit chomh mealltach céanna agus tíortha eile ó thaobh an taighde agus na forbartha san earnáil cógaisíochta de; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart do AE díriú ar acmhainneachtaí táirgeachta leormhaithe a fhorbairt le haghaidh substaintí gníomhacha, amhábhhar agus táirgí íocshláinte, trína mbeifear in ann spleáchas ar fhoinní seachtracha a laghdú; á mheabhrú gur gá táirgeadh na gcógas is riachtanaí a thabhairt ar ais go dtí AE; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún tosaíocht a thabhairt do tháirgeadh cógaisíochta vacsaíní laistigh den Aontas agus go mbeadh na Ballstáit in ann conarthaí poiblí a thabhairt i gcrích le saotharlanna cógaisíochta éagsúla AE a tháirgeann vacsaíní chun ganntanais dáileog a sheachaint agus sábháilteacht na ndaoine in AE a áirithiú le linn géarchéime; ag spreagadh shimpliú na nósanna imeachta agus laghdú na n-ualaí chun forbairt táirgí nua don mhargadh a chothú; á iarraidh go ndéanfaí bearta chun feabhas a chur ar na hidirghníomhaíochtaí idir oibríochtaí feadh an tslabhra luacha iomláin agus chun infheistíocht straitéiseach a ghiniúint i dtaighde, i bhforbairt, i monaraíocht agus i ndáileadh cógas agus feistí leighis laistigh den Aontas;
27. á chur i bhfáth gur saothar costasach, ardriosca é infheistiú i dtaighde agus forbairt; á chur i bhfios go láidir gurb é atá mar aidhm le paitinní ná ráthaíocht áirithe a sholáthar go mbeadh ann do thoradh ar infheistíocht, ach go bhfuil an córas paitinne deartha freisin chun leasanna aireagóirí a chothromú le leasanna an phobail; á athdhearbhú, dá bhrí sin, gur gá do chuideachtaí cógaisíochta cearta MI a bheith acu agus, dá réir sin, gur gá dóibh paitinní a bheith acu chun brabúis a bhaint amach agus leanúint den nuálaíocht, ar mhaithe le tomhaltóirí agus othair freisin;
28. á chur i bhfáth gur annamh a thugtar trialacha drugaí cliniciúla T&F chun críche go rathúil agus, dá bhrí sin, nach mbíonn formheas deiridh ann do dhrugaí mar gheall ar T&F;
29. á chur i bhfios go láidir go bhfuil na córais paitinní ar fud an domhain deartha ar bhealach ina gceadaítear don aireagóir, ar feadh tréimhse áirithe ama, agus díreach ar feadh ré na paitinne, a phaitinn a shaothrú, agus ina dhiaidh sin, gur féidir le duine ar bith an t-aireagán a shaothrú gan bhac;
30. á thabhairt dá haire, gurb iad FBManna a spreagann nuálaíochtaí radacacha san earnáil cógaisíochta an chuid is mó den am; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé creataí iomchuí dlíthiúla agus oibríochtúla a chruthú lena gceadaítear don tionscal lúfaireacht agus solúbthacht a bheith aige ionas gur féidir stoic a athshlánú go pras bunaithe ar



riachtanais na n-othar i ngach tír agus trí straitéisí soláthair réigiúnacha a úsáid, agus á chur i bhfáth gur gá réitigh rialála a bhunú chun straitéisí táirgthe agus dáileacháin atá solúbtha agus inscálaithe a éascú; á thabhairt chun suntais gur gá idirphlé a sheoladh leis an tionscal chun réitigh indéanta a aimsiú lena méadófar a acmhainneacht chomhpháirteach ganntanais a chosc; á iarraidh ar an gCoimisiún ardán digiteach a fhorbairt, ar an gcostas is ísle is féidir, mar phointe teagmhála idir na Ballstáit a chuireann faisnéis ar fáil agus a áirithíonn cumarsáid agus soláthar comhairle do na Ballstáit ionas gur féidir leo a bheith rannpháirteach i dtionscadail nuálaíochta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais; á iarraidh, i ndáil leis sin, ar na Ballstáit a gcleachtas a chomhroinnt chun an nuálaíocht a chur chun cinn;

31. ag cur béim, ar deireadh, ar a thábhachtaí atá saoirse chonarthaigh do chuideachtaí AE in earnálacha straitéiseacha amhail an earnáil cógaisíochta, i réimsí an cheadúnúcháin agus i gcosaint agus i bhforfheidhmiú éifeachtach agus cothrom chearta MI, lena n-áirítear i tíortha nach bhfuil san Aontas ina n-oibríonn siad; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta agus uirlisí nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun na críche sin agus feabhas a chur ar na cinn atá ann cheana, amhail an Deasc Chabhrach um Chearta Maoine Intleachtúla do FBManna; á iarraidh ar an gCoimisiún rochtain éasca a thabhairt don phobal ar na coinníollacha lena rialaítear an córas paitinní agus ceadúnaithe agus faisnéis a chur ar fáil maidir le trialacha clínicíúla agus réamhchlínicíúla agus maidir le ranníocaíochtaí poiblí agus príobháideacha;
32. á mholadh don Choimisiún breathnú go cúramach ar an margadh cógaisíochta agus ar chosaint sonraí cógaisíochta, go háirithe d'fhonn feabhas a chur ar rochtain ar chórais chineálacha agus bhithshamhlacha, lena dtairgtear cóireálacha inacmhainne do líon mór othar agus lena mbaintear amach coigiltis ar chaiteachas cúraim sláinte trí éifeacht dhearfach na hiomaíochta ar phraghsanna; á chur i bhfios gur minic gur cuideachtaí réigiúnacha iad táirgeoirí cógas cineálach, a bhfuil níos lú athléimneachta acu i dtaobh fadhbanna soláthair agus suaitheadh sa mhargadh; ag tathant ar an gCoimisiún réitigh dhlíthiúla a chur chun cinn lena gcothaítear an t-iomaíochas i réimse tháirgeadh an leighis chineálaigh, agus cothroimaíocht dhlíthiúil iomchuí á coinneáil idir cógais chineálacha agus nuálacha; ag tacú le hiomaíocht chineálach agus bhithshamhlach níos mó in éineacht le sásra iomchuí um chosaint an mhargaidh; á chur i bhfáth, maidir le díolúine Bolar, mar a thugtar uirthi, lena gceadaítear trialacha a sheoladh ar tháirgí paitinnithe chun tacú le hiarratais ar údarú margaíochta i dtaca le táirgí cineálacha agus bithshamhlacha gan iad a bheith á meas mar sháruithe ar chearta paitinne nó DFCanna le haghaidh táirgí íocshláinte, nach féidir athbhreithniú féideartha uirthi a bheith ann go dtí go mbeidh measúnú tionchair cuimsitheach déanta;
33. á mheabhrú don Choimisiún go bhfuil sé de chumhacht ag na Ballstáit a dtosaíochtaí féin a leagan síos maidir le próisis nuálacha i dtaca le hantaibheathaigh nua a mhonarú; á thabhairt dá haire gur gá rochtain ar antaibheathaigh nua a éascú agus rochtain ar na sean-chinn á caomhnú;
34. á thabhairt dá haire go bhfuil an nuálaíocht ag dul i bhfad níos faide ná an reachtaíocht; á iarraidh ar an gCoimisiún leibhéal solúbthachta rialála a thabhairt isteach ionas go mbeifear in ann freagairt ar bhealach níos gasta agus níos éifeachtaí do riachtanais nua an mhargaidh agus d'éileamh ar tháirgí;



35. á thabhairt chun suntais, ar deireadh, a rithábhachtaí atá sé labhairt le ‘guth láidir AE’ ar an ardán domhanda.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>Dáta an ghlactha</b>	13.7.2021
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: 14 -: 2 0: 8
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Pascal Arimont, Gunnar Beck, Geoffroy Didier, Pascal Durand, Angel Dzhambazki, Ibán García Del Blanco, Esteban González Pons, Mislav Kolakušić, Sergey Lagodinsky, Gilles Lebreton, Karen Melchior, Jiří Pospíšil, Franco Roberti, Marcos Ros Sempere, Stéphane Séjourné, Raffaele Stancanelli, Adrián Vázquez Lázara, Axel Voss, Marion Walsmann, Tiemo Wölken, Javier Zarzalejos
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Alessandra Basso, Brando Benifei, Patrick Breyer, Jorge Buxadé Villalba, Andrzej Halicki, Emmanuel Maurel, Luisa Regimenti, Yana Toom, Bettina Vollath
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Gwendoline Delbos-Corfield

**TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR**

14	+
ECR	Angel Dzhambazki, Raffaele Stancanelli
ID	Alessandra Basso, Gilles Lebreton
PPE	Pascal Arimont, Geoffroy Didier, Esteban González Pons, Jiří Pospíšil, Luisa Regimenti, Marion Walsmann, Javier Zarzalejos
Renew	Stéphane Séjourné, Yana Toom, Adrián Vázquez Lázara

2	-
ID	Gunnar Beck
The Left	Emmanuel Maurel

8	0
Renew	Pascal Durand
S&D	Ibán García Del Blanco, Franco Roberti, Marcos Ros Sempere, Bettina Vollath, Tiemo Wölken
Verts/ALE	Gwendoline Delbos-Corfield, Sergey Lagodinsky

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

<b>Dáta an ghlaetha</b>	12.10/2021 (oiriúnaithe)
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: 62 -: 8 0: 8
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Nikos Androulakis, Bartosz Arłukowicz, Margrete Auken, Simona Baldassarre, Marek Paweł Balt, Traian Băsescu, Aurélie Beigneux, Monika Beňová, Sergio Berlato, Alexander Bernhuber, Simona Bonafè, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Esther de Lange, Christian Doleschal, Bas Eickhout, Cyrus Engerer, Agnès Evren, Pietro Fiocchi, Catherine Griset, Jytte Guteland, Teuvo Hakkarainen, Anja Hazekamp, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Yannick Jadot, Adam Jarubas, Petros Kokkalis, Athanasios Konstantinou, Ewa Kopacz, Peter Liese, Sylvia Limmer, Javi López, César Luena, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Joëlle Mélin, Tilly Metz, Giuseppe Milazzo, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Ville Niinistö, Ljudmila Novak, Grace O’Sullivan, Jutta Paulus, Stanislav Polčák, Jessica Polfjård, Luisa Regimenti, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Sándor Rónai, Rob Rooken, Silvia Sardone, Christine Schneider, Günther Sidl, Linea Sogaard-Lidell, Nicolae Ștefănuță, Nils Torvalds, Edina Tóth, Véronique Trillet-Lenoir, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Pernille Weiss, Emma Wiesner, Tiemo Wölken, Anna Zalewska
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Kateřina Konečná, Danilo Oscar Lancini, Dace Melbārde, João Pimenta Lopes, Manuela Ripa, Susana Solís Pérez, Róza Thun und Hohenstein

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH SA CHOISTE FREAGRACH

62	+
ID	Simona Baldassarre, Danilo Oscar Lancini, Silvia Sardone
NI	Athanasios Konstantinou, Edina Tóth
PPE	Bartosz Arłukowicz, Traian Băsescu, Alexander Bernhuber, Nathalie Colin-Oesterlé, Christian Doleschal, Agnès Evren, Adam Jarubas, Ewa Kopacz, Esther de Lange, Peter Liese, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Dolores Montserrat, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Jessica Polfjård, Luisa Regimenti, Christine Schneider, Róza Thun und Hohenstein, Pernille Weiss
Renew	Pascal Canfin, Martin Hojsík, Jan Huitema, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Susana Solís Pérez, Nicolae Ștefănuță, Linea Sogaard-Lidell, Nils Torvalds, Véronique Trillet-Lenoir, Emma Wiesner
S&D	Nikos Androulakis, Marek Paweł Balt, Monika Beňová, Simona Bonafè, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Cyrus Engerer, Jytte Guteland, Javi López, César Luena, Alessandra Moretti, Sándor Rónai, Günther Sidl, Petar Vitanov, Tiemo Wölken
The Left	Petros Kokkalis
Verts/ALE	Margrete Auken, Bas Eickhout, Pär Holmgren, Yannick Jadot, Tilly Metz, Ville Niinistö, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus, Manuela Ripa

8	-
ID	Aurélia Beigneux, Catherine Griset, Sylvia Limmer, Joëlle Mélin
The Left	Anja Hazekamp, Kateřina Konečná, Silvia Modig, João Pimenta Lopes

8	0
ECR	Sergio Berlato, Pietro Focchi, Dace Melbārde, Giuseppe Milazzo, Rob Rooken, Alexandr Vondra, Anna Zalewska
ID	Teuvo Hakkarainen

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh